
# Tuarascáil Bhliantúil
2024



Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

# Clár

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach 2

Maidir le QQI 5

Fís, Misean agus Luachanna 6

QQI in Uimhreacha 8

Ár gCuid Oibre i QQI 10

An Struchtúr Rialachais 63

Gnóthaí Corparáideacha 68

Bainistíocht Riosca 69

Aguisíní 74

Gluais Acrainmneacha a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil 75

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



**An tOllamh Irene Sheridan,**
Cathaoirleach QQI



**An Dr. Padraig Walsh,**
Príomhfheidhmeannach QQI,

In QQI, táimid tiomanta d'oibriú go dlúth lenár sraith éagsúil comhpháirtithe agus soláthraithe chun deiseanna breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta a chinntiú. Gheofar san tuarascáil bhliantúil seo achoimre ar ár gcuid oibre in 2024, an bhliain deiridh den tréimhse a chlúdaítear i gceathrú ráiteas straitéise QQI - 2022-2024.

I mí Feabhra, d'óstáil QQI cuairt suímh ó phainéal a bhí roghnaithe ag an gCumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (ENQA) chun measúnú a dhéanamh ar cibé ar chomhlíon QQI na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG). Is gá comhlíonadh an ESG a mheas gach cúig bliana. Tar éis thuarascáil an phainéil, measadh go raibh QQI ag cloí go substaintiúil leis an ESG agus choinnigh sé a bhallraíocht in ENQA. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Chláir Eorpaigh um





Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas (EQAR) ina dhiaidh sin agus i mí Iúil, dheimhnigh EQAR athliostú QQI ar an gclár.

I mí Aibreáin, d'fhoilsigh QQI tuarascáil i ndiaidh ár gcomhdhála i mí na Samhna 2023 ag ar ceiliúradh Cothrom Fiche Bliain ó Bunaíodh Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC).

Bhí áthas ar QQI a bheith san áireamh arís i measc na 100 Cuideachta is Fearr ó thaobh na Folláine de chuid IBEC. Ina theannta sin, roghnaíodh QQI ag searmanas i mí Aibreáin mar bhuaiteoir ghradam KeepWell Mark™ do Chuideachta na Bliana (FBM).

I mí na Bealtaine, bhí áthas ar QQI an 5ú Ócáid Dhébhliantúil domhanda um Bailíochtú ar Fhoghlaim Roimh Ré (VPL) – *People, Validation and Power: Democracy in Action (Daoine, Bailíochtú agus Cumhacht: An Daonlathas i mbun Gnímh) a óstáil in Eastát Lyrath, Cill Chainnigh.* D'fhreastail níos mó ná 370 toscaire ó 31 tír ar chúig mhór-roinn ar an ócáid.

Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tUasal Patrick O'Donovan, T.D., Marc TrustEd Ireland QQI i mí Mheán Fómhair tar éis dó na rialacháin ábhartha a shíniú chun an próiseas dícheall chuí a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar sholáthraithe atá ag lorg an mhairc agus chun cead a thabhairt d'oscailt an chiste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí.

I mí na Samhna, reáchtáil QQI an dara comhdháil dhébhliantúil dár gcuid in Ionad Comhdhála Ríoga Bhaile Átha Cliath faoin téama *Leading and Learning in a Changing Landscape (Ceannaireacht agus Foghlaim i dTírdhreach atá ag Athrú).* Bhaineamar úsáid as an gcomhdháil mar dheis chun an cúigiú *Ráiteas Straitéise QQI 2025-2027 a sheoladh – Ag tabhairt aire do leasanna foghlaimeoirí.*

Tháinig deireadh le timthriall reatha athbhreithnithe CINNTE ar institiúidí ardoideachais phoiblí na hÉireann i rith na bliana agus cuireadh síneadh le próiseas CINNTE i bhfeidhm ar na ceithre sholáthraí phríobháideacha ardoideachais is mó i gcás dámhachtainí QQI.

Lean an méadú ar dheimhniú foghlaimeoirí QQI ar aghaidh in 2024 agus bhronn QQI 212,312 dámhachtain ar fhoghlaimeoirí (suas 9% ar 2023).





# Maidir le QQI

Bunaíodh Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012. Is gníomhaireacht stáit é, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird.

Táimid freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach a dhéanamh ar chúrsaí breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna in Éirinn. Déanaimid cláir a bhailíochtú, dámhachtainí a bhronnadh agus is muidne atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, cuirimid an pobal ar an eolas maidir le cáilíocht chláir agus cháilíochtaí oideachais agus oiliúna, agus cuirimid comhairle ar an Aire maidir le beartas náisiúnta i dtaobh dearbhú cáilíochta agus breisiú an oideachais agus na hoiliúna.

Tá geallsealbhóirí againn i ngach earnáil oideachais agus oiliúna: foghlaimeoirí, soláthraithe, fostóirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus forais mhaoiniúcháin, forais rialála, forais ghairmiúla, forais cháiliúcháin, an earnáil pobail agus deonach, forais ionadacha;  agus forais idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2024**

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA

## ÁR BHFÍS

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina dtairgtear deiseanna éagsúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán, a chuireann ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach trí cháilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan sa bhaile agus i gcéin a bhaint amach.

## ÁR MISEAN

Cothaímid muinín an phobail as cáilíocht, ionracas agus dea-cháil soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais na hÉireann agus soláthraímid faisnéis údarásach ar an raon éagsúil cáilíochtaí atá san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## ÁR LUACHANNA

Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléire.

Creidimid go bhfuil freagracht i bpáirt againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gur fearr an tslí lenár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí a bhaint amach cur chuige sainchomhairle, comhoibríoch agus cuimsitheach a ghlacadh lenár gcomhpháirtithe agus soláthraithe éagsúla. Is mór againn comhpháirtíochtaí ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid meas a léiriú ar oibiachtúlacht, trédhearcacht agus inbhuanaitheacht inár gcuid oibre. Is é sin an bonn lenár gcinnteoireacht agus lenár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí. Tá siad seo bunaithe ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá siad údarásach agus seoltar iad ar shlí ionraic atá trédhearcach agus trína gcothaítear muinín.

Geallaimid difríocht a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bpobail. Is mór againn an fhaisnéis, an léargas agus an tionchar -- an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibriúcháin.

Is eagraíocht muid atá ag foghlaim. Táimid tiomanta don nuáil agus don sármhaitheas.



# QQI IN UIMHREACHA

## Bailíochtú

**405 Iarratas FET/BOO**

357 Bailíochtú Clár Nua (difreáil san áireamh), 20 athbhailíochtú, 13 shíneadh le bailíochtú, 15 dhiúltú

**199 Iarratas AO**

47 Bailíochtú Clár Nua, 76 athbhailíochtú cláir, 72 shíneadh le bailíochtú, 4 dhiúltú

**Printíseachtaí**

2 Bhailíochtú Clár Nua Printíseachta, 21 Athbhailíochtú Cláir (16 curtha isteach chuig SOLAS)

## Foghlaimeoirí QQI in 2024

**212,312 dámhachtain,**

méadú 9% ar 2023

**6,622 tairiscint CAO**

do shealbhóirí dámhachtainí QQI (méadú 12.4% ar 2023)

## Próiseas Athbhunaithe Caidrimh

**28 Soláthraí AO**

gnásanna dearbhaithe cáilíochta ceadaithe ag QQI

**109 soláthraí BO**

gnásanna dearbhaithe cáilíochta ceadaithe ag QQI

**1ú creidiúnú Infheisteoirí san Éagsúlacht**

Bronnadh a chéad chreidiúnú Infheisteoirí san Éagsúlacht (Cré-umha) ar QQI

**11 Chruinniú Idirphlé Cáilíochta**

le hinstitiúidí AO

## An tIonad Náisiúnta Faisnéise d'Aithint Acadúil (NARIC)

**115,579**

féachaint ar leathanach ar bhunachar sonraí NARIC Ireland: (méadú 4% ar 2023)

**1,927**

ceist agus iarratas chuig bosca poist NARIC

**37,385**

ráiteas inchomparáideachta íoslódáilte: (méadú 4.5% ar 2023)

**3,109**

ceist agus iarratas chuig seirbhís foirme ar líne CRM

**130**

as 160 tír inar úsáideadh seirbhís ar líne NARIC Ireland um bainistiú na seirbhíse do chustaiméirí

**1,200**

glao gutháin ar NARIC Ireland

**6,236**

ceist san iomlán ar fhoireann NARIC Ireland in 2024

## Na Meáin Shóisialta

**5,412 leantóir**

Méadú 41.7% ar 2023

**12,471 leantóir**

1,566 leantóirí nua (méadú 14.4% ar 2023

1.7% de mhéadú ar rannpháirtíocht ar 2023

312,897 imprisean (laghdú 5.6% ar 2023)

6%: an ráta rannpháirtíochta in aghaidh an imprisin

**536 leantóirí**

(laghdú 45.7%)

30% de mhéadú ar rannpháirtíocht ar 2023

43,349 imprisean (méadú 23.8%)

**732 síntiús**

(méadú 149)

Amhairc ar fhíseán: 31,533

Imprisin: 141,969

Ráta imprisin chliceáil tríd 3.8%

# Ár gCuid Oibre i QQI

**ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA**

## Tosaíocht 1 #faisnéis - faisnéis agus deiseanna níos fearr d'fhoghlaimeoirí

Cuirfimid faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil ar bhealaí forchéimnithe do lucht fágála na scoile agus dóibh siúd go léir atá ag lorg deiseanna foghlama ar fud agus idir institiúidí éagsúla sa bhreisoideachas agus san ardoideachas trí uasghrádú a dhéanamh ar ardáin agus ar sheirbhísí faisnéise cáilíochtaí QQI.

### Figiúirí do ghníomhaíocht deimhniúcháin

In 2024, fuair 138,446 foghlaimeoir dámhachtain de chuid QQI, méadú 10% ar fhigiúirí 2023.

Athróidh obair fhorbartha a críochnaíodh in 2024 chun tuairisciú staitistiúil feabhsaithe ar shonraí deimhniúcháin QQI a éascú an tslí a dtuairisceofar sonraí dámhachtana feasta. Faoin mhodheolaíocht tuairiscithe roimhe seo, níor áiríodh dámhachtainí beaga a chuir le dámhachtain mhór a baineadh amach sa bhliain féilire chéanna i dtuairisciú ar líon na ndeimhniúchán. Áireofar sonraí ar na dámhachtainí uile a rinneadh i dtuairisciú staitistiúil amach anseo ar dheimhniú dámhachtainí QQI.

Ar mhaithe le comparáid, ina n-úsáidtear an mhodheolaíocht tuairiscithe stairiúil, rinne QQI 212,312 dámhachtain* in 2024, arb ionann é agus méadú 9% ar na figiúirí a tuairiscíodh in 2023. Faoin mhodheolaíocht nua, seo a leanas líon na ndámhachtainí do 2024:

Tábla 1: Figiúirí do Ghníomhaíocht Deimhniúcháin

| Earnáil Dámhachtana | Mórdhámhachtain | Miondámhachtain | Sainchuspóra | Forlíonta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| FET/BOO | 29,626 (+2.0%) | 354,624 (+4.7%) | 29,725 (+15.6%) | 117 (-4.9%) | **414,092** (+5.2%) |
| AO | 10,626 (+6.6) | 660 (-4.6%) | 2,475 (+7.3%) | - | **13,761** (+6.1%) |
| Iomlán | **40,252** (+3.2%) | **355,284** (+4.7%) | **32,200** (+14.9%) | **117** (-4.9%) | **427,853** (+5.3%) |

(Léiríonn na sonraí idir lúibíní an t-athrú céatadáin ón bhfigiúr coibhéiseach do 2023)

**Léiríonn na sonraí seo líon na ndeimhniúchán a taifeadadh tar éis thréimhse dheimhniúcháin mhí na Nollag 2024. D'fhéadfadh athruithe beaga a bheith i gceist sna figiúirí a dhéanfar i dtréimhsí deimhniúcháin ina dhiaidh sin (e.g. mar thoradh ar achomhairc foghlaimeoirí).*





### Fíorú Cáilíochtaí

Bhí an-tóir ar an tseirbhís seo i gcónaí in 2024. Bíonn cúiseanna éagsúla le hiarrataí mar seo; áirítear leo cruthúnas cáilíochtaí d'fhostóirí, seirbhísí meastóireachta oideachais, iarratais ar choláistí agus riachtanais chónaitheacha i dtíortha eile. In 2024, d'fhreagair QQI 2,500 iarratas ó shealbhóirí dámhachtainí a rinne QQI agus a fhorais cháiliúcháin oidhreachta.

### Seirbhís Athsholáthair Teastais

Próiseáladh 464 iarratas ar dheimhnithe athsholáthair in 2024. Is ionann seo agus méadú 18% ar na figiúirí a tuairiscíodh in 2023. Tugadh an tseirbhís isteach in 2019 agus tá líon na n-iarratas ag méadú i gcónaí bliain ar bhliain.

### Rochtain ar an ardoideachas trí dhámhachtainí QQI

Is bealach seanbhunaithe í an Scéim Naisc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí QQI chun rochtain a fháil ar chláir oideachais tríú leibhéal. Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun a chur ar chumas institiúidí tríú leibhéal tairiscintí a dhéanamh do shealbhóirí dámhachtainí QQI.

In 2024, rinneadh 6,622 tairiscint bunaithe ar scór Breisoideachais QQI. Is méadú 12.4% é seo ar fhigiúirí 2023. Fuarthas 3,642 glacadh bunaithe ar scóir BO QQI. Ba mhéadú 15.4% é seo ar fhigiúirí 2023.

### Anailís ar Shonraí Deimhnithe an QQI don bhliain 2023

I mí Feabhra 2024, d'fhoilsigh QQI Sonraí agus Anailís Deimhniúcháin QQI 2023. Soláthraíonn an anailís seo, a foilsíodh go bliantúil ó 2018 i leith, faisnéis ar dhámhachtainí QQI a bronnadh in 2023 de réir leibhéal an Chreata, aicme dámhachtana, réimse foghlama, cineál an tsoláthraí agus próifíl foghlaimeora do sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna (FET/BOO) agus ardoideachais (AO).

### Ó bhreisoideachas agus oiliúint go hardoideachas: feidhmíocht iarrthóirí CAO a bhfuil dámhachtainí QQI FET/BOO acu

Soláthraítear san anailís seo, a chuirtear i láthair i bhfoirm phainéal idirghníomhach, sonraí agus treochtaí maidir le cohórt ar leith d'fhoghlaimeoirí FET/BOO QQI a bhain mórdhámhachtain Leibhéal 5 nó 6 amach ar ócáid amháin agus a rinne iarratas ar an bPríomhoifig Iarratais sa bhliain acadúil chéanna. Ó 2018 agus 2024 na sonraí a úsáideadh san anailís.

### An tIonad Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil (NARIC Ireland) 2024

Óstálann QQI NARIC Ireland, an Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil, a sholáthraíonn seirbhís ar líne saor in aisce a thacaíonn le haitheantas cáilíochtaí acadúla coigríche trí chomparáid, nuair is féidir, le dámhachtainí móra ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá NARIC Ireland mar chuid de líonra domhanda ENIC NARIC d'ionaid aitheantais cáilíochtaí. Glacann NARIC Ireland páirt freisin i bPróiseas Bologna (Piarghrúpa Téamach B: Aitheantas), trína neartaítear socruithe uathoibríocha aitheantais fhrithpháirtigh agus ina n-oibrítear leis na hinstitiúidí inniúla cuí atá freagrach as aitheantas cáilíochtaí, cáilíochtaí páirteacha agus tréimhsí foghlama de chuid dídeanaithe, daoine easáitithe agus imirceach. Tacaíonn QQI le soghluaisteacht agus aitheantas ar fud Limistéar Eorpach an Ardoideachais, chun críocha fostaíochta go náisiúnta agus do dhaoine aonair a bhfuil cáilíochtaí Éireannacha acu atá ag taisteal ar fud an domhain.

Le linn tréimhse chúig bliana, tá méadú os cionn 24% tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí NARIC, rud a léiríonn méadú ar shoghluaisteacht agus margadh saothair cáilithe atá ag éirí níos éagsúla. Dá réir sin, liostaíodh i mbunachar sonraí NARIC 1,840 ráiteas inchomparáideachta le haghaidh teideal nua dámhachtana, méadú 149 ar 2023. Tá an treoir maidir le húsáid na seirbhísí foilsithe i ndeich dteanga. Cé go bhfanann patrún foriomlán tráchta an láithreáin ghréasáin agus íoslódálacha ráiteas inchomparáideachta comhsheasmhach bliain ar bhliain, tá méadú 4% bliain ar bhliain ar a líon agus is ón mBrasaíl, ón India, ón Úcráin, ón Spáinn agus ón Ríocht Aontaithe a thagann an príomhéileamh. Deimhníonn taighde a rinneadh lenár raon úsáideoirí seirbhíse a inúsáide atá an cur chuige maidir le hinfhaighteacht an ráitis inchomparáideachta neamhcheangailtigh.

Ceanglaíonn méadú 13% ó 2023 ar cheisteanna aonair trí ríomhphost agus teileafón, a bhainistítear le hardán CRM ar líne, sinn leis an raon tairbhithe seirbhíse agus cuireann sé eolas ar fáil d'fhorbairt na seirbhíse.








## CÁS-STAIDÉAR (I)
## FOILSEACHÁN TABLEAU NARIC

In 2024, ullmhaíodh léirshamhlú idirghníomhach nua de mhéadrachtaí láithreáin ghréasáin ó bhunachar sonraí NARIC Ireland lena fhoilsiú ar shuíomh gréasáin QQI. Áirítear sna híomhánna faisnéis faoi thír thionscnaimh daoine aonair a úsáideann an tseirbhís agus na cáilíochtaí is mó a dtugtar cuairt orthu.

Cabhraíonn tuiscint níos fearr ar an éileamh linn ár seirbhís a threorú go straitéiseach agus is féidir leis tacú le comhtháthú níos láidre ar ár rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus seirbhísí beartais rialtais eile. D'oibrigh NARIC Ireland le comhghleacaithe saineolaithe ar fud QQI chun sonraí a fhorbairt agus a fhoilsiú i mBéarla trí 'Tableau' chun treochtaí úsáide agus comhpháirtithe aitheantais a n-oibreoimid níos dlúithe leo amach anseo a aithint. Le himeacht ama, cabhróidh ár sonraí Tableau le húsáideoirí treochtaí a thuiscint agus a léirmhíniú, mar shampla i leibhéil agus i gcineálacha cáilíochtaí, agus san ullmhúchán a dhéanann daoine sula dtaistealaíonn siad ó Éirinn thar lear agus ó thar lear go hÉirinn.

Seo a leanas na réimsí a áiríodh i gcur i láthair Tableau don bhliain 2023:

- Líon iomlán na n-amharc: líon na leathanach gréasáin a d'fhéach úsáideoirí orthu de réir mór-roinne agus tíre.
- An bunús ('tír sprice') as a dtagann an cháilíocht.
- An suíomh ('ón tír') as ar íoslódáladh an ráiteas inchomparáideachta.




**Fíor 1: Céatadán de réir Tíre do líon na n-íoslódálacha CS do 2024 (Príomh-íoslódálacha AE agus Neamh-AE le chéile)**

Tá staitisticí NARIC Ireland 2023 agus 2024 maidir le haitheantas cáilíochtaí eachtracha foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI.

### Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar shuíomh nua Qualifax, feachtas cur chun cinn agus doiciméid treorach a fhorbairt

I ndiaidh athfhorbairt fhairsing in 2023, leanadh leis an obair chothabhála le linn 2024, agus rinneadh feabhsuithe beaga ar an suíomh nua.

Rinneadh suirbhéanna ar ghairmchomhairleoirí agus ar úsáideoirí ginearálta Qualifax in 2024, agus úsáidfear na torthaí chun cabhrú le feidhmiúlacht chuardaigh ar shuíomh gréasáin Qualifax a shruthlíniú agus a fheabhsú.

### An chéad chéim eile d'fhorbairt Chlár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) a sheoladh, lena n-áirítear faisnéis TrustEd Ireland (IEM roimhe seo), micri-dhintiúir agus naisc chuig na bunachair shonraí Eorpacha a fhoilsiú.

Tá an IRQ ag feidhmiú ó 2020 agus liostaítear ann anois breis is 12,000 cáilíocht agus breis is 14,000 clár atá san áireamh sa CNC do 222 soláthraí.. Rinne na Forais Cháiliúcháin Ainmnithe (DABanna) go léir uaslódálacha chuig IRQ, ag cinntiú go leanann an fhaisnéis faoi chláir agus faoi dhámhachtainí de bheith cothrom le dáta agus cruinn.

I mí Iúil 2024, d'fhoilsigh QQI i gcomhar le hIonad Náisiúnta Europass na hÉireann (NEC) agus Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF-NCP), sonraí IRQ do chláir ardoideachais chuig Clár Tacar Sonraí Cáilíochta (QDR) a d'fhág go bhfuil an fhaisnéis seo ar roghanna ardoideachais infheicthe ar leibhéal AE. Tá comhoibriú na FCLanna ríthábhachtach fós leis an dá bhunachar sonraí seo a phobalú.

### Ceardlanna Úsáideoirí Deiridh IRQ

Reáchtáil QQI cúig cheardlann d'úsáideoirí deiridh IRQ i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2024. In dhá cheann de na ceardlanna seo, bhí 20 ionadaí ó bheagnach gach DAB a bhí páirteach in uaslódáil sonraí chuig an IRQ rannpháirteach iontu. Chumasaigh na ceardlanna seo d'ionadaithe DAB léargais luachmhara a chomhroinnt ar a dtaithí agus a n-eolas ar phróiseas uaslódála IRQ agus conas is féidir é a fheabhsú. Bhí trí cheardlann ann freisin le húsáideoirí deiridh ionchasacha IRQ inar cuimsíodh iontrálacha, rochtain agus Aitheantas Réamhfhoghlama ó institiúidí chomh maith le fostóirí, forais ghairmiúla agus rialála agus iad siúd a thacaíonn le foghlaimeoirí. Díríodh sna ceardlanna ar an gcaoi a bhféadfadh an IRQ tacú lena gcuid oibre agus, sa deireadh, tacú le foghlaimeoirí chun a slí a dhéanamh tríd an gcóras oideachais agus deiseanna fostaíochta, soghluaisteachta agus rochtana ar oideachas a fheabhsú.

Baineann na ceardlanna seo le tionscadal níos fadtéarmaí chun an IRQ a athfhorbairt chun tacú le gealltanas QQI ina Ráiteas Straitéise 2025-27 chun faisnéis ar chaighdeán níos airde a chinntiú d'fhoghlaimeoirí ar ardáin faisnéise QQI, lena n-áirítear ar an IRQ.

Déanfaimid ár gcion féin chun a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach laistigh den chóras breisoideachais agus ardoideachais trí mheasúnú a dhéanamh ar chloí soláthraithe le cur chuige náisiúnta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú agus aitheantas cuí a thabhairt don réamhfhoghlaim.

### Trí chur lenár rannpháirtíocht le geallsealbhóirí FET/BOO agus AO, agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta, déanfaimid raon feidhme doiciméad a shocrú agus é a fhoilsiú ina leagfar amach cur chuige náisiúnta maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama san oideachas treasach.

Tuairiscíonn QQI, ar iarratas ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ar dhul chun cinn náisiúnta i gcur i bhfeidhm Mholadh 2012 maidir le Bailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus





Mifhoirmiúla (RPL) chuig Ghrúpa Comhairleach EQF (EQF AG). In 2024, tar éis cuidiú náisiúnta leis an taighde, d'fhoilsigh CEDEFOP Fardail Tíre le hais Cás-Staidéar náisiúnta um Mhicri-dhintiúir. Bhí sé de phribhléid ag QQI gníomhú mar 'phléitheoir' don tuarascáil Eastónach aon uaire ar an gcóras náisiúnta bailíochtaithe mar chuid de phróiseas piar-athbhreithnithe den EQF AG a dearadh chun machnamh a spreagadh ar cad iad na tréithe a thacaíonn le forbairt éifeachtach. Léirítear sa tuarascáil Eastónach tréscaoilteacht láidir idir earnálacha agus an margadh saothair le tacaíocht ó Aitheantas Réamhfhoghlama. Foilsíodh Tuarascáil Eurydice lena n-áirítear tagairtí do chleachtas ar fud an ardoideachais, le hábhar scríofa ó QQI. Tá tuarascálacha dul chun cinn náisiúnta nasctha le geallsealbhóirí trí bhaill ar Ghrúpa Stiúrtha Líonra Cleachtóirí RPL agus ar leathanach LinkedIn an Líonra.

Lean QQI de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Líonra Cleachtóirí RPL na hÉireann, comhchoiste tábhachtach d'éagsúlacht cleachtóirí RPL, líonraí earnálacha agus gníomhairí beartais ar fud na tíre. Reáchtáladh imeacht náisiúnta ar fhreastail thart ar ochtó duine air i mBaile Átha Luain i mí na Samhna, rud a dhaingnigh tionchar an 5ú Ócáid Dhébhliantúil VPL a reáchtáladh i gCill Chainnigh i mí na Bealtaine. Rinne Comhthionólaithe reatha agus roimhe seo – Martina Needham, Angela Higgins, Karina Curley agus Siobhan Magee – éascaíocht do phlé painéil saineolaithe, ceardlanna agus cur i láthair.

Lean AONTAS de thacaíocht a thabhairt do sheimineáir ghréasáin agus dhírigh siad ar ullmhúchán d'Ócáid Dhébhliantúil VPL. Chuir QQI tacaíocht leanúnach ar fáil freisin chun feabhas leanúnach a chur ar chleachtas náisiúnta, ar chreataí earnálacha, ar threalamh agus ar fhorbairt ghairmiúil trí rannpháirtíocht ghníomhach i seachadadh suaitheantais dhigiteacha agus ar thionscnaimh earnálacha eile. Áiríodh orthu seo, mar shampla, iad siúd a thairg an tionscadal atá maoinithe ag an Tionscnamh Caipitil Dhaonna (HCI), 'RPL san Ardoideachas' agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Cuireann na rannpháirtíochtaí seo deiseanna riachtanacha ar fáil chun saincheisteanna tábhachtacha i mbeartas agus i gcleachtas RPL a iniúchadh, agus peirspictíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn leo.

Ag teacht le Moltaí Athbhreithniú Scileanna na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), lean QQI ag obair, agus na rannpháirtíochtaí seo agus cinn eile go hidirnáisiúnta mar bhonn eolais acu, i gcomhthéacs páipéar taiscéalaíoch ina ndéantar breithniú ar an ngaol idir aitheantas agus bailíochtú agus peirspictíochtaí Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin agus téacsanna gaolmhara á gcur san áireamh, chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo beartas náisiúnta, critéir agus treoirlínte do RPL.

### Páipéar Bán um Beartas agus Treoirlínte maidir le hAistriú Rochtain agus Forchéimniú a fhoilsiú agus comhairliúchán a dhéanamh maidir leis

I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh QQI Páipéar Uaine ar Bheartas QQI um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú ina dtógtar ar an athbhreithniú ar an tírdhreach cleachtais a thacaíonn le Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú (ATP) in Éirinn a foilsíodh in 2023. Is athrá ar bheartas bunaidh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), a foilsíodh in 2003, é Beartas ATP reatha QQI, agus tá sé tráthúil an seasamh beartais a nuashonrú.

Moltar i bpáipéar glas 2024 treo do bheartas nuashonraithe QQI um ATP a bheadh á thiomáint ag prionsabail ardleibhéil atá bunaithe ar chleachtas ATP ar an talamh. Coinníonn an beartas nua atá beartaithe go leor de phrionsabail bheartas NQAI ach leathnaíonn sé coincheap na gcreidmheasanna, carnadh creidmheasanna agus aistriú creidmheasanna trí chur chuige a mholadh maidir le cáilíochtaí níos lú a chruachadh, lena n-áirítear micri-dhintiúir. Molann an páipéar glas béim athnuaite ar shocruithe imeachta agus molann sé an gá atá le bailiú agus soláthar sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar chleachtas agus treochtaí ATP.

Beidh an comhairliúchán ar oscailt go dtí Aibreán 2025, agus foilseofar páipéar bán níos déanaí sa bhliain sin.

## CÁS-STAIDÉAR (II)
## 5Ú ÓCÁID DHÉBHLIANTÚIL VPL: DAOINE, BAILÍOCHTÚ AGUS CUMHACHT: DAONLATHAS I MBUN GNÍMH?



I mBealtaine 2024, chomh-óstáil Éire, Ceanada agus SAM an 5ú Ócáid Dhébhliantúil VPL. Tháinig breis is 370 duine ó 31 tír agus cúig mhór-roinn le chéile ag freagairt don téama, Daoine, bailíochtú agus cumhacht: daonlathas i mbun gnímh? Reáchtáiltear Ócáid Dhébhliantúil um Bailíochtú na Réamhfhoghlama (VPL) gach dhá bhliain le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, ón Lárionad Eorpach um Fhorbairt na hOiliúna Gairmoideachais (CEDEFOP), agus ó Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO). Bhí áthas ar QQI mar chathaoirleach náisiúnta, i gcomhar le geallsealbhóirí Éireannacha eile, lena n-áirítear Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA), Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA), tionscadal RPL san Ardoideachas (Tionscnamh Caipitil Dhaonna), Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, rannpháirtíocht náisiúnta a threorú i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada, agus an ócáid dhomhanda seo á tabhairt go Cill Chainnigh, Éire.

Osclaíodh an chomhdháil le príomhóráid ón Ollamh Ted Fleming, Ollscoil Mhá Nuad, a d'iarr machnamh ar aitheantas mar chloch choirnéil an daonlathais agus mar ghníomh fuascailteach araon, leis na modheolaíochtaí agus na cleachtais ghaolmhara, agus chríochnaigh sé ar shlí a ndéanfar cuimhne uirthi le glaoch chun flaithiúlachta. Roinn lucht déanta beartas agus cleachtóirí ó gach cearn den domhan freagraí ar théama agus ar pháipéar coincheapa na comhdhála, agus ar na ceithre fhothéama bailíochtú (RPL) agus an duine aonair, cuimsiú, scileanna agus soghluaisteacht, thar cheithre phlé phainéil iomlánacha, 90 ceardlann, splanc-chainteanna agus plé comhchéime. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an ócáid dhébhliantúil bhí ceannairí smaointeoireachta idirnáisiúnta ón gCoimisiún Eorpach, UNESCO, CEDEFOP, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), Institiúid Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil UNESCO agus an tArdán Eorpach um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, Cumann Sibhialta na hEorpa um Oideachas, Roinn Chisteáin na Stát Aontaithe, an Chomhairle Náisiúnta um Chaighdeánú agus Deimhniú Scileanna Saothair (Conocer), Meicsiceo, Ollscoil Náisiúnta Seoul, an Chóiré Theas, Ollscoil Johannesburg, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), Cumann Eorpach um Oideachas Daoine Fásta, Ollscoil Empire State Nua-Eabhrac, agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.

Trí chomhráite painéil ceanglaíodh forbairtí agus foghlaim i gcuspóirí agus i dtorthaí taighde ar leibhéal an chórais agus cuspóirí díreacha agus treoracha beartais an bhailíochtaithe mar a chleachtaítear iad i ndlínsí éagsúla. Léiríonn an fás tapa domhanda ar shoghluaisteacht a riachtanaí atá sé dúinn oibriú ar scála mór agus fanacht íogair don chultúr ag an am céanna agus gan dearmad a dhéanamh ar chomhleanúnachas agus ar nascacht. Leagadh béim ar chreatlacha cáilíochtaí i measc na n-uirlisí ar féidir leo tacú le cleachtais bhailíochtaithe. Leagadh béim freisin ar ról na sonraí agus na monatóireachta chun tuiscint níos fearr a éascú ar cé atá rannpháirteach ann, cén fáth agus cad iad na tionchair. I dtéarmaí beartais Eorpaigh mar chuid de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, meastar go gcumasaíonn bailíochtú an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, rannpháirtíocht shóisialta agus geilleagar gníomhach bhríoch, agus go dtacaíonn cuntais foghlama aonair agus bearta comhtháthaithe eile leis.

Ceiliúrann pobal bailíochtaithe domhanda infhaighteacht agus tionchar leanúnach na léargas fadradharcacha iomadúla ó chur i láthair trí thaifeadtaí an 5ú Ócáid Dhébhliantúil VPL atá ar fáil cheana féin, agus cuirfear tuilleadh ar fáil in 2025.

## Feabhsóimid rogha agus deis an fhoghlaimeora trí raon méadaithe cáilíochtaí solúbtha a áireamh, lena n-áirítear micri-dhintiúir sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.




### Forais Cháiliúcháin Liostaithe (FCLanna)

Tar éis dul i gcomhairle in 2023, foilsíodh beartais maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na bhForas Dámhachtana Liostaithe i Meán Fómhair 2024 agus áiríodh orthu:

- Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI le haghaidh Foras Cáiliúcháin Liostaithe a bhunaíonn caidreamh le QQI ar bhonn deonach.
- Croí-Bheartais agus Critéir chun Forais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna) a Bhunú
- Croí-Bheartais agus Critéir chun Dámhachtainí a Chuimsiú laistigh den Chreat

I dteannta na mbeartas seo, d'fhorbair agus d'fhoilsigh QQI foireann uirlisí chun tacú le Forais Cháiliúcháin Liostaithe chun iarratas a dhéanamh chuig QQI. Áirítear san Fhoireann Uirlisí:

- Anailís ar bhearnaí i ngnásanna DC
- Treoir Ghairid don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Treoir do thagairt a aimsiú sa CNC do cháilíochtaí reatha
- Lámhleabhar do LABanna
- Foirm iarratais

Lean obair le LABanna ionchasacha agus cruinnithe le soláthraithe agus forais cháiliúcháin leasmhara in 2024. I mí Dheireadh Fómhair 2024, tionóladh seimineár gréasáin ar an réamhrá don iarratas agus do phróiseas LABanna. D'fhreastail breis is 50 rannpháirtí ar an ócáid seo, ag déanamh ionadaíochta ar thart ar 20 LAB ionchasacha.

Osclófar scéim na LABanna ar bhonn céimnithe agus glacfar in 2025 le hiarratais ó iarratasóirí a fuair cuireadh.

### Athbhreithniú ar Bheartas CNC

I mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh QQI Clár um Athbhreithniú ar Bheartais an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, a bheidh ina phríomhthiománaí don tosaíocht straitéiseach chun an CNC a ullmhú don todhchaí mar an fhoinse faisnéise údarásach do cháilíochtaí treasacha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de. Áireofar leis an athbhreithniú seo forbairt bhreise ar ardáin QQI chun an CNC a chur chun cinn mar an fhoinse údarásach faisnéise ar cháilíochtaí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de, lena n-áirítear micri-dhintiúir. Áireofar freisin athbhreithniú agus modhnú ar an gcóras reatha cineálacha dámhachtainí sa CNC chun freastal níos fearr a dhéanamh ar





fhoghlaimeoirí i gcóras oideachais threasaigh níos comhtháite, lena n-áirítear cáilíochtaí oideachais ghinearálta a sheachadtar tríd an gcóras scoile.

Tosóidh an tionscadal d'Athbhreithniú Beartais an CNC in 2025 agus déanfar é thar roinnt blianta (suas go dtí 2028). Mar sin féin, in 2024 cuireadh tús le hobair ar dhá thionscadal a bhain leis an CNC – beartas athbhreithnithe maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú chun cinn agus athruithe molta ar cháilíochtaí idirmheánacha ag Leibhéil 5 agus 6 den CNC.

### Cáilíochtaí Idirmheánacha ar Leibhéil 5 agus 6 den CNC

Mí na Nollag 2024, d'fhoilsigh QQI Páipéar Uaine ar Cháilíochtaí Idirmheánacha ar Leibhéil 5 agus 6 den CNC ina moltar mórdhámhachtain amháin ar Leibhéal 6 den CNC agus ina bhféachtar ar athruithe gaolmhara a theastaíonn ar Leibhéal 5 den CNC. Is réiteach é an togra seo ar an bplé rialta agus ar an teannas leanúnach maidir le dámhachtainí breisoideachais agus ardoideachais ar leithligh a chur ag Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), mar aon leis an Sainteastas (AC) agus an Ard-Teastas (HC). Tá sé doiciméadaithe go maith go gcuireann sé mearbhall ar úsáideoirí deiridh cáilíochtaí agus deiseanna míchothroma forchéimnithe a bheith ann d'fhoghlaimeoirí. Tá roinnt tuarascálacha agus athbhreithnithe a rinneadh le deich mbliana anuas tar éis aird a tharraingt ar an gceist seo ag Leibhéal 6. Moltar go simpleoidh na hathruithe sa pháipéar glas an CNC, go bhfeabhsóidh siad deiseanna rochtana, aistrithe agus dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí, agus go dtacóidh siad le córas oideachais tríú leibhéal aontaithe.

Beidh an comhairliúchán ar oscailt go dtí Márta 2025, agus táthar ag súil le páipéar bán faoi Bhealtaine. Tá sé beartaithe dámhachtain mhór aonair amháin ag Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil ó Mheán Fómhair 2025.

### Ceardlann Réamhchomhdhála

Ar an 20 Samhain 2024, reáchtáil QQI ceardlann réamhchomhdhála d'ionadaithe ó gach cearn den chóras breisoideachais agus ardoideachais inar scrúdaíodh ról na gcáilíochtaí idirmheánacha ag Leibhéil 5 agus 6 den CNC, agus an beartas rochtana, aistrithe agus dul chun cinn (ATP) ó thaobh córas treasach aontaithe a thógáil. Thug an cheardlann seo le chéile thart ar 30 rannpháirtí ó gach cearn den earnáil bhreisoideachais agus ardoideachais, lena n-áirítear ionadaíocht ó Institiúidí Ardoideachais (IAOnna) poiblí agus príobháideacha, neamhspleácha, Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus soláthraithe oideachais agus oiliúna breise, an Oifig Náisiúnta Treasach (NTO), an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO) agus DFHERIS chun plé a dhéanamh ar Leibhéil 5 agus 6 den CNC agus ATP.

D'aontaigh na rannpháirtithe go bhfuil trí chuspóir ginearálta ag cáilíochtaí ag Leibhéal 6 den CNC:

1. forchéimniú chuig an ardoideachas
2. rochtain ar fhostaíocht agus ar an margadh saothair
3. cuimsiú sóisialta.

Tríd is tríd, d'aontaigh na rannpháirtithe agus bhí siad dearfach i leith dámhachtain mhór aonair a thabhairt isteach ag Leibhéal 6 den CNC mar go ndéanfadh sé an córas a shimpliú agus soiléireacht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, d'fhostóirí agus do gheallsealbhóirí eile. Chríochnaigh an cheardlann le ceithre chás-staidéar ar cuireadh ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), College Connect, Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath (CDETB), inar taispeánadh cur chuige nuálacha, forásacha agus spreagúla maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú.

## Tagairtí Cearta ar an CNC

In 2024, fuair QQI 12 atreorú maidir le tagairtí míchearta do CNC na hÉireann i ndáil le 12 eagraíocht aonair. Ba é an cheist ba choitianta a sainaithníodh ná faisnéis mhícheart faoi inchomparáideacht cáilíochtaí na Ríochta Aontaithe le CNC na hÉireann. Rinneadh teagmháil le gach eagraíocht, treoraíodh iad chuig an Treoir Qualifications Can Cross Boundaries (Féadann Cáilíochtaí Teorainneacha a Thrasnú) agus tugadh treoir dóibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a cheartú. Rinne ionadaí ó rannóg Faisnéise Cáilíochtaí agus Deiseanna Foghlama QQI obair leantach chun a chinntiú gur cuireadh na hathruithe cuí i bhfeidhm. Tá gach cás ó 2024 dúnta.

## Cruinniú Bliantúil Chreatghrúpa Cáilíochtaí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann

Reáchtáil QQI cruinniú bliantúil Creathghrúpa Cáilíochtaí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann (an Grúpa Cúig Thír) i mBaile Átha Cliath ar an 25 agus 26 Eanáir 2024. D'fhreastail ionadaithe ó Éirinn, Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann agus thug siad nuashonruithe ar chórais agus ar chreatlacha cáilíochtaí náisiúnta, dearbhú cáilíochta cáilíochtaí, agus forbairtí beartais gaolmhara.

Thug QQI nuashonruithe ar chomóradh 20 bliain an CNC agus ar fhoilseacháin ghaolmhara, timthriall athbhreithnithe CINNTE agus TrustEd Ireland. D'iarr an grúpa plé sonrach i ndáil le measúnú agus ionracas acadúil. Dá réir sin, chuir QQI obair ár gCláir um An Measúnú a Athshamhlú obair an Líonra Náisiúnta Ionracais Acadúil (NAIN) agus an Líonra Domhanda Ionracais Acadúil (GAIN) i láthair.

Tá cruinnithe bliantúla an ghrúpa seo riachtanach chun cumarsáid a choinneáil mar chuid dár gcomhaontú déthaobhach trasna na gcúig thír sa chreatghrúpa seo, ag tacú leis na hardleibhéil soghluaisteachta idir ár ndlínsí. Tá Grúpa na gCúig Thír freagrach freisin as an Treoir 'Qualifications Can Cross Boundaries (Féadann Cáilíochtaí Teorainneacha a Thrasnú) a chothabháil chun cáilíochtaí a chur i gcomparáid trasna ár ndlínsí. Rinneadh an treoir seo a nuashonrú in 2024.

Tuaisceart Éireann a óstálfaidh cruinniú bliantúil 2025.

## Imeachtaí Cáilíochtaí, Faisnéise agus Deiseanna Foghlama 2024

Déanann rannóg Faisnéis Cáilíochtaí agus Deiseanna Foghlama (QILO) QQI taispeántais a chur ar siúl ag imeachtaí atá dírithe ar fhoghlaimeoirí agus ar úsáideoirí deiridh eile Europass, an EQF-NCP, an CNC, an IRQ agus Qualifax agus freastalaíonn sí orthu. Tá buaicphointí ó imeachtaí 2024 leagtha amach thíos.

## Comhdháil Bhliantúil Institiúid na nGairmchomhairleoirí (IGC)

D'fhreastail baill d'fhoireann QILO de chuid QQI ar chomhdháil náisiúnta an IGC ón 8 go dtí an 9 Márta ag MTU i dTrá Lí. Thug an ócáid seo deis dúinn bualadh le breis is 75 gairmchomhairleoir agus deis dúinn Qualifax, QQI, an CNC, agus Europass a chur chun cinn.

## Aonach Post agus Comhairle Cheatharlach

Reáchtáil an Roinn Coimirce Sóisialaí Aonach Post agus Comhairle Cheatharlach ar an 14 Márta. Thug ionadaithe QILO cur i láthair ag an aonach chun Qualifax, an CNC agus Europass a chur i láthair. Thug an t-aonach deis luachmhar chun labhairt leis an bpobal agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt go díreach.

## Talent Con Chónaidhm Fostaíochta agus Earcaíochta (ERF)

Rinne QILO cur i láthair ag TalentCon ERF ar an 4 Aibreán ar son QQI, Europass agus an EQF-NCP. Ba dheis í an ócáid bualadh le meascán d'fhostóirí agus d'earcaitheoirí agus an CNC, an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF), an IRQ, uirlisí agus ar acmhainní Europass, QQI agus ar go leor eile a phlé.





## Higher Options

I mí Mheán Fómhair, d'fhreastail baill foirne QQI ar an ócáid Higher Options i mBaile Átha Cliath, áit ar chuir siad an CNC, an EQF, Qualifax, Europass agus QQI chun cinn do bheagnach 30,000 duine a bhí i láthair, lena n-áirítear mic léinn, múinteoirí agus gairmchomhairleoirí.

## Career Options Cork

D'fhreastail rannóg QILO QQI ar an ócáid Career Options Cork ar an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 2024.

Do mhic léinn sa tsraith shinsearach atá ag déanamh taighde ar a roghanna don todhchaí tar éis dóibh an scoil a chríochnú an taispeántas bliantúil seo. Rinneadh Qualifax a chur chun cinn ina ról mar acmhainn d'fhoghlaimeoirí atá ag iniúchadh conairí foghlama agus gairme.

## Career Path Options 2024

Rinne rannóg QILO QQI taispeántas ag Career Path Options 2024 i nGaillimh ar an 22 Deireadh Fómhair agus i Maigh Eo ar an 23 Deireadh Fómhair.

Dírítear an taispeántas Career Path Options ar mhic léinn sa tsraith shinsearach atá ag lorg eolais faoina roghanna gairme agus thug foireann QILO faisnéis dóibh siúd a d'fhreastail ar an ócáid faoi conas Qualifax a úsáid chun a ndeiseanna foghlama agus gairme a iniúchadh.

## Imeacht EuroGuidance

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2024, d'óstáil Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) imeacht EuroGuidance in Áth Luain, áit ar thug ionadaí ó QILO cur i láthair dóibh siúd a bhí i láthair ar obair QQI mar EQF-NCP agus Ionad Náisiúnta Europass na hÉireann.

## Comhdháil TAICEP

D'fhreastail ionadaithe QQI ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann na nGairmithe Meastóireachta Dintiúir Idirnáisiúnta (TAICEP) i gCathair Québec, Ceanada ón 28 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024. Rinne baill de ranna QILO agus den tSoghluaisteacht Idirnáisiúnta agus Réamhfhoghlama cur i láthair faoin ról is féidir le faisnéis agus cláir náisiúnta cáilíochtaí ardchaighdeáin a bheith acu ó thaobh tacú le meastóireacht dintiúr chóir agus chothrom agus í a chumasú. Thug an caidreamh leo siúd a bhí i láthair go leor aiseolais úsáidigh, a mhúnlóidh agus a chuirfidh eolas ar fáil d'athfhorbairt Chlár Cáilíochtaí na hÉireann.

Déanfaimid ár gcion féin chun a chinntiú go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain a fháil ar cháilíochtaí creidiúnaithe i dtimpeallachtaí foghlama atá oiriúnach dá riachtanais, lena n-áirítear san ionad oibre.

## Pleanáil agus cur i bhfeidhm tionscadail nua Europass EQF 2024-27

## Tionscadal Comhghníomhaíochta Ionad Náisiúnta Europass (NEC) agus Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF-NCP) 2024-2026

Is é QQI an Pointe Comhordaithe Náisiúnta ainmnithe don Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF-NCP) agus d'Ionad Náisiúnta Europass (NEC) agus faigheann sé maoiniú ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr chun tacú leis an obair seo. Ceadaíodh an tionscadal do 2024-2026 i mBealtaine 2024. Tá an ráiteas maoinithe foilsithe ar shuíomh Gréasáin QQI.

I measc phríomhthosaíochtaí an tionscadail tá:

- tionchar Ghrúpa Tagartha AE a mhéadú agus comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí

eile a neartú tríd an Líonra Idirghníomhaireachta,
- rannpháirtíocht agus tionchar na cumarsáide maidir le hobair QQI agus Europass a mhéadú agus a chothabháil trí chumarsáid phleanáilte sna meáin shóisialta agus ag imeachtaí,
- uirlisí Europass amhail na Forlíontaí Dioplóma agus Teastais a chur chun cinn níos mó
- athfhorbairt an IRQ,
- rochtain ar an CNC a oscailt tríd an bpróiseas LABanna, agus
- athbhreithniú ar bheartais CNC.

## Cumarsáid agus Cur Chun Cinn

I mí na Bealtaine, trí obair Ghrúpa Oibre Cumarsáide agus Cur Chun Cinn Europass, reáchtáil Europass Éireann i gcomhar le Europass na Laitvia na bealaí meán sóisialta do Europass Europe. Le linn 2024, seoladh leathanach LinkedIn do Europass Éireann chun cumarsáid agus rannpháirtíocht le húsáideoirí deiridh Europass a fheabhsú trí nuashonruithe agus léargais rialta a sholáthar.

In 2024, bhí rannpháirtíocht shuntasach ag ardán Europass in Éirinn agus ar fud an domhain araon. Ar fud an domhain, thaifead Europass Europe 16.4 milliún cuairteoir uathúil agus 27.5 milliún cuairt. Thug 81,298 cuairteoir uathúil 115,444 cuairt ar an ardán in Éirinn in 2024. San iomlán, cruthaíodh 1.7 milliún Próifíl Europass as an nua in 2024 agus cruthaíodh 3,111 Próifíl Europass nua dóibh siúd a roghnaigh náisiúntacht Éireannach. Maidir leis an CV Europass, íoslódáladh 8.3 milliún CV ar fud an domhain in 2024 agus íoslódáladh 8,521 CV ag na daoine a roghnaigh náisiúntacht Éireannach. Tríd is tríd, cé go bhfuil sciar níos lú ag Éirinn i mbonn iomlán úsáideoirí deiridh Europass i gcomparáid le roinnt tíortha eile, léiríonn na huimhreacha feasacht ar Europass agus rannpháirtíocht leanúnach le hardán agus uirlisí Europass.

I mí Mheán Fómhair, d'eagraigh baill foirne ón EQF-NCP agus NEC oiliúint inmheánach d'fhoireann QQI ar Qualifax, Europass agus Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus ghlac siad páirt inti. Thug comhghleacaithe sa Rannán Soghluaisteachta Idirnáisiúnta agus Réamhfhoghlama tacaíocht don oiliúint seo inar tugadh forbhreathnú ar obair NARIC agus a ábhartacht don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn. Thug an oiliúint seo deis dóibh siúd a bhí i láthair foghlaim faoi na topaicí seo agus ceisteanna a chur mar gheall orthu. Thug sé faisnéis agus leideanna úsáideacha freisin dóibh siúd a bhí i láthair agus ar spéis leo tacaíocht a sholáthar ag imeachtaí for-rochtana agus rannpháirtíochta atá le teacht amhail Ard-Roghanna.

## Cruinnithe

D'fhreastail ionadaithe ó QQI ar chruinnithe rialta de chuid Ghrúpa Comhairleach an EQF agus Ghrúpa Comhairleach Europass ar líne agus go pearsanta agus bhí siad páirteach i roinnt foghrúpaí agus grúpaí oibre.

I mí an Mhárta, chuaigh ionadaí ó QQI isteach i bpainéal ag imeacht ar líne CEDEFOP 'Building the European Map of Qualifications – Latest NFQ Developments' (Léarscáil na gCáilíochtaí Eorpacha a Thógáil – Na Forbairtí CNC is Déanaí) chun creatlacha náisiúnta cáilíochtaí cuimsitheacha agus solúbtha a phlé.

I mí an Mheithimh, d'fhreastail ionadaithe ó QQI, NEC na hÉireann, agus EQF-NCP na hÉireann ar chruinniú na Líonraí Beartais Chomhpháirteacha. Ag an gcruinniú, cuireadh nuashonrú póstaeir ar obair NEC na hÉireann agus EQF-NCP i láthair agus ghlac ionadaí ó EQF-NCP na hÉireann páirt i bpainéal maidir le comhoibriú a chur chun cinn i measc EQF, Europass agus Euroguidance.

Le linn 2024, bhí ionadaí ó QQI páirteach sa ghrúpa tionscadail chun comparáid a dhéanamh idir Creat Cáilíochtaí Phobal Forbartha na hAfraice Theas agus an EQF.





Ghlac ionadaí ó QQI páirt, leis, sa Ghrúpa Buan EQF ar Cháilíochtaí Idirnáisiúnta atá ag forbairt gnásanna chun cáilíochtaí idirnáisiúnta atá san áireamh i CNCanna dhá bhallstát nó níos mó de chuid an Aontais a chothromú.

Tháinig Grúpa Idirghníomhaireachta 'Tá an Eoraip ar Oscailt Duit' le chéile faoi dhó le linn 2024 chun nuashonrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí tionscadail/cláir atá maoinithe ag an Aontas agus réimsí le haghaidh comhoibriú a shainaithint.

## Suirbhé Forlíonta Dioplóma

Is uirlis ríthábhachtach é an Forlíonadh Dioplóma do chéimithe ardoideachais chun aitheantas dá gcáilíochtaí a chinntiú. Tá sé de cheart ag céimithe i mbreis agus 40 tír an Forlíonadh Dioplóma a fháil go huathoibríoch, saor in aisce, agus i dteanga Eorpach a labhraítear go forleathan.

Cuireann an Forlíonadh Dioplóma faisnéis ar fáil do chéimithe ardoideachais faoina ngnóthachtálacha pearsanta, lena n-áirítear creidmheasanna cúrsa, gráid, agus a gcuid foghlama le linn a gcúrsa staidéir. Eisítear an Forlíonadh Dioplóma do chéimithe trína n-institiúidí ardoideachais.

I mí Lúnasa 2024, d'eisigh QQI suirbhé do Sholáthraithe Ardoideachais agus d'Fhorais Cháiliúcháin Ainmnithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na cineálacha cur chuige atá ann cheana féin maidir le cur i bhfeidhm an Fhorlíonta Dioplóma Europass in Éirinn. Rinneadh an suirbhé seo chun tacú le forbairtí atá le teacht amhail nuashonrú Fhorlíonadh Dioplóma Europass in 2025, digitiú an Fhorlíonta Dioplóma, agus eisiúint an fhorlíonta mar dhintiúr digiteach, a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach chun calaois cáilíochta agus dintiúr a chomhrac.

Bailíodh sonraí don suirbhé idir Lúnasa agus Samhain 2024 agus riaradh an suirbhé trí MS Forms. San iomlán, rinneadh teagmháil le 16 DABanna agus 35 Soláthraí Ardoideachais (AO) ag iarraidh orthu páirt a ghlacadh sa suirbhé. San iomlán, críochnaíodh 30 suirbhé arb ionann é agus ráta freagartha de 59%. Baineann torthaí an staidéir le sampla de 15 DAB agus 15 Soláthraí AO. I measc na dtosaíochtaí ón suirbhé bhí:

- I gcás níos mó ná aon trian de na hinstitiúidí (40%, n=12), ní raibh a fhios cathain a nuashonraigh an institiúid teimpléad an Fhorlíonta Dioplóma den uair dheiridh.
- San iomlán, eisíonn 90% (n=27) de na hinstitiúidí a d'fhreagair an suirbhé an Forlíonadh Dioplóma i gcás mórdhámhachtainí.
- As na 27 institiúid a eisíonn an Forlíonadh Dioplóma do dhámhachtainí móra:
  - fuarthas amach go raibh an modh chun é a eisiúint éagsúil idir institiúidí: d'eisigh an tromlach (67%, n=18) é go huathoibríoch agus ní eisíonn trian de na hinstitiúidí (33%, n=9) an Forlíonadh Dioplóma do chéimithe ach amháin nuair a iarrtar é.
  - Tá sé níos coitianta d'institiúidí an Forlíonadh Dioplóma a eisiúint i bhformáid dhigiteach (70%, n=19) ná i bhformáid fhisiciúil (30%, n=8).
- Dúirt 26 as na 27 institiúid gur eisigh siad an Forlíonadh Dioplóma saor in aisce.
- Ní eisíonn formhór (73%, n=22) na 30 institiúid a d'fhreagair an suirbhé an Forlíonadh Dioplóma do dhámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad.
- Dúirt ceithre cinn as gach cúig cinn d'institiúidí (80%, n=24) go nglacann siad leis an bhForlíonadh Dioplóma mar fhianaise ar cháilíocht mar chuid dá ngnásanna iontrála.

Foilseofar tuarascáil ina mbeidh mionsonraí faoin anailís iomlán ar thorthaí an tsuirbhé in 2025, rud a thabharfaidh léargas níos doimhne ar na torthaí.

## CÁS-STAIDÉAR (III)
## FEABHSÚ PRÓISIS: FORLÍONADH SOGHLUAISTEACHTA EUROPASS

In 2024, sheol an Coimisiún Eorpach doiciméad Soghluaisteachta Europass nuashonraithe, agus thug Ionad Náisiúnta Europass na hÉireann (NEC), arna óstáil ag QQI, próiseas nua isteach chun Forlíonadh Soghluaisteachta Europass (Doiciméad Iarshoghluaisteachta) a eisiúint. Lean an próiseas nuashonraithe prionsabail Lean Six Sigma, ag díriú ar luach a chur leis d'úsáideoirí, go príomha do chomhpháirtithe cosúil le hinstitiúidí breisoideachais agus, dá réir sin, d'fhoghlaimeoirí.

Bhí roinnt neamhéifeachtúlachtaí sa phróiseas roimhe seo a cuireadh as an áireamh trí leathanach gréasáin Soghluaisteachta Europass tiomnaithe a chruthú ag an NEC ar shuíomh Gréasáin QQI. Cuireann an leathanach gréasáin seo treoracha soiléire, teimpléid agus faisnéis tuairisceáin ar fáil, rud a laghdaíonn an gá atá le cumarsáid ríomhphoist. Cuireadh sonraí teagmhála tacaíochta ar fáil freisin lena chinntiú go bhféadfadh úsáideoirí cabhair a fháil nuair a bhí gá leis.

Chun an próiseas tuairisceáin i gcás doiciméid shoghluaisteachta a shimpliú, úsáideann comhpháirtithe seolta foirm Microsoft anois. Gineann sé seo scarbhileog aonair, chomhdhlúite go huathoibríoch do gach tuairisceán soghluaisteachta, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le scarbhileoga iolracha.

Forbraíodh plean cumarsáide chun a chinntiú go raibh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na hathruithe. Rinneadh teagmháil dhíreach le comhpháirtithe seolta, arbh fhearr leo cumarsáid ríomhphoist a dhéanamh roimhe seo, le mínithe soiléire faoin gcúis a raibh an próiseas á nuashonrú. Tharla seoladh an phróisis nua ag an am céanna le heisiúint an doiciméid Soghluaisteachta Europass nuashonraithe, rud a thug deis áisiúil chun na feabhsuithe seo a mhíniú.

I mí Lúnasa 2024, tugadh cur i láthair gairid faoin bhForlíonadh Soghluaisteachta Europass agus an próiseas nua don Mhol Tionscadal Idirnáisiúnta ag ETBI agus cuireadh an fhaisnéis tacaíochta ar fáil do Léargas lena scaipeadh ar Chomhordaitheoirí Erasmus+. Tá an próiseas nua i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2024 agus chuir na páirtithe seolta fáilte mhór roimhe, agus úsáidtear an fhoirm nua tuairisceáin go gníomhach. Déanfar tuilleadh meastóireachta ar na hathruithe in 2025 chun a rath a thomhas.




**Fíor 2: Forbhreathnú ar an bPróiseas Nuashonraithe**





Beidh ról lárnach againn i gcinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar raon leathan clár printíseachta nua ardchaighdeáin a chuimsíonn breisoideachas agus ardoideachas.

**Tacú le SOLAS, NAO agus le geallsealbhóirí eile chun samhail printíseachta aonair a cheapadh ina ndéanfar na gnéithe is fearr de na samhlacha ceardaíochta agus cuibhreannais araon a chomhtháthú.**

Lean QQI de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt samhail printíseachta aonair, chomhtháite. Lean an Oifig Náisiúnta Printíseachta agus DFHERIS de phlé a dhéanamh ar shamhail nua bheartaithe agus ar shocruithe buiséadacha gaolmhara le linn 2024.

## Tosaíocht 2 #cosaint – rialáil neartaithe a chur i bhfeidhm chun foghlaimeoirí a chosaint

Cosnóimid foghlaimeoirí trí fheasacht ar ionracas acadúil a chur chun cinn agus a chothabháil agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na daoine atá ag iarraidh í a lagú

### Ionracas Acadúil

Bhí áthas ar QQI dul i mbun oibre le geallsealbhóirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chun leanúint de chultúr dearfach ionracais acadúil a chothú in 2024. Cé go bhfuil bagairtí suntasacha ann maidir le hionracas cáilíochtaí a chothabháil, tá méadú feasachta agus cur chun cinn cultúir chomhoibríoch lena n-áirítear mic léinn, foireann agus institiúidí ag dul i méid mar is léir ó na socruithe comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta atá leagtha amach thíos.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí dhá chomhdháil shuntasacha ionracais acadúil ar siúl in 2024; comhdháil Choláiste na Teicneolaíochta Ríomhaireachta (CCT) *Enhancing Academic Integrity: From ideas to action 2024 (Ionracas Acadúil a Bhreisiú: Ó smaointe go gníomh 2024)* i mí Mheán Fómhair agus *Navigating the New Frontier: Generative AI (GenAI) and Academic Integrity* (An Teorainn nua a Láimsiú: IS Giniúnach agus Ionracas Acadúil) i mí Dheireadh Fómhair, arna óstáil i gcomhpháirtíocht ag Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh (UL) agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil. Fáiltíonn QQI roimh thionscnaimh agus deiseanna den sórt sin chun foghlaim ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta san ionracas acadúil.

### Páipéar Bán ar Ionracas Acadúil

In 2024, d'fhoilsigh QQI páipéar bán ar ionracas acadúil inar leagadh amach a chur chuige beartaithe chun an fhoráil reachtúil in alt 43A a chur i bhfeidhm. Bhí ceithre cholún mar bhonn leis an gcur chuige seo: comhréireacht, trédhearcacht, freagracht chomhroinnte agus neamhspleáchas soláthraithe. Thagair an páipéar freisin do na cumhachtaí a thugtar le bonneagar reachtúil eile laistigh den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2019 (arna leasú) agus leagtar amach ann cúig cholún lárnacha don bheartas atá beartaithe.

Aithníodh sa pháipéar freagracht soláthraithe oideachais as a gcórais inmheánacha dearbhaithe cáilíochta féin, agus freagrachtaí

foghlaimeoirí agus foirne chun tabhairt faoina gcuid staidéar agus oibriú laistigh de raon feidhme na gcóras seo. Míníodh ann freisin an caidreamh a bheadh ann idir QQI agus geallsealbhóirí eile chun ionracas cáilíochtaí na hÉireann a chosaint. I measc na ngeallsealbhóirí seo tá ardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta, a bhfuil oibleagáidí orthu faoin reachtaíocht freisin.

Táthar ag súil go bhfoilseofar an beartas in 2025.

### Cur le himeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le hionracas acadúil

Ba é téama 2024 'An Lá Idirnáisiúnta Gníomhaíochta ar Ionracas Acadúil' was 'All hands-on deck: Making academic integrity someone's job' (Bímis go léir páirteach ann: Freagracht as ionracas acadúil a bhronnadh ar dhuine éigin). I measc ghníomhaíochtaí an Ionaid Idirnáisiúnta um Ionracas Acadúil (ICAI) bhí plé painéil arna óstáil ag an nGníomhaireacht Dearbhaithe Cáilíochta don Ardoideachas, QAA, RA ar '*Responsibility for academic integrity from an international quality enhancement perspective (*Freagracht as ionracas acadúil ó thaobh fheabhsú idirnáisiúnta na cáilíochta) Ghlac QQI páirt sa phlé in éineacht le comhghleacaithe ó Choimisiún Oideachais Tríú Leibhéal Gána (GTEC), Gána, ón gComhairle um Ardoideachas (CHE) san Afraic Theas, san Afraic Theas, agus ón nGníomhaireacht um Cháilíocht agus Caighdeáin Oideachais Tríú Leibhéal (TEQSA), san Astráil.

Ar an leibhéal náisiúnta, chuir QQI le himeacht oiliúna Innealtóirí Éireann i mí Dheireadh Fómhair inar leag QQI amach a róil i gcur chun cinn cultúr dearfach don ionracas acadúil agus a fhreagrachtaí reachtúla maidir le calaois chonarthach.

### An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN)

Sa bhliain 2024, lean an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil ag fás a bhallraíochta agus i mí an Mheithimh, tugadh cuireadh do na Boird Oideachais agus Oiliúna ionadaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh sa líonra.

Cuireadh seisiún faisnéise faoi obair NAIN ar fáil do stiúrthóirí FET/BOO ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus fuair NAIN roinnt ainmniúchán le haghaidh ballraíochta.

### Socruithe Comhoibrithe NAIN

Chomh maith le socruithe comhoibrithe luachmhara náisiúnta trí chruinnithe iomlánacha agus grúpaí oibre NAIN, tugadh cuireadh do NAIN comhoibriú le comhghleacaithe i dtionscnaimh ionracais acadúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Áiríodh orthu seo: *Navigating the New Frontier: GenAI and Academic Integrity* (An Teorainnn Nua a Láimhsiú: Comhdháil IS Giniúnach agus Ionracas Acadúil), a tionóladh i Luimneach agus ar líne i mí Dheireadh Fómhair 2024. Reáchtáladh an chomhdháil i gcomhpháirtíocht le Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil, agus mhaoinigh an Fóram Náisiúnta í tríd an gciste um Ailíniú Straitéiseach chun Feabhsú Teagaisc agus Foghlama (SATLE). Phléigh an chomhdháil seo an gaol idir GenAI agus Ionracas Acadúil laistigh den earnáil ardoideachais (AO).

Chuaigh NAIN i mbun oibre le N-TUTORR, an clár comhoibritheach náisiúnta ar fud earnáil an ardoideachais theicneolaíoch, ar a shruth ionracais acadúil in 2024.





Fuair sraith seimineár gréasáin ionracais acadúil Ollscoil Bournemouth formhuiniú ó NAIN agus QQI araon go déanach in 2024. Dearadh an tsraith seimineár gréasáin seo chun díriú ar shaincheisteanna criticiúla san ionracas acadúil, ag cur san áireamh go háirithe teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail GenAI agus tacaíocht a thairiscint do thaighdeoirí agus d'oideoirí atá ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí thírdhreach acadúil atá ag athrú i gcónaí.

### Imeachtaí NAIN

Chomh maith le cruinnithe rialta an ghrúpa stiúrtha, reáchtáil NAIN ceithre chruinniú líonra in 2024, dhá cheann ar líne agus dhá cheann duine le duine. Ghabh NAIN buíochas le comhghleacaithe in Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, a d'óstáil cruinniú mhí an Mheithimh agus le comhghleacaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a d'óstáil cruinniú iomlánach mhí na Nollag.

I mí na Samhna 2024, reáchtáil NAIN máistir-rang leis an saineolaí idirnáisiúnta ar ionracas acadúil, an Dr Irene Glendinning, iar-Cheannaire ar an Ionracas Acadúil do Ghrúpa Ollscoile Coventry, an Ríocht Aontaithe, agus taighdeoir neamhspleách in ionracas acadúil agus taighde. Dhírigh an rang dar teideal "The Big Picture – Institutional leadership for promoting integrity (An Pictiúr Mór – Ceannaireacht institiúideach chun ionracas a chur chun cinn) ar ionracas acadúil mar chuid de chomhrá straitéiseach níos ginearálta ar rialachas institiúideach trí lionsa Mhaitrís Dearbhaithe Rialachais le haghaidh Ionracas Acadúil (GAMAI) arna fhorbairt ag an Dr Irene Glendinning agus an Dr Sharon Andrews, Cathaoirleach Bhord Acadúil RMIT agus Bainisteoir Cláir, Institiúid Teicneolaíochta Ríoga Melbourne (Andrews, S., Glendinning, I. (2023)).

D'fhreastail ceannairí sinsearacha ó gach cearn den earnáil ardoideachais ar an máistir-rang, inar pléadh na ceithre ghné a sainaithníodh laistigh de chreat GAMAI, a ndearna Glendinning agus Andrews cur síos orthu ina bpáipéar in 2023 a foilsíodh sa *Handbook for Academic Integrity*, 2ú hEagrán dar teideal 'Governing academic integrity: conceptualising the assurance and efficacy of strategies and outcomes' (Rialú an ionracais acadúil: coincheapú a dhéanamh ar dhearbhú agus ar éifeachtúlacht straitéisí agus torthaí).

### Aitheantas idirnáisiúnta d'acmhainn NAIN

Áiríodh sa Ghluais Téarmaí maidir le hEitic agus Ionracas san Oideachas de chuid ETINED (Ardán Chomhairle na hEorpa um Eitic, Trédhearcacht agus Ionracas san Oideachas) a foilsíodh i mBealtaine 2024 roinnt tagairtí do na Prionsabail Náisiúnta agus do Léacsacan na nGnáth-théarmaí, ina léirítear tionchar raon feidhme agus obair an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil, a fhaigheann tacaíocht ó QQI i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe ar fud earnáil an Ardoideachais.

### An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN)

Is comhthionscnamh comhpháirteach de chuid QQI agus TEQSA, rialtóir ardoideachais na hAstráile, é an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil, cuibhreannas de ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, údaráis cáilíochtaí agus eagraíochtaí eile a bhfuil sainchúram acu maidir le hionracas acadúil.

Tá sé mar aidhm ag an líonra comhroinnt faisnéise, sonraí agus cur chuige maidir le calaois chonarthach agus calaois acadúil a éascú. Tacóidh sé seo, ina dhiaidh sin, le feasacht a mhúscailt i measc na mball agus le forbairt cur chuige coitianta, domhanda chun cur isteach ar an tionscal atá tar éis fás bunaithe ar an gcalaois chonarthach agus ar an gcalaois acadúil.





I Meán Fómhair 2024, d'eisigh GAIN ráiteas comhchoiteann ag iarraidh ar na meáin shóisialta agus ar ardáin ar líne móra an fód a sheasamh i gcoinne mímhacántacht acadúil. I litir oscailte, d'iarr GAIN ar na hardáin seo, lena n-áirítear X, LinkedIn agus Google, páirt a ghlacadh sa troid i gcoinne mímhacántacht acadúil agus gníomh a dhéanamh chun stop a chur le fógraíocht maidir le seirbhísí calaoise chonarthach.

I mí na Nollag 2024, bhí breis is 40 ball ó chúig mhór-roinn sa líonra agus bhí sé á fhormhuiniú ag ENQA; an Líonra Eorpach um Ionracas Acadúil (ENAI); Comhairle na hEorpa agus Aontas Eorpach na Mac Léinn (ESU).

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil (GAIN) ar fáil ar líne.

### An Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil a leathnú agus é a bhainistiú i gcónaí, lena n-áirítear ráitis chomhchoiteanna GAIN a fhoilsiú, i gcomhpháirtíocht le comhbhunaitheoirí TEQSA

Is cuibhreannas de ghníomhaireachtaí cáilíochta agus ionracais oideachais ar fud an domhain é an Líonra Domhanda um Ionracas Acadúil atá ag teacht le chéile chun dul i ngleic le méadú ar sheirbhísí tráchtála calaoise acadúla atá dírithe ar mhic léinn.

Chuir an líonra fáilte roimh bhaill nua in 2024, rud a thug an bhallraíocht iomlán go 43, ag déanamh ionadaíochta ar thíortha ar fud na hEorpa, na hÁise, na hAfraice, Mheiriceá agus na hAigéine.

### Caidreamh agus gníomhaíocht tuairiscithe a leathnú le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda agus le geallsealbhóirí eile a bhféadfaí a n-ardáin a úsáid chun calaois chonarthach agus cineálacha eile calaoise acadúla a chur chun cinn

### Gníomhaíochtaí rialála

Rinne QQI a phróisis chun monatóireacht a dhéanamh ar fhógraí le haghaidh calaois chonarthach a nuashonrú chun éifeachtúlacht a mhéadú agus rinne sé imscrúdú ar uirlisí a d'fhéadfadh cabhrú le tuairisciú. Lean QQI de bheith ag obair le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda maidir le cur chun cinn na calaoise conarthaí agus na calaoise acadúla.

D'eisigh QQI nuashonruithe ráithiúla ar ionracas acadúil do sholáthraithe lena n-áirítear liostaí de shuímh ghréasáin a d'fhéadfaí a úsáid chun calaois chonarthach agus eilimintí de chalaois acadúil a chur chun cinn.

### An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil a bhainistiú, lena n-áirítear idirchaidreamh leis an gcathaoirleach, tacú le soláthar oiliúna agus forbartha gairmiúla an líonra agus treoir a thabhairt maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm acmhainní. Leanúint de bhainistíocht a dhéanamh ar tháirgeadh agus ar scaipeadh an nuashonraithe ráithiúil ar ionracas acadúil, lena n-áirítear feabhsuithe a dhéanamh ar a fhormáid agus ar a ábhar.

In 2024, lean an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil dá bhallraíocht a mhéadú agus i mí an Mheithimh, tugadh cuireadh do na Boird Oideachais agus Oiliúna ionadaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh sa líonra.

Cuireadh seisiún faisnéise faoi obair NAIN ar fáil do stiúrthóirí Bhreisoideachas agus Oiliúint ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus fuair NAIN roinnt ainmniúchán le haghaidh ballraíochta.

Déanfaimid measúnú agus monatóireacht láidir ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena n-oiriúnacht chun dámhachtainí QQI a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí tríd an gciste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí a stiúradh.

**An próiseas Díchill Chuí a chur i bhfeidhm, a sheachadadh agus a mhonatóiriú**

Forbraíodh próiseas idirghníomhach ar líne chun cabhrú le soláthraithe a léiriú go gcomhlíonann siad na "critéir acmhainne agus cumais" atá sonraithe i rialacháin aireachta. Achtaíodh na rialacháin aireachta seo an 1 Meán Fómhair 2024. Osclaíodh an próiseas Díchill Chuí i mí Dheireadh Fómhair 2024 i gcomhthéacs iarratais ó sholáthraithe ar mharc TrustEd Ireland. Dearadh agus foilsíodh sraith doiciméad chun tacú leis na soláthraithe seo agus iad ag plé leis an tairseach ar líne agus le QQI. Ina theannta sin, forbraíodh próiseas meastóireachta chun tacú le meastóireacht na soláthraithe i gcomparáid leis na critéir. Ag an am céanna, in 2024 cuireadh tús le tairseach Díchill Chuí ar leith a fhorbairt do sholáthraithe is iarratasóirí QQI, agus ceanglaítear orthu uile a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir atá leagtha amach sna rialacháin aireachta. Beidh soláthraithe QQI atá ann cheana féin ag dul faoin bpróiseas seo freisin sna chéad chúpla bliain eile.

**An scéim náisiúnta um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí Cláraithe (PEL) ceadaithe a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais reachtacha agus frámaí ama.**

Le hachtú na n-alt deiridh den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019 an 1 Meán Fómhair 2024, bunaíodh Ciste reachtúil nua um Chosaint Foghlaimeoirí. Baineann an ciste seo le líon níos mó soláthraithe/foghlaimeoirí ná mar a bhí sna socruithe cosanta d'fhoghlaimeoirí roimhe seo. Tá rialacháin aireachta ina sonraítear na muirir bhliantúla atá le híoc ag aicmí éagsúla soláthraithe isteach sa chiste mar bhonn leis an gciste. Cé go bhfuil an ciste bunaithe, leanfaidh socruithe reachtúla cosanta d'fhoghlaimeoirí de bheith i bhfeidhm do chláir a mbíonn dámhachtainí QQI mar thoradh orthu i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana go dtí an 1 Meán Fómhair 2027, nó dáta níos luaithe má shonraíonn an tAire é.

Tharla teagmhas cosanta d'fhoghlaimeoirí go luath sa bhliain féilire. Cabhraíodh le gach foghlaimeoir a bhí lena chlár nó a clár a chríochnú in 2024 é sin a dhéanamh. Cabhraíodh le foghlaimeoirí leanúnacha agus tugadh tacaíocht dóibh aistriú chuig soláthraí malartach chun leanúint lena gclár roghnaithe.

Déanfaimid ár gcion chun eispéireas foghlama ardchaighdeáin a chinntiú d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta tríd an Marc TrustEd Ireland (IEM roimhe seo) a eisiúint do sholáthraithe ardoideachais agus mhúineadh an Bhéarla (ELE).

**TrustEd Ireland (IEM roimhe seo): plean cumarsáide a chur i bhfeidhm agus imeachtaí gaolmhara a reáchtáil do gheallsealbhóirí, i gcomhar leis an Rannóg Comhpháirtíochtaí, DFHERIS agus an Roinn Dlí agus Cirt.**

Forbraíodh plean cumarsáide chun tacú le soláthraithe AO agus Mhúineadh an Bhéarla ó thús deireadh Fhuinneog Iarratas a hAon ar TrustEd Ireland (14 Deireadh Fómhair 2024 go 28 Márta 2025). Tionóladh seimineáir ghréasáin sheachtainiúla ar leithligh do sholáthraithe AO agus do sholáthraithe Mhúineadh an Bhéarla chun tacú leo agus a n-iarratais á n-ullmhú acu. Tá sé beartaithe go leanfaidh na seimineáir ghréasáin ar aghaidh in 2025 go dtí go ndúnfar tréimhse iarratais fhuinneog a haon. I measc na n-imeachtaí do pháirtithe leasmhara bhí cruinniú pearsanta ar mheasúnú i mí Aibreáin agus cur i láthair ag Comhdháil QQI i mí na Samhna.

**TrustEd Ireland (IEM roimhe seo): An scéim a oscailt d'iarratais agus an próiseas measúnaithe a chur i bhfeidhm**

Sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tUasal Patrick O'Donovan T.D. scéim TrustEd Ireland go foirmiúil ar an 25 Meán Fómhair 2024. Osclaíodh fuinneog a haon d'iarratais ar TrustEd Ireland ar an 14 Deireadh Fómhair 2024, agus dheimhnigh 68 soláthraí (35 AO agus 33 Mhúineadh an Bhéarla) a rún iarratas a dhéanamh i bhfuinneog a haon.

**TrustEd Ireland (IEM roimhe seo): Feachtas cur chun cinn a fhorbairt chun tacú le seoladh TrustEd Ireland**

Beidh an feachtas chun branda TrustEd Ireland a chur chun cinn san áireamh sa straitéis chumarsáide fhoriomlán don bhranda agus don scéim atá le forbairt i Ráithe 1, 2025.

**TrustEd Ireland (IEM roimhe seo): Sraith ábhar oiliúna a fhorbairt agus plean oiliúna a chur i bhfeidhm do mheasúnóirí AO agus Mhúineadh an Bhéarla**

Forbraíodh na hábhair seo a leanas: lámhleabhair do sholáthraithe oideachais AO agus Mhúineadh an Bhéarla, teimpléid iarratais, lámhleabhair do mheasúnóirí AO agus Mhúineadh an Bhéarla, lámhleabhair agus físeáin TFC agus ábhair oiliúna do mheasúnóirí AO agus Mhúineadh an Bhéarla.

## Tosaíocht 3 #forbairt - forbairt soláthraithe a thiomáint agus a spreagadh

Rachaimid i mbun oibre le soláthraithe oideachais pobail chun rochtain a chinntiú dá bhfoghlaimeoirí ar cháilíochtaí oideachais agus oiliúna sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, lena n-áirítear trí oibriú i gcomhpháirtíocht le boird oideachais agus oiliúna nuair is cuí

**Fóram Soláthraithe na hEarnála Pobail/Deonaí (CVS)**

In 2024, bhunaigh QQI an chéad fhóram do sholáthraithe reatha clár san earnáil phobail agus dheonach as a leanann dámhachtainí QQI. Eagraíonn QQI an fóram ar líne seo, a mbíonn cruinnithe acu faoi dhó sa bhliain ar a laghad, agus is iad na soláthraithe CVS a stiúrann é. Téann soláthraithe CVS i gceannas ar a seal ar an bhfóram agus déanann siad cur i láthair ar dhea-chleachtas. Soláthraíonn an fóram spás chun réimsí dea-chleachtais a phlé chun leasa na hearnála i gcoitinne, na ndaoine aonair atá ag obair laistigh di agus, thar aon rud eile, na bhfoghlaimeoirí. Roghnaíodh bailíochtú clár mar théama don chéad fhóram mar gheall ar an riachtanas atá ar gach soláthraí a bhfuil an próiseas formheasa dearbhaithe cáilíochta críochnaithe acu le QQI clár a fhorbairt agus a chur isteach le haghaidh bailíochtú. Rinne soláthraithe CVS a chríochnaigh an próiseas bailíochtaithe cur i láthair faoina dtaithí ar chlár a fhorbairt agus a chur isteach chuig QQI le haghaidh bailíochtú agus thug siad

comhairle phraiticiúil do dhaoine eile agus iad ag tosú ar a dturas féin. Chomh maith leis sin, rinne QQI cur i láthair ar na deiseanna chun caighdeáin dámhachtana díorthaithe ó chláir (PDASanna) a fhorbairt ós rud é gurbh é an Córas Comhdhámhachtainí (CAS) is mó a d'úsáid soláthraithe CVS.

## Tacóimid le cumas chun cláir sholúbtha agus nuálacha a fhorbairt mar aon le dearbhú cáilíochta láidir sna BOOnna.

### Caighdeáin Dámhachtana Comhtháite Nua don Ghnó

Bunaithe ar chainteanna le saineolaithe ábhair agus ar chomhairliúchán poiblí, forbraíodh na Caighdeáin Dámhachtana Comhtháite don Ghnó ag Leibhéil 5-9 den CNC in 2024. Tá an fhorbairt phíolótach seo ar Chaighdeáin Dámhachtana QQI nua ag leibhéil threasacha ag teacht le beartas rialtais atá ag teacht chun cinn chun córas oideachais tríú leibhéal níos aontaithe a chur chun cinn; ag tacú le forbairt raon clár solúbtha agus éagsúil ag Leibhéil 5-9 den CNC i réimse leathan an ghnó.

### Gnásanna maidir le Dearbhú Cáilíochta (DC) i gcás Clár Comhpháirteach Bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach

Le linn 2024, d'fhoilsigh QQI gnásanna maidir le Dearbhú Cáilíochta (DC) Clár Comhpháirteach bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach. Tagann na gnásanna seo leis na Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG) agus is é is aidhm leo na caighdeáin is airde dearbhaithe cáilíochta a chinntiú i gcláir chomhpháirteacha.

Bhí roinnt céimeanna tábhachtacha i gceist le forbairt na ngnásanna:

- Comhairliúchán: Foilsíodh páipéar uaine ar shuíomh Gréasáin QQI, inar tugadh cuireadh do gheallsealbhóirí tuairimí nó barúlacha a chur isteach.
- Forbairt teimpléad: Ceapadh teimpléid agus amlínte próisis bunaithe ar thionscadal impEA.
- Baill painéil: Cuireadh struchtúr táillí cuí i gcrích bunaithe ar phróisis mheasúnaithe seachtracha eile QQI.
- Ceadú an Bhoird: Cheadaigh Bord QQI na gnásanna ag a gcruinniú i mí Aibreáin.

Soláthraíonn na gnásanna maidir le dearbhú cáilíochta i gcás Clár Comhpháirteach bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach creat soiléir le haghaidh dearbhú cáilíochta agus tacaíonn siad le feabhsú leanúnach ar chláir chomhpháirteacha. Tar éis bhunú na ngnásanna is féidir le QQI meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar chláir chomhpháirteacha trí úsáid a bhaint as an gcur chuige Eorpach. Tá dhá mheastóireacht sceidealta do 2025.

### An tsamhail chomhaontaithe maidir le bailíochtú clár comhroinnte bord oideachais agus oiliúna a chur i bhfeidhm

Le linn 2024, lean QQI dá chuid oibre le hearnáil na mbord oideachais agus oiliúna chun bailíochtú agus comhroinnt clár a éascú. Faoin tsamhail seo, atá i bhfeidhm ó 2021, cuireann príomhsholáthraí oideachais agus oiliúna clár isteach le haghaidh bailíochtú agus comhroinntear an clár sin le BOOanna comhoibríocha tríd an bpróiseas difreálach bailíochtaithe.

### Cur chuige agus modheolaíocht chomhaontaithe a thástáil agus a mheas chun caighdeáin dámhachtana CAS i réimse an Chúraim Sláinte a athbhreithniú agus a nuashonrú

### Caighdeáin Dámhachtana FET/BOO sa Chúram Sláinte

Mar atá leagtha amach sa Srac-Phlean Gníomhaíochta maidir le hAthbhreithniú agus Athnuachan ar Chaighdeáin Chomhchoiteanna Dámhachtana QQI, tá caighdeáin dámhachtana FET/BOO i gcúram sláinte ag Leibhéil 5 agus 6 den CNC sainaitheanta ag QQI mar réimse tosaíochta le haghaidh athbhreithniú. Cuireadh tús leis an obair seo i mí an Mheithimh 2024 nuair a bunaíodh grúpa saineolaithe athbhreithnithe agus forbartha caighdeán, ar a raibh ionadaíocht ón Roinn Sláinte, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ón Údarás um Fhaisnéis





agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), ó ghairmeacha ábhartha, ó ionadaithe fostóirí agus ó sholáthraithe. Táthar ag súil go bhfoilseofar dréachtchaighdeáin nua dámhachtana sa chúram sláinte le haghaidh comhairliúcháin in 2025.

### Teimpléid agus treoir athbhreithnithe a fhoilsiú do gach formáid iarratais ar bhailíochtú

Foilsíodh teimpléid agus treoir athbhreithnithe do gach formáid iarratais ar bhailíochtú in Aibreán 2024 leis an aidhm tacaíocht agus soiléireacht bhreise a sholáthar do sholáthraithe atá ag déanamh iarratais ar bhailíochtú cláir.

### Dréacht-teimpléad de chaighdeáin dámhachtana QQI L5-L9 agus caighdeáin ghnó ghaolmhara QQI L5-9 a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin agus treoirscéime

I mí Lúnasa 2024, d'fhoilsigh QQI sraith Caighdeán Dámhachtana Ginearálta Comhtháite don Ghnó ag Leibhéil 5-9 den CNC Tá na caighdeáin nua deartha chun solúbthacht a sholáthar agus tacú le héagsúlacht i ndearadh clár, rud a spreagann nuálaíocht laistigh de chreat foriomlán comhaontaithe. Tá sé beartaithe na caighdeáin seo a úsáid mar thagairt chun treoir a thabhairt d›fhorbairt clár FET/BOO agus AO amach anseo, ionas go mbeidh sé níos éasca clár nua a ailíniú le riachtanais an tionscail agus leis na hionchais chomhaimseartha do chláir ghnó.

### Athbhreithniú agus Nuashonrú ar Shraith Beartas Dámhachtainí QQI

I mí Lúnasa 2024, sheol QQI comhairliúchán poiblí maidir le hathbhreithnithe beartaithe ar a *Bheartas agus Critéir chun Caighdeáin Dámhachtainí QQI a Chinneadh; Beartas agus Critéir maidir le Ceadú Soláthraithe; Beartas agus Critéir chun Cláir as a leanann Dámhachtainí QQI a Bhailíochtú; agus Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí a Dhéanamh.* Is é an tsraith beartas idirghaolmhar seo an creat foriomlán trína rialaítear oibriú fheidhm QQI mar fhoras cáiliúcháin. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin, foilseofar na beartais nuashonraithe in 2025.

### An Próiseas um Athbhunú Caidrimh a Thabhairt chun Críche

Tugadh an próiseas athbhunaithe caidrimh chun críche i Meán Fómhair 2024. Le linn an phróisis seo, rinne QQI measúnú agus faomhadh ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta agus ar chumas ginearálta eagraíochtúil agus acadúil 28 soláthraí ardoideachais agus 109 soláthraí breisoideachais.

### Tuairisciú Bliantúil Cáilíochta iar-athbhunú caidrimh san earnáil FET/BOO a chur i bhfeidhm

Cuireadh soláthraithe ar an eolas ag deireadh 2024 faoina n-oibleagáid tuarascálacha bliantúla a chur faoi bhráid QQI i ndiaidh an phróisis athbhunaithe caidrimh. Tosóidh an tuairisciú in 2025 agus leanfaidh sé ar aghaidh go deireadh na bliana. Déanfar anailís théamach ar na tuarascálacha nuair a bheidh an timthriall tuairiscithe críochnaithe.

### Cruinnithe Idirphlé Cáilíochta (QDManna)

Mar chuid dá fheidhm mhonatóireachta, reáchtálann QQI cruinnithe idirphlé cáilíochta le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais araon. Tugann na cruinnithe idirphlé cáilíochta deis do QQI agus do na hinstitiúidí plé a dhéanamh ar thionchar agus éifeachtacht forbairtí agus feabhsuithe dearbhaithe cáilíochta laistigh de chóras cáilíochta inmheánach na n-institiúidí le linn na tréimhse tuairiscithe.

In 2024, tionóladh QDManna le 11 institiúid ardoideachais atá rialáilte go poiblí seachas na ceithre ollscoil teicneolaíochta is nuaí agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ós rud é gur tharla na cruinnithe seo in 2023).

I measc na dtopaicí a pléadh ag na cruinnithe bhí nuashonruithe straitéiseacha, gníomhartha leantacha ag éirí as athbhreithnithe CINNTE, ionracas acadúil, Clár Cáilíochtaí na hÉireann, TrustEd Ireland agus micrea-dhintiúir.





Déanfaimid measúnú ar éifeachtacht agus ar leabú an dearbhaithe cáilíochta laistigh de na hollscoileanna teicneolaíochta nua agus atá ag teacht chun cinn trína n-athbhreithnithe cáilíochta institiúideacha.

### Monatóireacht agus athbhreithniú ar an ardoideachas

Le linn phaindéim Covid-19, rinneadh na hathbhreithnithe go léir ar líne. Coinníodh an cur chuige níos inbhuanaithe i leith roinnt gnéithe den phróiseas athbhreithnithe seachtrach. Ar líne a bhíonn cruinnithe eolais tosaigh na bhfoirne athbhreithnithe agus na cuairteanna pleanála, agus déantar an phríomhchuairt athbhreithnithe ar an láthair san institiúid.

### Athbhreithniú ar a éifeachtaí atá DC na IAOnna trí Athbhreithniú CINNTE in 2024

Cuireadh síneadh 12 mhí le timthriall athbhreithnithe CINNTE chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar cheithre ollscoil teicneolaíochta nuabhunaithe. Le linn na tréimhse seo, críochnaíodh athbhreithnithe institiúideacha ar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Ba éard a bhí i gceist leis na hathbhreithnithe ar ATU agus TUS cuairteanna ó na foirne athbhreithnithe ar champais i Luimneach agus i Sligeach, faoi seach. Bhí athbhreithniú MTU bunaithe den chuid is mó ar a champas i mBaile an Easpaig i gCorcaigh, agus chaith an fhoireann athbhreithnithe lá amháin ar an láthair ar champas MTU i gCiarraí. Rinneadh athbhreithniú SETU le cuairteanna ón bhfoireann athbhreithnithe ar champas Phort Láirge agus Cheatharlach araon.

Laistigh den tréimhse sínte don timthriall athbhreithnithe CINNTE, cuireadh na ceithre IAO neamhspleácha/príobháideacha is mó san áireamh le haghaidh athbhreithniú institiúideach; Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath (DBS), Coláiste Uí Ghríofa (GCD), Coláiste Hibernia agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI).

Tugadh tús áite do na IAOnna aibí agus seanbhunaithe seo le haghaidh athbhreithniú ar an mbonn go raibh a ndearbhú cáilíochta ceadaithe le tamall anuas tar éis athbhunú caidrimh le QQI. Rinneadh iad a chomhtháthú le creat monatóireachta QQI, agus tá siad tar éis a chur in iúl go bhfuil sé ar intinn acu údarás tarmligthe (ÚT) a lorg chun dámhachtainí a dhéanamh nuair a bheidh an creat rialála seo ar fáil.

Tá na téarmaí tagartha agus na lámhleabhair ábhartha d'athbhreithniú CINNTE ar na hollscoileanna teicneolaíochta agus ar sholáthraithe neamhspleácha/príobháideacha ar fáil ar shuíomh Gréasáin QQI.

Foilsítear sonraí gach athbhreithnithe, lena n-áirítear comhdhéanamh na bhfoirne athbhreithnithe saineolaithe, príomhdhátaí agus tuarascáil deiridh an athbhreithnithe i gcás gach IAO i Leabharlann Athbhreithnithe QQI.

### Tús a chur le hathbhreithniú ar a éifeachtaí atá DC in IAOnna príobháideacha/neamhspleácha

**Tábla 2: Sceideal Athbhreithnithe Cáilíochta CINNTE 2024/25**

| IAO | An Phríomhchuairt Athbhreithnithe | Foilsiú na Tuarascála Deiridh |
|---|---|---|
| MTU | 11 - 15 Márt 2024 | Q3 2024 |
| TUS | 15 - 19 Aib 2024 | Q3 2024 |
| Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath | 24 – 28 Meitheamh 2024 | Q1 2025 |
| SETU | 7 – 11 Deireadh Fómhair 2024 | Q1 2025 |
| Coláiste Hibernia | 7 – 10 Deireadh Fómhair 2024 | Q1 2025 |
| Coláiste Uí Ghríofa | 21 – 24 Deireadh Fómhair 2024 | Q1 2025 |
| ATU | 11 – 15 Samhain 2024 | Q1 2025 |
| Coláiste Náisiúnta na hÉireann | 2 – 5 Nollaig 2024 | Q1 2025 |

Tá sceideal iomlán athbhreithnithe CINNTE 2024/25 ar fáil ar shuíomh gréasáin QQI.

## CÁS-STAIDÉAR (IV)

ATHBHREITHNIÚ CINNTE AR SHOLÁTHRAITHE NEAMHSPLEÁCHA/ PRÍOBHÁIDEACHA



### RÉAMHRÁ

In 2024, chríochnaigh QQI athbhreithniú seachtrach cáilíochta ar na ceithre sholáthraí AO neamhspleácha/príobháideacha is mó in Éirinn. Tá na hathbhreithnithe seo curtha san áireamh i dtimthriall athbhreithnithe CINNTE QQI 2017-2024, nach raibh san áireamh ann ach na hinstitiúidí ardoideachais atá faoi rialáil phoiblí go dtí an pointe seo. Tugadh tús áite do na ceithre institiúid seo bunaithe ar a n-intinn údarás tarmligthe (ÚT) a lorg nuair a bheidh sé ar fáil. Bhí sé mar aidhm ag na hathbhreithnithe seo struchtúir rialachais, próisis teagaisc, foghlama agus measúnaithe, agus meicníochtaí féinmheasúnaithe na n-institiúidí a mheas chun feabhas leanúnach agus sármhaitheas san ardoideachas a chinntiú. Tá próiseas athbhreithnithe CINNTE ailínithe leis na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG 2015). Mar sin féin, tá téarmaí tagartha ar leith agus lámhleabhar foilsithe go sonrach le haghaidh athbhreithniú ar sholáthraithe neamhspleácha/ príobháideacha.

### CUSPÓIR NA N-ATHBHREITHNITHE

Cúig chuspóir atá le hathbhreithnithe CINNTE, ar féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

- Cultúir DC a thógáil in IAOnna
- Aiseolas a chur ar fáil do IAOnna
- Cur le muinín an phobail san ardoideachas
- Breisiú trí fhianaise a chur chun cinn
- Breisiú ar leibhéal an chórais a chur chun cinn





Chuaigh na IAOnna neamhspleácha/ príobháideacha seo a leanas faoi athbhreithniú CINNTE in 2024:

- Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath (DBS)
- Coláiste Uí Ghríofa
- Coláiste Hibernia
- Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI)

### CUSPÓIRÍ

Ar thrí phríomhchuspóir a dhírigh an t-athbhreithniú:

1. Rialachas agus Bainistíocht: Struchtúir rialachais agus cleachtais bhainistíochta na n-institiúidí a mheas.
2. Teagasc, Foghlaim agus Measúnú: Caighdeán an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a mheasúnú
3. Féinmheasúnú, Monatóireacht agus Athbhreithniú: Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis féinmheastóireachta institiúidí agus a n-éifeachtúlacht ó thaobh feabhsú leanúnach a chur chun cinn.

### SEISIÚIN MHIONTEAGAISC AGUS COMHAIRLIÚCHÁN LEIS AN EARNÁIL IAO NEAMHSPLEÁCH/PRÍOBHÁIDEACH

Chuaigh QQI i gcomhairle leis an earnáil ardoideachais neamhspleách/príobháideach trí chruinnithe earnála sceidealaithe in 2023 ar shamhail athbhreithnithe CINNTE agus faoin tslí a ndéanfaí é seo a oiriúnú don earnáil seo. Maidir leis na ceithre IAO a gheall dul faoi athbhreithniú institiúideach in 2024, reáchtáil QQI seisiún mionteagaisc leis an ardbhainistíocht chun na téarmaí tagartha agus an próiseas do na hathbhreithnithe a phlé. Reáchtáil QQI seimineár gréasáin ar líne bunaithe ar phiarfhoghlaim agus ar phiarthaithí, leis, do bhaill foirne sna ceithre IAO. Ar deireadh, reáchtáil gach IAO cruinniú le QQI chun na socruithe sonracha dá n-institiúid a phlé agus sceidealadh cruinnithe 'seiceáil isteach' míosúla ansin roimh an athbhreithniú agus lena linn.

### MODHEOLAÍOCHT

Chinntigh an mhodheolaíocht a glacadh próiseas athbhreithnithe láidir agus trédhearcach a chothaigh cultúr feabhsúcháin cáilíochta laistigh de na IAOnna neamhspleácha/príobháideacha. Leagtar amach príomhghnéithe na modheolaíochta sna téarmaí tagartha agus áiríodh an méid seo a leanas iontu:

- Thug **Próifíl Institiúideach (PI)**[5] faisnéis chuimsitheach faoin institiúid ó thaobh stair, struchtúr, misean, fís, spriocanna straitéiseacha, rialachas, struchtúir bhainistíochta, cur chuige cáilíochta, próifíl foirne, próifíl mac léinn, agus líon mac léinn na hinstitiúide. D'fheidhmigh sé seo mar eolas tosaigh don fhoireann athbhreithnithe agus ba é an chéad doiciméad a léigh siad.

5 IP: DBS, Coláiste Hibernia, Coláiste Uí Ghríofa, NCI

- D'ullmhaigh an soláthraí an **Tuarascáil Féinmheastóireachta (SER)**[6] in imeacht tréimhse sé go naoi mí agus léiríodh ann a bpróisis agus a dtorthaí dearbhaithe cáilíochta.
- **Foireann Athbhreithnithe Sheachtrach**[7]**:** Foireann neamhspleách ar leith comhdhéanta de shaineolaithe agus piaraí idirnáisiúnta a sheol an t-athbhreithniú i ngach IAO, agus scrúdaíodh an SER agus doiciméid ábhartha eile lena n-áirítear AQRanna.
- **Cuairt Suímh**: Thug an fhoireann athbhreithnithe cuairt ar an institiúid chun fianaise bhreise a bhailiú, chun dul i mbun oibre le geallsealbhóirí, agus chun an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa SER a fhíorú.
- Príomhghné den phróiseas athbhreithnithe is ea **Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**, agus bhuail gach foireann athbhreithnithe le raon leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear mic léinn, baill foirne, agus comhpháirtithe seachtracha, chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar chleachtais dearbhaithe cáilíochta gach institiúide.
- Thiomsaigh an fhoireann athbhreithnithe **Tuarascáil ar an Athbhreithniú**[8] tar éis na cuairte suímh inar leagadh amach a gcuid torthaí, moltaí, agus moltaí feabhsúcháin.
- **Iar-obair**: Beifear ag súil go bhfreagróidh gach institiúid ardoideachais dá dtuarascáil athbhreithnithe faoi seach agus go gcuirfidh siad na moltaí i bhfeidhm. Déanann QQI monatóireacht ar na gníomhartha leantacha chun feabhas leanúnach a chinntiú.

## TORTHAÍ

Tá roinnt torthaí dearfacha mar thoradh ar athbhreithniú CINNTE ar na ceithre sholáthraí neamhspleácha/príobháideacha níos mó:

- Próisis fheabhsaithe dearbhaithe cáilíochta ar fud IAOnna príobháideacha.
- Cleachtais rialachais agus bainistíochta feabhsaithe.
- Próisis neartaithe teagaisc, foghlama agus measúnaithe.
- Fócas níos mó ar fhéinmheastóireacht agus ar fheabhsú leanúnach.

## CONCLÚID

Ba chéim shuntasach i dtreo oideachas ardchaighdeáin a chinntiú in earnáil IAO neamhspleácha/príobháideacha na hÉireann athbhreithniú QQI ar IAOnna neamhspleácha/príobháideacha in 2024. Tá torthaí agus moltaí na n-athbhreithnithe tar éis comhthéacs a chur ar fáil trínar féidir feabhsú leanúnach agus sármhaitheas a bhaint amach san ardoideachas.

6 SER: DBS, Coláiste Hibernia, Coláiste Uí Ghríofa, NCI

7 Foirne Athbhreithnithe: DBS, Coláiste Hibernia, Coláiste Uí Ghríofa, NCI

8 Tuarascáil ar Athbhreithniú: DBS. Tá na tuarascálacha eile ar feitheamh ar fhoilsiú agus beidh siad ar fáil ar shuíomh gréasáin QQI i Leabharlann Athbhreithnithe QQI in am trátha.





Spreagfaimid ollscoileanna uathrialacha chun a thaispeáint cé chomh héifeachtach agus atá siad ag déanamh monatóireachta agus ag feabhsú cháilíocht eispéireas an fhoghlaimeora, an taighde agus na rannpháirtíochta pobail

### Beartas nua monatóireachta ar cháilíocht threasach a bhunú

Tosaíodh an fhorbairt i 2024 ar bheartas agus creat monatóireachta nua QQI, trína léireofar oibleagáidí QQI agus soláthraithe feidhmeanna reachtacha nua araon faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019, agus comhthéacs nua le haghaidh monatóireachta. Cuireann an creat cur chuige struchtúrtha agus comhtháite i láthair maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fud fheidhmeanna rialála agus soláthraithe QQI laistigh den chóras treasach oideachais agus oiliúna.  Tá sé beartaithe páipéar bán ar an mbeartas agus ar an gcreat monatóireachta a chur ar fáil le haghaidh comhairliúcháin i Ráithe 1, 2025.

### Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE)

Leathnaigh Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta, atá faoi chomhcheannas QQI agus an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO), a bhallraíocht in 2024 chun gach institiúid ardoideachais a chuireann cláir oideachais dochtúireachta ar fáil in Éirinn a áireamh agus mhéadaigh sé ionadaíocht na mac léinn. Léirigh an struchtúr ballraíochta nuashonraithe na hathruithe ar líon na gcinnteoirí institiúideacha ar fud thírdhreach an oideachais dochtúireachta a chuimsítear san Fhóram. I gcomhréir leis na hathruithe ballraíochta, chomhaontaigh an fóram téarmaí tagartha nuashonraithe freisin.

### Dul Chun Cinn i measc grúpaí oibre Fhóram Comhairleach NFDE

Chuir an grúpa oibre rannpháirtíochta do mhic léinn iarchéime a thuarascáil rannpháirtíochta mac léinn iarchéime i gcrích in 2024. Tar éis don fhóram comhairleach í a cheadú, cuireadh an tuarascáil i láthair an Líonra Náisiúnta um Rannpháirtíocht Mac Léinn (NStEP) leis an aidhm líonra rannpháirtíochta mac léinn iarchéime a bhunú.

Rinne an Grúpa Oibre um Rianú Gairme dul chun cinn lena chuid oibre chun togra a fhorbairt le haghaidh tionscadal náisiúnta rianaithe gairme taighdeoirí iarchéime a fhorbairt. Chun obair an ghrúpa seo a threorú, chomhoibrigh an ÚAO leis an Lár-Oifig Staidrimh (CSO) ar thionscadal píolótach, agus tuairisceofar a thorthaí in 2025. Tá tuilleadh eolais faoin gCreat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta agus faoin bhFóram Comhairleach NFDE ar fáil ar shuíomh gréasáin QQI.

### Tuairisciú Bliantúil Cáilíochta (AQR)

In 2024, d'fhoilsigh an QQI tuarascálacha cáilíochta bliantúla (AQRanna) a chlúdaigh an tréimhse tuairiscithe 2022-23.  Sa tréimhse seo, bhí AQRanna á gcur isteach i gcónaí ag gach IAO a bhí á rialú go poiblí. I gcás IAOnna neamhspleácha/príobháideacha, chiallaigh méid agus éagsúlacht na n-institiúidí, chomh maith leis na pleananna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat monatóireachta reatha, nár iarradh ach ar na IAOnna sin a raibh sé i gceist acu ÚT a lorg tuarascáil a chur isteach don tréimhse tuairiscithe seo. San iomlán, fuarthas AQRanna ó 16 IAO a rialaítear go poiblí agus sé cinn d'IAOnna neamhspleácha/phríobháideacha (a bhfuil sé beartaithe ag ceithre cinn acu ÚT a lorg agus dhá AQR a cuireadh isteach go deonach). Foilsítear gach AQR sa Leabharlann Athbhreithnithe ar shuíomh gréasáin QQI.

Lean QQI de bheith ag táirgeadh tuarascálacha sintéise ar na AQRanna mar chuid dá Insights Series. Aithnítear i sintéis na cáilíochta san ardoideachas príomhthéamaí sna AQRanna i ngníomhaíochtaí forbartha agus feabhsaithe cáilíochta arna dtuairisciú ag na hinstitiúidí. Aibhsíonn agus scaipeann na tuarascálacha sintéise dea-chleachtas agus sainaithnítear príomhréimsí fócais iontu don earnáil ardoideachais le linn na tréimhse tuairiscithe ainmnithe.

Foilsíodh sintéis AQRanna 2024 i dtuarascáil amháin, lena n-áirítear na AQRanna ó IAOnna poiblí agus neamhspleácha/príobháideacha, chun léiriú a thabhairt ar an earnáil AO i gcoitinne agus an líon beag tuarascálacha ó IAOnna neamhspleácha/príobháideacha a chur san áireamh. Gheofar an tuarascáil sintéise seo ar shuíomh gréasáin QQI.

Lean QQI de bheith ag déanamh forbairtí agus breisiú ar bhunachar sonraí na gcás-staidéar a baineadh as na AQRanna i gcás IAOnna poiblí agus neamhspleácha/príobháideacha. Soláthraíonn an acmhainn seo fianaise shaibhir ar dhearbhú cáilíochta i mbun gnímh agus is acmhainn mhórluachmhar DC é le dea-chleachtas agus tionscnaimh dea-chleachtais a chomhroinnt. Tá an bunachar sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin QQI.

D'fhonn torthaí earnála na meastóireachta AQR a roinnt ar bhealach níos leithne, piarfhoghlaim a éascú don fhoireann ardoideachais agus réimsí dea-chleachtais a thaispeáint i ndearbhú cáilíochta agus cleachtais fheabhsaithe ar fud na hearnála AO, d'óstáil QQI an ócáid Quality in HE: Sectoral Findings & Enhancement Showcase 2024, i nDeireadh Fómhair 2024. Ba ócáid é leis na príomh-gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile agus bhí tóir ag geallsealbhóirí ar fud na hearnála treasaí air.

## Tosaíocht 4 #léargas - anailís agus léargas údarásach a fhoilsiú

Déanfaimid meastóireacht ar eispéireas na cianfhoghlama agus na foghlama cumaisc agus tabharfaimid treoir maidir le measúnú barántúil d'eispéireas agus toradh feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí

### Meastóireacht a dhéanamh ar dhearbhú cáilíochta soláthraithe i dtaca le Treoirlínte reachtúla DC do Chláir Chumaisc agus Cláir atá ar Líne go hlomlán

Cuireadh tús in 2024 leis an bpróiseas do sholáthraithe ar mian leo iarratais a chur isteach maidir le leathnú a raon feidhme soláthair chun cláir a sholáthar ina n-úsáidfí modheolaíochtaí cumaisc agus modheolaíochtaí ar líne go hiomlán. Forbraíodh treoir phróisis agus teimpléid ghaolmhara agus eisíodh iad i mí na Samhna. Chuir soláthraithe ar mian leo iarratas a dhéanamh léirithe spéise isteach i mí na Nollag 2024. Fuarthas na chéad iarratais ar cheadú go déanach i mí na Nollag agus meastar go gcríochnófar an chéad dá iarratas ar shíneadh raon feidhme go luath in 2025. Leanfaidh an próiseas síneadh raon feidhme ar aghaidh in 2025 isteach i Ráithe 1, 2026.

Foilseoimid anailísí ar leibhéal an chórais agus reáchtálfaimid imeachtaí breisiúcháin, lena n-áirítear cruinniú mullaigh bliantúil le geallsealbhóirí tábhachtacha ar théama straitéiseach tábhachtach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí.





### Comhdháil Dhébhliantúil QQI: Ceannaireacht agus Foghlaim i dTírdhreach atá ag Athrú

Tionóladh comhdháil dhébhliantúil QQI 'Leading and Learning in a Changing Landscape' (Ceannaireacht agus Foghlaim i dTírdhreach atá ag Athrú) ar an 21 Samhain 2024. Bhí an tOllamh Irene Sheridan, Ceann an Champais Leathnaithe, Ollscoil Teicneolaíochta Mumhan agus Cathaoirleach Bhord QQI, ina cathaoirleach ar an gcomhdháil.

Bhí ionadaithe ó gach cearn den chóras oideachais tríú leibhéal in Éirinn i láthair ag an gcomhdháil chomh maith le saineolaithe idirnáisiúnta ceannródaíocha.

Tar éis aitheasc oscailte ón Dr. Padraig Walsh, Príomhfheidhmeannach, Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann, sheol Keith Moynes, Rúnaí Cúnta sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Ráiteas Straitéise QQI 2025-27 'Aire a thabhairt do leasanna foghlaimeoirí'.

Ba é an tOllamh Danny Liu, Ollscoil Sydney, an príomhchainteoir ag an gcomhdháil a rinne iniúchadh ar 'CRAFTing our way towards a future with GenAI' (Ár mbealach i dtreo todhchaí le GenAI a chumadh). Lean plé painéil, faoi cheannas an Dr. Bryan Maguire, Stiúrthóir Comhtháthaithe, QQI, cur i láthair an Ollaimh Liu, inar tugadh cur chuige maidir le forbairtí an IS ghiniúnaigh in oideachas tríú leibhéal na hÉireann. Ar lucht an phainéil bhí:

- An tOllamh Alan Smeaton, Ollamh le Ríomhaireacht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha cliath agus ball de Chomhairle na hÉireann ar an Intleacht Shaorga,
- An Dr. Brendan Ryan, Seirbhís Tacaíochta Foghlama Teicneolaíocht-Bhreisithe, Bord Oideachais Luimnigh agus an Chláir,
- Rebecca Roper, Sainchomhairleoir i gCúrsaí Teagaisc agus Foghlama, An tÚdarás um Ard-Oideachas: Ceannaire Tionscadail Student Success and N-TUTORR, Tionscadal GenAI Champions
- Evelyn Cooper, mac léinn, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus cuiditheoir le Tionscadal N-TUTORR GenAI Champions.

Bhí machnamh ar chur chuige ailínithe le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha mar chuid de chomhdháil 2024 freisin agus chuir an Dr Elaine Boyd, Comhalta Sinsearach Teagaisc, Institiúid an Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Londain, Mary Grennan, Ceann an Oideachais Idirnáisiúnta, QQI agus Thom Kiddle, Stiúrthóir, Institiúid Norwich um Oideachas Teanga i láthair iad.

Chun cothrom 5 bliana ó bunaíodh an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil a chomóradh, labhair an Dr Irene Glendinning, iar-Cheannaire Ionracais Acadúil do Ghrúpa Ollscoile Coventry, an Ríocht Aontaithe agus taighdeoir neamhspleách in ionracas acadúil agus taighde, leis an lucht féachana faoi dhul i ngleic leis na bagairtí reatha faoin ionracas acadúil. Ina dhiaidh sin, chuir Sue Hackett, comhairleoir oideachais neamhspleách, tuarascáil ar mheasúnú tionchair NAIN i láthair. Stiúir Cathaoirleach NAIN, Billy Kelly, plé painéil le baill de Ghrúpa Stiúrtha agus Líonra NAIN: Aisling Reast, Ceann Oifige um Fheabhsú Cáilíochta, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte, Greg O'Brien, Teicneolaí Sinsearach Oideachais, Coláiste Griffith agus an Dr. Mary-Claire Kennedy, Ceannaire Ionracais Acadúil, Ollscoil Luimnigh.

Roinn an tOllamh Veronica Campbell, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, an Dr. Lindsay Malone, Stiúrthóir ar Bhreisoideachas agus Oiliúna, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman agus Ruth Ní Bheoláin, Déan Gnóthaí Acadúla, CCT Baile Átha Cliath, dearcthaí na gceannairí sinsearacha. Roinn an tOllamh Campbell léargais ar chlaochlú institiúideach ag SETU.

Rinne an Dr. Malone cur síos ar athruithe ar FET/BOO agus ar an tslí a gcinnteoidh FET/BOO go dtacaíonn cáilíochtaí foghlaimeoirí lena gcumas amach anseo. Thug Ms. Ní Bheoláin dearcadh ar conas athruithe earnála a bhainistiú trí chomhoibriú.

Phléigh Tom Lowe, Leas-Cheann Scoile (Taithí Mac Léinn) in Airgeadas agus Cuntasaíocht, Ollscoil Westminster, conas is féidir linn freagairt níos fearr d'iompraíochtaí mac léinn atá ag athrú agus rannpháirtíocht a chothú. Tar éis a chur i láthair chuaigh Rachael Sarsfield Ryan, Comhordaitheoir Forbartha, Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn i gceannas ar phlé painéil agus ar an bpainéal sin bhí: Chris Clifford, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Rumbidzai Gandiwa, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Thomas Ryan, Comhairle Mac Léinn FET/BOO, Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann.

Thug Andrina Wafer, Ceann na Soghluaisteachta Idirnáisiúnta agus na Réamhfhoghlama, QQI, cur i láthair do thoscairí ar aitheantas uathoibríoch agus ar fhreagairt do Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin, inar aibhsíodh ceithre thionscadal ENIC-NARIC Erasmus+ gaolmhara.

Áiríodh leis an gcomhdháil cur i láthair freisin ó chomhghleacaithe in institiúidí ardoideachais atá i gceannas ar na hocht dtionscadal taighde atá á maoiniú ag QQI maidir le conas an measúnú a athshamhlú, a maoiníodh mar chuid de chlár comórtha 10 mbliana QQI in 2022. Áiríodh sna cuir i láthair:

- Assessment Identity, Academic Integrity and Ethical Practice (Aitheantas Measúnaithe, Ionracas Acadúil agus Cleachtas Eiticiúil): An tOllamh Marie Clarke, Déan an Léinn Fhochéime, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus an Dr. Deirdre Stritch, comhairleoir neamhspleách oideachais agus DC
- Real Exploration of Assessment and Learning (REAL) using Sophisticated Toolkits across NFQ Levels (Fíor-Iniúchadh ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim (REAL) ina n-úsáidtear Foirne Uirlisí Sofaisticiúla ar fud Leibhéil den CNC): An Dr. Cormac Quigley, Léachtóir Sinsearach in Eolaíochtaí Fóiréinseacha agus Ceimiceacha, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus an Dr. Etain Kiely, léachtóir i matamaitic agus staitisticí
- An investigation into the use of technology-enhanced simulation as an integrative authentic assessment approach on a blended learning professional programme (Imscrúdú ar úsáid insamhalta feabhsaithe teicneolaíochta mar chur chuige measúnaithe barántúil comhtháite ar chlár gairmiúil foghlama cumaiscthe): Patricia Nunan, Stiúrthóir Cláir (Iar-Bhunscoil), Coláiste Hibernia
- UDL designed authentic assessment as preventative measure of Academic Misconduct (Measúnú barántúil arna dhearadh ag UDL mar bheart coisctheach ar Mhí-iompar Acadúil): An Dr. Susan Gottlöber, Déan Comhlach um Theagasc agus Foghlaim i nDámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta, Ollscoil Mhá Nuad
- External Peer Review of Assessment (Athbhreithniú Piaraí Seachtrach ar Mheasúnú): An Dr. Sinead O'Sullivan, Stiúrthóir Cáilíochta, Ollscoil Luimnigh
- A Cost-Benefit Analysis of using the ICAI-McCabe Survey to Measure Beliefs and Knowledge about Academic Integrity in Irish Higher Education (Anailís Costais-Tairbhe ar úsáid Suirbhé ICAI-McCabe chun Tuairimí agus Eolas faoi Ionracas Acadúil in Ardoideachas na hÉireann a Thomhas): An Dr. Andrew Gibson, Ollamh Cúnta, Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Interactive Oral Assessment: A model for robust and authentic assessment design (Measúnú Béil Idirghníomhach: Samhail le haghaidh dearadh measúnaithe láidir agus barántúil): An Dr. Monica Ward, Déan Teagaisc agus Foghlama agus an Dr. Martina Crehan, Ceann an Aonaid Feabhsúcháin Teagaisc, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- A programme-based approach to building authenticity into Assessment and Feedback processes through consultation with Professional and Regulatory Bodies (Cur chuige bunaithe ar chlár chun barántúlacht a chomhtháthú le próisis Mheasúnaithe agus Aiseolais trí dhul i gcomhairle le Comhlachtaí Gairmiúla agus Rialála): Nicole O'Neill, Bainisteoir Nuálaíochta Oideachais, agus Derek Dodd, Forbróir Acadúil, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Gheofar tuilleadh eolais ar na tionscadail a fuair cúnamh deontais ar láithreán gréasáin QQI.

Chomh maith leis sin, d'óstáil QQI trí imeacht réamhchomhdhála ar an 20 Samhain 2024, lena n-áirítear máistir-ranganna ar ionracas acadúil leis an Dr. Irene Glendinning, an measúnú a athshamhlú leis an Ollamh Danny Liu agus ceardlann ar Bheartas um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú (ATP) athbhreithnithe QQI faoi stiúir QQI.

## Maoirseacht Taighde: Siompóisiam um Fhás na Sármhaitheasa

Chomhurraigh QQI Siompóisiam Déan Staidéar Iarchéime Chumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) leis an IUA 'Future Excellence in Doctoral Supervision' (Sármhaitheas sa Todhchaí i Maoirseacht Dochtúireachta) a d'óstáil Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mBealtaine 2024.

Bhreithnigh an siompóisiam tírdhreach comhaimseartha na maoirseachta ar dhochtúireachtaí Eorpacha agus forbairt ghairmiúil don mhaoirseoir agus d'institiúidí. Cuireadh Creat Náisiúnta don Oideachas Dochtúireachta athnuaite i láthair ar an lá.

Áiríodh sa siompóisiam máistir-rang sa mhaoirseacht, plé inar ceiliúradh éagsúlacht i dtaighde iarchéime in Éirinn agus inar breithníodh tionchar an IS giniúnach ar ionracas agus ar mhaoirseacht acadúil.

## Treoirlínte QA ar fhoghlaim atá comhtháite leis an obair

Le linn 2024, lean QQI dá chuid oibre le foireann tionscadail chun sraith nua treoirlínte reachtúla dearbhaithe cáilíochta topaic-shonracha a fhorbairt do chláir lena n-áirítear foghlaim atá comhtháite leis an obair. Táthar ag súil go gcumhdóidh na treoirlínte réimse leathan soláthair, e.g. taithí oibre; printíseacht; intéirneacht; socrúchán cleachtais ghairmiúil; oiliúnaíocht agus tionscadail obair-bhunaithe.

Cuspóir tábhachtach i bhforbairt na dtreoirlínte is ea go mbeidís freagrúil don chleachtas reatha in FET/BOO agus AO in Éirinn. Thosaigh an chéad chéim den obair seo in 2024 agus bhain sé le comhoibriú le soláthraithe oideachais agus oiliúna; oideoirí atá bainteach le soláthar foghlama atá comhtháite leis an obair; foghlaimeoirí; fostóirí; forais ghairmiúla, reachtúla agus rialála; agus geallsealbhóirí eile chun a dtuairimí, a dtaithí agus a spéis i bhfoghlaim atá comhtháite leis an obair a thuiscint.

## Raon feidhme tionscadail a fhorbairt chun na bagairtí agus na deiseanna d'oideachas treasach a eascraíonn as intleacht shaorga a mheas.

### Léargas den Intleacht Shaorga (IS)

In 2024, chuir QQI tús le tionscadal chun tacú lenár dtuiscint ar impleachtaí an IS Ghiniúnaigh don chóras oideachais tríú leibhéal in Éirinn. I gcás soláthraithe oideachais agus oiliúna, tá impleachtaí fairsinge féideartha ag IS Giniúnach dá n-oibríochtaí, lena n-áirítear oiriúnacht

curaclaim agus an cur chuige i leith teagaisc, foghlama agus measúnú; socruithe dearbhaithe cáilíochta; beartas agus gnás; rannpháirtíocht le forbairtí disciplíneacha agus tionscail agus freagrúlacht dóibh; earcaíocht agus forbairt foirne; agus bonneagar teicneolaíochta agus dlíthiúil.

Thosaigh an chéad chéim bailithe sonraí den tionscadal i mí na Nollag 2024. Lorgaíodh sonraí ar thuairimí, úsáidí agus freagraí na bpáirtithe leasmhara tábhachtacha ar fud na hearnála maidir le forbairtí in IS giniúnach. Mar chuid de seo, bhí fonn ar QQI cloisteáil ó fhoghlaimeoirí agus ó bhaill foirne sa bhreisoideachas, ardoideachais agus i múineadh an Bhéarla trí shuirbhéanna ar líne. D'iarr QQI faisnéis ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna freisin maidir le hábhair bhreithnithe agus freagraí eagraíochtúla.

Tar éis anailís a dhéanamh ar na hionchuir seo, foilseoidh QQI tuarascáil in 2025 ina dtabharfar léargas ar na torthaí agus tá sé beartaithe againn tuilleadh sonraí a bhailiú sna blianta amach romhainn chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-athraíonn na tionchair le himeacht ama.

### Cúig Phríomhréimse Gníomhaíochta maidir le IS Giniúnach agus Measúnú

Ar an 20 Samhain 2024, reáchtáil QQI An Measúnú a Athshamhlú: Cúig Phríomhréimse Gníomhaíochta maidir le IS giniúnach agus measúnú, an ceann is déanaí i sraith Máistir-ranganna agus Imeachtaí An Measúnú a Athshamhlú de chuid QQI.

Faoi stiúir an Ollaimh Danny Liu ó Ollscoil Sydney, sa mháistir-rang duine le duine seo rinneadh iniúchadh ar chúig phríomhréimse gníomhaíochta a chabhróidh le soláthraithe a gcuid acmhainní a dhíriú agus iad ag dul i ngleic le dúshláin agus le deiseanna IS giniúnach agus measúnú.

Trí shamplaí praiticiúla de chur chuige i leith IS i gcúrsaí measúnaithe, áiríodh sa seisiún tumadh domhain isteach i róil na rialacha comhtháite, rochtain chothrom, leibhéil aithnidiúlachta, cothú muiníne, agus cothú an chultúir chun cabhrú le soláthraithe dul chun cinn i dtreo rannpháirtíocht fhreagrach agus táirgiúil le IS giniúnach.

### An Measúnú ar Fhoghlaim atá Comhtháite leis an Obair a Athshamhlú (WIL): Barántúlacht, Cuimsitheacht agus Inbhuanaitheacht

Ní próiseas éasca ná díreach é dearadh measúnaithe agus méadaíonn an chastacht seo nuair a chuirtear san áireamh an raon geallsealbhóirí atá bainteach le foghlaim chomhtháite san obair. Is dócha go mbeidh raon spriocanna agus cuspóirí ag foghlaimeoirí, oideoirí, agus ionaid oibre, agus go bhféadfadh cuid acu a bheith i dteannas lena chéile. Ní mór don mheasúnú comhordú a dhéanamh ar an teannas iomaíoch seo, agus fós rud éigin níos mó a dhéanamh: foghlaim a chur chun cinn agus a chinntiú ar bhealach comhsheasmhach.

Díríodh sa mháistir-rang duine le duine seo, a chuir an Dr. Joanna Tai, Comhalta Sinsearach Taighde san Ionad um Thaighde i Measúnú agus i bhFoghlaim Dhigiteach (CRADLE) in Ollscoil Deakin san Astráil, i láthair ar an 18 Aibreán 2024, ar thrí ábhar dearaidh thábhachtacha le haghaidh measúnú, ag tarraingt ar litríocht choincheapúil agus taighde eimpíreach a rinneadh le déanaí: barántúlacht (maidir le peirspictíochtaí geallsealbhóirí), cuimsitheacht (d'fhoghlaimeoirí éagsúla, agus chun sochaí chuimsitheach a chur chun cinn), agus inbhuanaitheacht (d'ionaid oibre, d'oideoirí, agus le cumais foghlaimeoirí a chinntiú lasmuigh dá gcomhthéacs oideachais reatha).





Ba iad na cuspóirí:

1. Meas a léiriú ar an teannas agus ar na dúshláin a ghabhann le measúnuithe a dhearadh le haghaidh WIL
2. Tosaíochtaí i ndearadh measúnaithe a phlé maidir le barántúlacht, cuimsitheacht agus inbhuanaitheacht.
3. Deiseanna a shainaithint chun dearadh measúnaithe do WIL a bheachtú le geallsealbhóirí tábhachtacha.

### An Measúnú a Athshamhlú: Measúnú agus Caighdeáin Chuimsitheacha i nDomhan Dinimiciúil atá ag Athrú

Ar an 17 Aibreán 2024, d'óstáil QQI, AHEAD agus Líonra Oibre na gComhairleoirí Míchumais (DAWN) comhdháil ar *"Rethinking Assessment: Inclusive Assessment and Standards in a Dynamic and Changing World" (Measúnú a Athshamhlú: Measúnú agus Caighdeáin Chuimsitheacha i nDomhan Dinimiciúil atá ag Athrú).*

Ba é aidhm an imeachta seo foireann teagaisc/acadúil, ceannairí, foireann tacaíochta acadúil agus foghlaimeoirí, agus foghlaimeoirí ó na hearnálacha oideachais bhreise agus ardoideachais, agus Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar bhailíocht a rogha cur chuige i leith measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na dtorthaí foghlama beartaithe ag foghlaimeoirí (i.e., caighdeáin) agus, ar an tslí seo, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-imrítear tionchar ar mhic léinn, cibé an gá na caighdeáin agus na cineálacha cur chuige measúnaithe sin a bheith níos cuimsithí agus, más gá, conas iad a dhéanamh níos cuimsithí.

Chuala na daoine a ghlac páirt ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaobh:

- na dúshláin a bhaineann le measúnú agus caighdeáin chuimsitheacha i gcomhthéacsanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe comhaimseartha
- na tionchair nuair nach bhfuil an measúnú agus na caighdeáin cuimsitheach
- conas a d'fhéadfaimis freagairt do na dúshláin agus na deiseanna a chuirtear i láthair.

Pléadh ag an imeacht cás-staidéar ar chleachtas nuálach i measúnú agus caighdeáin chuimsitheacha sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

### An Measúnú ar Thorthaí Foghlama san Ardoideachas a Athshamhlú

Tionóladh an cheardlann ar an 30 Eanáir agus pléadh ann an comhthéacs, agus na dúshláin a ghabhann le, torthaí foghlama a úsáid i gcomhthéacs ardoideachais agus chuir sé le saineolas rannpháirtithe ó thaobh torthaí foghlama a fhorbairt agus a mheasúnú. Bhí sé dírithe ar dhaoine a bhí bainteach le measúnú, i bhforbairt agus in athbhreithniú clár, agus i ndearbhú cáilíochta. Ina measc sin bhí foireann acadúil agus scrúdóirí seachtracha.

### Measúnú ar Thorthaí Foghlama sa Bhreisoideachas a Athshamhlú

Sa cheardlann seo a tionóladh ar an 29 Eanáir pléadh ann an comhthéacs, agus na dúshláin a ghabhann le, torthaí foghlama a úsáid i gcomhthéacs breisoideachais agus oiliúna agus d'fhorbair sé saineolas rannpháirtithe ó thaobh torthaí foghlama a fhorbairt agus a mheasúnú. Bhí sé dírithe ar dhaoine a bhí bainteach le measúnú (cleachtóirí agus fíordheimhnitheoirí seachtracha ina measc), forbairt agus athbhreithniú clár, agus dearbhú cáilíochta.

### An Measúnú a Athshamhlú: Anailís ar éagsúlacht na n-aicmí céime baitsiléara onóracha 2012-2022

Tá QQI agus na forais cháiliúcháin eile ag comhoibriú ar anailís chun tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá leis an éagsúlacht i bpróifíl aicmithe na gcéimeanna baitsiléara onóracha le deich mbliana anuas agus chun níos mó soiléire a sholáthar don phobal i gcoitinne agus do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le cuspóirí agus an bhrí le haicmiú céimeanna. Comhaontaíodh téarmaí tagartha an staidéir i mí Iúil 2023, lena n-áirítear cás-staidéir cláir a chríochnú agus sonraí ar chleachtais aicmithe ó institiúidí ardoideachais a sholáthar, agus ina dhiaidh sin déanfaidh QQI meitea-anailís ar shonraí cláir agus institiúideacha. Tá QQI ag obair i gcónaí leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar anailís ar shonraí cainníochtúla ábhartha.

Thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis na cás-staidéir a chríochnú. Táthar ag súil le tuarascáil ar thorthaí na hanailíse seo in 2025.

### An Measúnú a Athshamhlú: Nuashonruithe eatramhacha ar threoirlínte measúnaithe FET/BOO

I mí Lúnasa 2024, d'fhoilsigh QQI nuashonrú eatramhach beartaithe ar Threoirlínte Eatramhacha Measúnaithe Dearbhaithe Cáilíochta QQO do Sholáthraithe agus Treoirlínte Eatramhacha Measúnaithe Dearbhaithe Cáilíochta le haghaidh Fíordheimhniú Seachtrach. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na freagraí ar an gcomhairliúchán, foilseofar na treoirlínte nuashonraithe in 2025.

### Cáilíocht san AO: Taispeántas de Thorthaí Earnálacha & Feabhsúcháin 2024

Tugann próiseas bliantúil tuairiscithe cáilíochta (AQR) QQI léargas uathúil ar an speictream leathan gníomhaíochta dearbhaithe agus feabhsú cáilíochta ar fud chóras ardoideachais na hÉireann.

Ar an 2 Deireadh Fómhair 2024, d'óstáil QQI an dara himeacht bliantúil chun rogha de na cás-staidéir feabhsúcháin cáilíochta a chuir institiúidí ardoideachais isteach mar chuid den phróiseas AQR in 2024 a thaispeáint.

Chuir an ócáid seo, a eagraíodh in Óstán Radisson Blu Royal, Baile Átha Cliath, deiseanna ar fáil do bhaill foirne ardoideachais ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha/neamhspleácha chun machnamh a dhéanamh agus foghlaim ó phiaraí maidir le raon éagsúil tionscnamh breisithe cáilíochta.

Chlúdaigh gníomhaíochtaí feabhsúcháin in AQRanna na bliana seo réimse leathan téamaí, lena n-áirítear:





## CÁS-STAIDÉAR (V)

## FEABHSÚ NA FOGHLAMA TRÍD AN TUARASCÁIL SINTÉISE AR CHÁILÍOCHT I MBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA



### CÚLRA

In 2021/2022, rinne QQI Athbhreithniú Tionscnaimh ar éifeachtacht na mbeartas agus na ngnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú ag na 16 bhord oideachais agus oiliúna. Tar éis chríochnú agus foilsiú na dtuarascálacha ó na hathbhreithnithe seo, bhí ar gach bord tuarascáil leantach a chur isteach ina raibh sonraí faoin dul chun cinn a rinneadh ó thaobh díriú ar mholtaí a rinneadh ina dtuarascáil Athbhreithnithe Tionscnaimh. Chun an fhoghlaim ó na tuarascálacha leantacha a fheabhsú agus aird a tharraingt ar dhea-chleachtas ar fud na hearnála, táirgeadh tuarascáil sintéise inar sainaithníodh príomhthéamaí a tháinig chun cinn sna 16 tuarascáil leantacha.

### AN MHODHEOLAÍOCHT

Rinneadh athbhreithniú ar na tuarascálacha leantacha a chuir na 16 bhord isteach mar fhreagra ar an bpróiseas Athbhreithnithe Tionscnaimh, agus tugadh faoi deara na téamaí agus na topaicí a bhí sna tuarascálacha agus sna cás-staidéir a cuireadh isteach. Sintéisíodh an fhaisnéis a bailíodh chun tuarascáil a tháirgeadh a chuireann forbhreathnú ar na téamaí i láthair agus a thugann léargas ar thionchar leanúnach an Athbhreithnithe Tionscnaimh sa dá mhí dhéag tar éis a chríochnaithe.

### PRÍOMHTHÉAMAÍ

Aithnítear sa tuarascáil sintéise roinnt príomhthéamaí agus topaicí, chomh maith le

roinnt príomhthionscnamh a chuir BOOanna i bhfeidhm mar fhreagra ar mholtaí a rinneadh sna tuarascálacha athbhreithnithe. I measc na bpríomhthéamaí a sainaithníodh ar fud na dtuarascálacha leantacha tá feabhsuithe ar rialachas DC, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, méadú ar ghuth an fhoghlaimeora, bainistíocht sonraí feabhsaithe, agus cur chun cinn na forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD) chun feabhas a chur ar an taithí foghlama. Tá samplaí láidre de chomhoibriú, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, agus iarracht ar pheirspictíocht sheachtrach le feiceáil sna tuarascálacha. Tá an tiomantas chun guth an fhoghlaimeora a mhéadú agus a ghabháil soiléir sna tuarascálacha.

## TIONCHAR:

Ba chloch mhíle shuntasach í próiseas an Athbhreithnithe Tionscnaimh don cháilíocht in earnáil na mbord oideachais agus oiliúna. Léiríonn an tuarascáil sintéise earnáil atá ag athrú agus ag forbairt a socruithe bainistíochta agus ag cur feabhais ar dhearbhú cáilíochta agus ag leabú cultúr cáilíochta i gcónaí. Is é conclúid na tuarascála go bhfuil tiomantas láidir ann d'fhorbairt leanúnach na cáilíochta ar fud na hearnála, agus go leor gníomhaíochtaí agus gníomhartha pleanáilte curtha i bhfeidhm. Is léir go háirithe an neartú agus an t-eagar atá déanta ar chaidreamh na mbord le comhpháirtithe réigiúnacha tionscail agus fostóirí. Tá dearbhú cáilíochta, a bhainistiú, a bhreisiú agus a mhaoirsiú, ag forbairt i gcónaí laistigh de na boird oideachais agus oiliúna.

## GLACADH DEARFACH

Thug na geallsealbhóirí fáilte roimh thuarascáil sintéise QQI. Is léir go háirithe neartú agus eagrú chaidreamh na mBord Oideachais agus Oiliúna le comhpháirtithe tionscail réigiúnacha agus le fostóirí. Tá QQI ag obair i gcónaí le boird oideachais agus oiliúna chun feabhsú leanúnach a chur chun cinn agus cultúr cáilíochta a chothú.





- Feabhsú teagaisc, foghlama agus measúnaithe
- Digitiú agus úsáid sonraí i bhfeabhsú cáilíochta
- Rochtain ar ardoideachas a leathnú
- Príomhóráid ón Ollamh Claire Hamshire, Leas-Seansailéir Comhlach, Oideachas & Taithí Mac Léinn, Ollscoil Salford: *" Taking a long view towards quality improvement: an intentional approach to solving wicked problems and improving student experience" (Dearcadh fadtéarmach a ghlacadh i dtreo feabhsúcháin cáilíochta: cur chuige intinneach i leith fadhbanna mailíseacha a réiteach agus taithí mac léinn a fheabhsú)*
- Forbhreathnú téamach ar thuairisciú bliantúil cáilíochta in 2024
- Deis don lucht freastail rannchuidiú le ceardlann ar chur chuige QQI amach anseo i leith monatóireacht na cáilíochta.

Déanfaimid anailísí ar leibhéal an chórais ar thorthaí athbhreithnithe cáilíochta an bhreisoideachais agus an ardoideachais mar bhonn le cur chuige nua agus nuálach i leith dearbhú cáilíochta institiúideach.

### Anailís théamach a fhoilsiú ar na pleananna gníomhaíochta agus na tuarascálacha leantacha ag éirí as an gcéad athbhreithniú ar dhearbhú cáilíochta in BOOnna

Thug an rannán Taighde agus Nuálaíochta tacaíocht do TEMRU le sintéis de na tuarascálacha leantacha ó na BOOnna a tháirgeadh don chéad phróiseas athbhreithnithe ar DC.

### Cáilíocht san Ardoideachas 2024

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhoilsigh QQI a anailís théamach bhliantúil ar na tuarascálacha cáilíochta bliantúla (AQRanna) a chuir institiúidí ardoideachais (IAOnna) na hÉireann isteach Aithnítear i gCáilíocht san Ardoideachas 2024 téamaí atá ag teacht chun cinn ó thuairisciú 2024 a rinne IAOnna poiblí agus príobháideacha/neamhspleácha don bhliain tuairiscithe 2022/23.

Áirítear leis an tuarascáil freisin anailís ar leibhéal an chórais, ina n-aithnítear treochtaí suntasacha ar fud na hearnála. I measc na bpríomhthéamaí a tháinig chun cinn ó na hAthbhreithnithe Faisnéise Bliantúla 2024 bhí:

- Tugann tuairisciú ar mhéadú áiseanna agus infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar digiteach le fios gur tosaíocht straitéiseach leanúnach don earnáil iad infheistíochtaí chun teagasc agus foghlaim feabhsaithe teicneolaíochta a chumasú. Cé gur téama suntasach é an digitiú, is beag AQR a thagraíonn d'fhorbairt, rialachas nó cur i bhfeidhm straitéisí agus pleananna TFC/digiteacha ar fud na hinstitiúide.
- Thuairiscigh roinnt IAOnna ar chur i bhfeidhm nó ar fhorbairt leanúnach córas agus uirlisí atá deartha go sonrach chun cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí a éascú. I measc na samplaí bhí úsáid painéal mar bhonn eolais le gníomhaíochtaí ó earcaíocht agus iontrálacha go tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus seachadadh clár.
- Tar éis ChatGPT a eisiúint le linn na tréimhse tuairiscithe, léiríonn na hAQRanna freagraí ilghnéitheacha ó IAOnna ar na bagairtí a bhaineann le IS Giniúnach don ionracas acadúil. Léiríonn tuarascálacha ó roinnt institiúidí freisin go bhfuil IAOnna ag

féachaint go gníomhach le leas a bhaint as na deiseanna a chuireann IS ar fáil, e.g. trí úsáid a bhaint as botaí comhrá agus uirlisí AI chun soláthar seirbhísí a fheabhsú agus éifeachtúlachtaí a chumasú.

- Is tiománaí tábhachtach laistigh den earnáil fós an fhreagracht do riachtanais na bhfiontar agus an tionscail, rud a mbíonn tionchar aici ar fhorbairt clár, ar chomhpháirtíochtaí taighde agus ar ghníomhaíochtaí aistrithe eolais.
- Tá tiomantas don chomhionannas, don éagsúlacht agus don chuimsiú le feiceáil freisin i ngnéithe éagsúla den tuairisciú, lena n-áirítear tionchar an chleachtais chuimsithigh ar an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú; forbairt punann clár; agus foghlaim agus forbairt a sholáthar do bhaill foirne i réimsí a bhaineann le héagsúlacht.
- Is gné shuntasach de phleananna agus de thosaíochtaí straitéiseacha laistigh d'IAOnna i gcónaí í an inbhuanaitheacht, rud a mbíonn tionchar aici ar chomhpháirtíochtaí tionscail, leithdháileadh acmhainní, maoiniú taighde, an timpeallacht thógtha agus ar dhearadh clár.

Tá cur i láthair den fhorbhreathnú ar leibhéal an chórais ar na tuarascálacha bliantúla cáilíochta 2024 ar fáil le féachaint ar YouTube.

## **Príomhchumasóir 1 #comhpháirtíocht -** comhpháirtíochtaí straitéiseacha a neartú chun athrú córais a chur i bhfeidhm

Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar an mbeartas oideachais agus oiliúna tríd an gcaidreamh atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile

### Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). Ballraíocht IQQF a leathnú lastall den fho-ghrúpa tosaigh d'fhorais cháiliúcháin reachtúla.

Bhuail ionadaithe sinsearacha ó fhorais cháiliúcháin reachtúla atá lonnaithe in Éirinn, lena n-áirítear QQI, i mí Dheireadh Fómhair 2024 mar fhoghrúpa d'Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann. Áiríodh sa chruinniú plé suntasach ar threo an dearbhaithe cáilíochta san ardoideachas amach anseo le cur i láthair ón Ollamh Paul Giller, MRIA, Ollamh Emeritus na hÉiceolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Thagair plé eile don Phacáiste Ardoideachais Eorpach i gcomhthéacs saincheisteanna aitheantais, teidealú dámhachtainí nach mórdhámhachtainí iad agus tionscadail atá le teacht faoi stiúir QQI maidir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Comhaontú reachtúil (MT) nua idir ÚAO/ QQI a fhoilsiú agus an caidreamh a choimeád dá réir Meabhráin Tuisceana (MT)





Déanann an QQI cumarsáid agus comhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fud an oideachais threasaigh, faoi na téarmaí a comhaontaíodh ina MTanna. In 2024, athnuadh MT le SOLAS agus athnuadh MTanna náisiúnta leis an Quality Assurance Agency for Higher Education (QAA) agus an Malaysian Qualifications Agency (MQA).

### Plean cumarsáide a fhorbairt chun tacú le tuiscint níos fearr ar aitheantas cáilíochtaí agus ar ról na seirbhíse NARIC laistigh de, agus chun iad a chothú agus a chur chun cinn.

### Próifílí Oideachais Tíre - faisnéis náisiúnta ar ardchaighdeán a chruthú chun tacú le haitheantas.

Agus an t-éileamh ar fhaisnéis ardchaighdeáin mhéadaithe á aithint acu chun bheith mar bhunús le cinntí aitheantais ó chomhlachtaí aitheantais acadúla, comhlachtaí gairmiúla reachtúla agus fostóirí, choimisiúnaigh NARIC Ireland taighde ar an ngá atá le faisnéis agus an t-éileamh ar Phróifílí Oideachais Tíre ar leith. Coimisiúnaíodh deich bpróifíl lena bhforbairt, agus ceann amháin d'Éirinn freisin chun taighdeoirí agus lucht déanta beartas ó thar lear a chur ar an eolas, rud a thugann pictiúr cuimsitheach agus cothrom le dáta den chóras náisiúnta oideachais agus cáilíochtaí. Tá dearbhú cáilíochta á dhéanamh orthu seo, go hinmheánach agus ag údaráis na ndlínsí ábhartha, agus nuair a bheidh siad críochnaithe, foilseofar iad in 2025.

Cuideoimid le meicníochtaí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach foghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le comhlachtaí ionadaíocha foghlaimeoirí agus le forais tacaíochta.

### Ár gcuid oibre le foghlaimeoirí

Lean QQI de bheith ag plé le hionadaithe foghlaimeoirí i ngach ceann dá fheidhmeanna agus dá chláir rannpháirtíochta in 2024. Áiríodh leis seo plé díreach le forais ionadaíocha, lena n-áirítear Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) agus rannpháirtíocht i National FET Learner Forum, arna óstáil ag AONTAS. D'athdhearbhaigh QQI freisin go n-urrófaí Gradaim AONTAS STAR 2025 sa chatagóir Guth an Fhoghlaimeora, mar a rinneadh sna blianta roimhe sin.

### An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn (NStEP)

Ó bunaíodh é in 2016, tá tacaíocht á fáil ag an gClár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP) trí chomhpháirtíocht idir QQI, an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) agus AMLÉ. Tharla roinnt athruithe foirne in 2024, lena n-áirítear Bainisteoir nua NstEP a cheapadh chun an clár a stiúradh isteach ina chéad chéim straitéiseach eile.

### Clár Oiliúna Mac Léinn

Chun tús a chur leis an mbliain acadúil 2023-2024, reáchtáil NStEP a imeacht bliantúil 'Traenáil an Traenálaí' i mí Lúnasa 2023 ag ullmhú traenálaithe mac léinn chun a seisiúin Chlár Oiliúna Mac Léinn a sheachadadh. Sheachaid NStEP 52 seisiún oiliúna do mhic léinn, trínar oileadh 659 mac léinn i ngach ceann dá mhodúil oiliúna (lena n-áirítear modúil féin-staidéir). Thug sé seo líon iomlán na mac léinn a fuair oiliúint ó NStEP go 6,998. Seo a leanas comhdhéanamh na seisiún oiliúna:

- Bun-oiliúint d'Ionadaithe Ranga – 42 seisiún – 478 mac léinn oilte.
- Ardoiliúint d'Ionadaithe Ranga – 6 sheisiún – 61 mac léinn oilte.
- Oiliúint Ionadaíochta Éagsúlachta – 4 sheisiún – 47 mac léinn oilte.
- Modúil féinstaidéir ar líne – 73 mac léinn oilte.

## Mol Cás-Staidéar Rannphháirtíochta na Mac Léinn

Bhí Mol Cás-Staidéar Rannpháirtíochta na Mac Léinn de chuid NStEP ag leathnú i gcónaí in 2024. Sa ghlao is deiridh, fuair NStEP aighneachtaí ó institiúidi ar théamaí éagsúla:

- Comhpháirtíocht Mac Léinn-Foireann i mbun Feidhme
- Rannpháirtíocht Mac Léinn i mBreisiú an Teagaisc agus na Foghlama
- Cineálacha Cur Chuige ag Mic Léinn i leith an Mheasúnaithe
- Piarthacaíocht faoi Threoir Mac Léinn a Fhorbairt.

Foilsíodh na hiarratais ar éirigh leo ar an Mol Cás-Staidéir i mBealtaine 2024.

## Tionscadal um Rannpháirtíocht, Folláine agus Muintearas Mac Léinn

Lean an tionscadal um Rannpháirtíocht, Folláine agus Muintearas Mac Léinn ar aghaidh ag forbairt ó thús deireadh 2024, tar éis comhairliúchán poiblí in 2023. Tionóladh fócasghrúpaí breise le hionadaithe mac léinn agus oifigigh Aontas na Mac Léinn ag Comhdháil Bhliantúil USI i mí an Mhárta 2024. Ceapadh agus seoladh dhá shuirbhé (ceann amháin do mhic léinn agus ceann eile do bhaill foirne) chun tuilleadh eolais a bhailiú a bhaineann go sonrach le IAOnna na hÉireann maidir le rannpháirtíocht, folláine agus muintearas mac léinn.

Tháinig deireadh le rannchuidiú NStEP leis an tionscadal Rannpháirtíochta, Folláine agus Muintearais Mac Léinn i mí na Bealtaine 2024 nuair a d'fhág Comhordaitheoir Rannpháirtíochta, Folláine agus Muintearais na Mac Léinn as an bpost. Tá an tionscadal á fhorbairt i gcónaí ag an Údarás um Ard-Oideachas faoi chúram Healthy Campus Ireland.

## Tionscadal Daonáirimh Ionadaithe Ranga

Thug an tionscadal seo léargas do NStEP ar éagsúlacht na líonta mac léinn in ardoideachas na hÉireann trí iarraidh go díreach ar mhic léinn tuilleadh eolais a roinnt fúthu féin agus faoi aon saincheisteanna nó coinníollacha a bhféadfadh tionchar a bheith ar a bhfoghlaim nó ar a ngníomhaíochtaí foghlama. Tá ceisteanna suirbhé an tionscadail leabaithe san fhoirm thosaigh Aiseolais Oiliúna d'Ionadaithe Ranga. Gheofar torthaí an tsuirbhé i dTuarascáil an Tionscadail Daoráirimh 2023/24.

## Imeacht Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn

Ar an 28 Samhain 2024, chuir NStEP fáilte roimh bhaill foirne agus mic léinn ó institiúidí ardoideachais chuig Coláiste Náisiúnta na hÉireann le haghaidh Imeacht Líonra Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn. Ba é téama an imeachta seo ná 'Engage, Empower, Elevate: Transforming the Student Experience' (Meall, Cumhachtaigh, Ardaigh: Taithí na Mac Léinn a Athrú ó Bhun) agus chuala iad siúd a bhí i láthair ó bhaill foirne agus ó mhic léinn ar fud na hearnála, lena n-áirítear an príomhchainteoir, Rebecca Roper, Tionscadal Rathúlachta na Mac Léinn, ÚAO. Dhírigh Ms Roper ar thábhacht an athraithe faoi stiúir mac léinn agus tionscnaimh cheannaireachta mac léinn, an gá atá le peirspictíochtaí éagsúla chun timpeallachtaí oideachais chuimsitheacha a mhúnlú, an t-athrú ar rannpháirtíocht na mac léinn i ndiaidh na paindéime agus an gá atá le straitéisí rannpháirtíochta a oiriúnú chun freastal ar riachtanais mac léinn i ndomhan atá ag athrú go tapa, agus sláinte mheabhrach agus folláine mac léinn.

## Rannpháirtíocht na Mac Léinn i nGníomhaíochtaí Dearbhaithe Cáilíochta

Fuarthas iarratais ar Athbhreithneoirí Mac Léinn go seasta i rith na bliana acadúla 2023/2024 agus tá an-tóir fós ar athbhreithneoirí mac léinn. Glaodh ar Athbhreithneoirí Dearbhaithe





Cáilíochta Mac Léinn (SQARanna) nua i míonna Iúil agus Lúnasa 2024. Ghlac níos mó ná 70 athbhreithneoir mac léinn páirt sa Ghrúpa do 2024/25. Tionóladh Oiliúint SQAR i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus comh-sheachadadh í faoi stiúir NStEP, QQI agus USI.

## Comhpháirtíochtaí Nua NStEP

Chuir NStEP fáilte roimh institiúid chomhpháirtíochta nua, Holmes Institution Dublin, i mí na Nollag 2024, rud a thug líon na n-institiúidí comhpháirtíochta NStEP go 26.

Sa dara leath de 2024, thosaigh NStEP ag obair go dlúth le Saorálaithe Mac Léinn Éireann chun cumais cheannaireachta na mac léinn a toghadh chuig Painéal Comhairleach Mac Léinn a chur chun cinn agus a fhorbairt. Reáchtáil NStEP tús-seisiúin Rannpháirtíochta agus Ionadaíochta Mac Léinn ar líne leis na mic léinn a toghadh ar an bPainéal Comhairleach i Samhain 2024.

Fáiltíonn NStEP roimh spéis ó institiúidí ardoideachais eile ar mian leo páirt a ghlacadh sa chlár.

> Tiomáinfimid tógáil acmhainne sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis mhaoinithe, forais ionadaíocha soláthraithe agus geallsealbhóirí eile.

## Páirt a ghlacadh i ngrúpaí stiúrtha um Chlaochlú Foghlama (straitéis FET/BOO) agus i ngrúpaí oibre tacaíochta

Is é an Grúpa Stiúrtha um Chlaochlú Foghlama (Cur i bhFeidhm Straitéis FET/BOO) an grúpa a bunaíodh chun cur i bhfeidhm Straitéis FET/BOO 2020-24 a rianú. Tá ionadaithe ag DFHERIS, SOLAS, ETBI (arna ionadú ag baill ó Ghrúpa Príomhfheidhmeannach na mBord Oideachais agus Oiliúna) agus QQI ar an ngrúpa stiúrtha.

Le linn 2024, rinne an Príomhfheidhmeannach, Padraig Walsh agus Walter Balfe (Ceann an Dearbhaithe Cáilíochta, Stiúrthóireacht na nDámhachtainí), ionadaíocht ar QQI ag cruinnithe an ghrúpa i mí Feabhra, Márta, Bealtaine, Iúil agus Samhain.

> Cabhróimid le forluí i gcleachtais mheasúnaithe clár a laghdú trí oibriú le forais rialála gairmiúla agus reachtúla agus le hinstitiúidí ardoideachais.

## Clár Finding Common Ground – Rannpháirtíocht QQI le comhlachtaí reachtúla agus rialála gairmiúla

Lean QQI lena chlár Finding Common Ground maidir le rannpháirtíocht le comhlachtaí reachtúla agus rialála gairmiúla (PSRB) in 2024 le trí cinn d'imeachtaí (dhá imeacht ar líne, agus imeacht amháin duine le duine). I measc na dtopaicí a pléadh bhí socruithe réasúnta, measúnú agus caighdeáin chuimsitheacha, forbairt ghairmiúil leanúnach, nuashonrú ar fhorbairt treoirlínte dearbhaithe cáilíochta ar fhoghlaim atá comhtháite leis an obair, ról na hintleachta saorga i ngairmeacha agus in oideachas gairmiúil, measúnú ar líne agus na dúshláin agus na deiseanna d'fhorais cháiliúcháin liostaithe agus do chláir arna rialáil go gairmiúil.

Rinneadh formhuiniú breise ar na prionsabail maidir le rannpháirtíocht ghairmiúil le soláthraithe oideachais i rith na bliana. Tá sé mar aidhm ag na prionsabail seo róil agus freagrachtaí na ngníomhaithe uile atá bainteach le creidiúnú gairmiúil agus acadúil a shoiléiriú agus laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin neamhriachtanach a eascraíonn as dúbláil nó forluí idir próisis den sórt sin.

Leanfaimid orainn ag imirt tionchair agus ag cur le dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí tríd ár gcaidreamh straitéiseach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú.

### Dul i mbun oibre le geallsealbhóirí tábhachtacha atá bainteach le haitheantas maidir le smaointeoireacht, cleachtas agus cur i bhfeidhm reatha

### Oibriú i gcomhpháirtíocht ar fud an domhain, guth údarásach

Lean foireann NARIC Ireland de bheith rannpháirteach go gníomhach mar chuid de líonraí aitheantais Eorpacha agus domhanda, lena n-áirítear comh-chur i láthair a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach maidir le Comhaontais Ollscoileanna Eorpacha, Céim Eorpach, Dearbhú Cáilíochta agus Aitheantas ag Cruinniú Comhpháirteach ENIC NARIC i Napoli, san Iodáil. Ag Comhdháil Bhliantúil TAICEP, i gCathair Québec, Ceanada, rinne NARIC Ireland cur i láthair ar "Changes in Accreditation in the United States and Beyond: Implications for Recognition Around the World (Athruithe ar Chreidiúnú sna Stáit Aontaithe agus Lastall De: Impleachtaí d'Aitheantas ar Fud an Domhain) agus "How National Qualification Frameworks are utilised" (An úsáid a bhaintear as Creataí Cáilíochta Náisiúnta). Cuireadh eolas ar fáil, leis, i gcomhar le ENQA agus i gcomhthéacs obair Phiarghrúpa Téamach Bologna chun córais aitheantais dáilte éifeachtacha a chur chun cinn, acmhainn a thógáil ar fud na gcóras, socruithe aitheantais fhrithpháirtigh uathoibríocha éifeachtacha a dhoimhniú agus aitheantas a thacú do dhídeanaithe agus do dhaoine easáitithe i ndlúthchomhpháirtíocht le ceannairí institiúideacha.

### Cad iad na MÓR-SMAOINTÍ i gcúrsaí aitheantais in 2024?

Is iad na trí dhúshlán mhóra i ngach earnáil ó thaobh aitheantais, bíodh sé mar fhostóir, mar institiúid acadúil nó mar chomhlacht gairmiúil, aitheantas do mhicri-dhintiúir, soghluaisteacht a neartú trí uath-aitheantas ar fud Limistéar Eorpach an Ardoideachais, lena n-áirítear cáilíochtaí a thugann rochtain ar ardoideachas, agus aitheantas do cháilíochtaí agus do thréimhsí foghlama dídeanaithe, imirceach agus daoine atá easáitithe. Ghlac NARIC Ireland páirt i dtionscadail atá maoinithe ag Erasmus+ le comhpháirtithe ENIC NARIC; Ionad Faisnéise um Shoghluaisteacht agus Coibhéisí Acadúla (CIMEA), Fondúireacht Ollscoileanna na hÍsiltíre um Chomhar Idirnáisiúnta (NUFFIC) agus Ionad Faisnéise Acadúla (AIC) na Laitvia chun treoirlínte agus tacaíochtaí a fhorbairt sna réimsí ábhartha.

- Faoi **OCTRA 2**[5] rinneadh iniúchadh breise ar ról na gcatalóg cúrsaí ar líne de chuid IAOnna i dtíortha an tionscadail inar ndíríodh go speisialta ar na micri-dhintiúir chun tacaíocht a chinntiú do IAOnna maidir le faisnéis iontaofa a sholáthar le haghaidh aitheantais faoi cháilíochtaí AO, lena n-áirítear micri-dhintiúir a d'fhéadfadh aitheantas uathoibríoch cáilíochtaí AO a bheith mar thoradh orthu amach anseo. Foilsíodh Tuarascáil agus Treoirlínte Comparáideacha.

Bhí sé mar aidhm ag **MARTe**[6] úsáid phraiticiúil an aitheantais uathoibríoch a fhíorú i gcás micridhintiúr, le teicneolaíocht mianadóireachta téacs ar raon leathan micridhintiúir lena n-áirítear micridhintiúir ó institiúidí ardoideachais na hÉireann. Cuid den tionscadal ab ea tástáil bhreise a dhéanamh ar aitheantas i gcás micridhintiúir neamhfhoirmiúla, inchruachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ionas go ndéanfar an uirlis Micrea-Mheastóir a chomhtháthú. Chabhraigh an tionscadal le córas níos éifeachtaí a

5 OCTRA 2, catalóga de chúrsaí ar líne
6 MARTe - CIMEA





## CÁS-STAIDÉAR (VI)

## ATHBHREITHNIÚ SPRIOCTHA ENQA AR QQI



Ba é conclúid Bhord ENQA go gcomhlíonann QQI na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (ESG 2015).

Chuaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) faoi athbhreithniú seachtrach spriocthta arna chomhordú ag ENQA agus thug painéal seachtrach cuairt i mí Feabhra 2024. Rinneadh measúnú san athbhreithniú ar cibé ar chomhlíon QQI Ionchais Chaighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta (ESG) i Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA).

### CAD IS ATHBHREITHNIÚ SPRIOCTHA ANN?

Is próiseas meastóireachta sruthlínithe é athbhreithniú spriocthta atá deartha ag ENQA do ghníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta a léirigh cheana féin go gcomhlíonann siad an ESG. (Rinne ENQA dhá athbhreithniú roimhe seo ar QQI in 2014 agus 2019). Díríonn athbhreithniú spriocthta ar réimse den ESG atá sainaitheanta ag an ngníomhaireacht le haghaidh feabhsúcháin bhreise.

### TUARASCÁIL FÉINMHEASÚNAITHE (SAR)

Is é forbairt na Tuarascála Féinmheasúnaithe (SAR) an chéad phríomhchéim sa phróiseas athbhreithnithe. Déanann an tuarascáil seo forbhreathnú cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta atá faoi athbhreithniú, an tslí a gcomhlíonann siad an ESG agus leagtar amach ann aon athruithe nó forbairtí ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach. Le haghaidh athbhreithniú spriocthta QQI, forbraíodh an SAR trí phróiseas comhairliúcháin ina ndeachtas i gcomhairliúchán go forleathan

le baill foirne agus le geallsealbhóirí. Chinntigh an cur chuige seo ní amháin go raibh an SAR cuimsitheach ach freisin léiriú macánta ar dhul chun cinn QQI a bhí ann ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach agus ar na réimsí fócais le haghaidh feabhsúcháin.

### RÉIMSE FÓCAIS ESG 3.4: ANAILÍS THÉAMACH

Don athbhreithniú spriocta, roghnaigh QQI caighdeán ESG 3.4: Anailís Théamach mar an réimse fócais le haghaidh feabhsúcháin. Is príomhfhócas straitéiseach do QQI é an anailís théamach.

*'Mar ghníomhaireacht dearbhaithe cáilíochta, is údar imní do QQI ní amháin cáilíocht in institiúidí aonair ach cáilíocht ar leibhéal an chórais threasaigh'.* (QQI SAR, p.24).

### CUAIRT ÓN BPAINÉAL SEACHTRACH

I mí Feabhra 2024, thug painéal athbhreithnithe seachtrach faoi chathaoirleacht Ulf Hedbjörk, Anailísí Sinsearach ag Údarás Ardoideachais na Sualainne, cuairt ar QQI chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Le linn a gcuairte, bhuail an painéal le raon leathan baill foirne QQI agus le geallsealbhóirí seachtracha, lena n-áirítear ionadaithe ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tÚdarás um Ard-Oideachas, institiúidí ardoideachais agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, ionadaithe mac léinn, meastóirí agus athbhreithneoirí, agus geallsealbhóirí eile.

### TORTHAÍ AN PHAINÉIL SHEACHTRAIGH

Ina thuarascáil, fuair painéal athbhreithnithe ENQA go gcomhlíonann QQI a bheag nó a mhór Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais. Leag torthaí an phainéil athbhreithnithe béim ar roinnt príomhréimsí láidreachta chomh maith le deiseanna feabhsúcháin. Thug lucht an phainéil faoi deara go raibh próisis QQI sainmhínithe go soiléir, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus foilsithe, rud a chuir le dearbhú agus feabhsú cáilíochta i soláthraithe ardoideachais.

Mhol an painéal athbhreithnithe QQI as a chuid oibre ar anailís téamaí agus léirigh siad meas ar chur chuige níos leithne QQI i leith anailíse téamaí, a chuaigh níos faide ná íosriachtanais ESG 3.4. Leag an painéal athbhreithnithe béim freisin ar chaidreamh láidir QQI le raon leathan geallsealbhóirí, ar thiomantas na gníomhaireachta d'fheabhsú leanúnach agus ar a chur chuige réamhghníomhach maidir le moltaí ó athbhreithnithe roimhe seo a fhreagairt. D'aithin an painéal roinnt dúshlán freisin agus spreag sé QQI chun '*leanúint de mhúnla athbhreithnithe a fhorbairt atá oiriúnach don ghrúpa soláthraithe neamhspleácha/príobháideacha nach bhfuil san áireamh fós i ngníomhaíocht athbhreithnithe institiúideach timthriallach' (lch.35).*

### TORADH: CEADÚ BHALLRAÍOCHT QQI IN ENQA

Tar éis an athbhreithnithe rathúil, cheadaigh Bord ENQA ballraíocht leanúnach QQI, rud a dhearbhaigh a ionad mar an phríomhghníomhaireacht dearbhaithe cáilíochta i gcúrsaí ardoideachais.





fhorbairt, trína bhfreagraítear do riachtanais aitheantais na n-aisteoirí acadúla agus an mhargaidh shaothair araon.

Tá sé mar aidhm le **AR25**[7] – Aitheantas Uathoibríoch sa Limistéar Eorpach Oideachais (LEE), 2025 tacú le cruthú an Limistéir Eorpaigh Oideachais faoi 2025 trí réimse gníomhartha lena n-áirítear tacú leis an uirlis féinmheasúnaithe Spotlight. Chuir QQI seimineáir ghréasáin ar fáil inar comhtháthaíodh Cód Cleachtais TrustEd Ireland lena n-áirítear ceanglas maidir le comhlíonadh Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin, lena dtaispeántar an uirlis féinmheasúnaithe Spotlight. Chabhraigh an obair ar an tionscadal seo le Lámhleabhar Limistéar Eorpach an Aitheantais (EAR) a dhíríonn go sonrach ar thacú le hAitheantas Uathoibríoch.

Úsáideadh **ARAQUA**[8] chun scrúdú agus mapáil a dhéanamh ar cháilíochtaí trína dtugtar rochtain ar an ardoideachas i dtíortha comhpháirtithe an tionscadail agus foilsíodh moltaí le haghaidh NARICanna agus institiúidí ardoideachais as aitheantas uathoibríoch i measc na dtíortha.

Lean Éire dá dlúth-chomhoibriú le Comhairle na hEorpa agus le meastóirí dintiúr in institiúidí breisoideachais agus oiliúint agus AO ar fud na tíre chun rochtain a sholáthar ar an bPas Cáilíochtaí Eorpach do Dhídeanaithe[9]. Faoi dheireadh 2024, bhí 14 institiúid agus 24 rannpháirtí ar fud na tíre páirteach san oiliúint ar an bPas Cáilíochtaí Eorpach do Dhídeanaithe (EQPR). Leanann QQI de líonra 'bog' a sholáthar do na rannpháirtithe seo.

### Athbhreithniú Iomlán ENQA ar QQI (cuairt suímh, tuarascáil agus ráiteas ar fhreagairtí.)

7 AR25 (2023-2025) | Nuffic
8 ARAQUA, automatic recognition, access qualifications
9 Pas Cáilíochtaí Eorpach do Dhídeanaithe - Oideachas

## Príomhchumasóir 2 #sármhaitheas - feabhas a chur ar an eagraíocht

Forbróimid agus cuirfimid deiseanna ar fáil dár ndaoine trí leanúint d'fhórsa saothair lúfar, gafa, freagrúil agus spreagtha a thógáil

### Clár folláine foirne a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh de réir mholtaí an Marc KeepWell agus ár seasaimh mar chuideachta sa 100 is fearr le haghaidh folláine.

Bhí QQI san áireamh i gcónaí i measc na '100 Cuideachta is Fearr' ar liostaí folláine agus tá sé tiomanta do thimpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur i bhfeidhm a chuireann folláine na bhfostaithe chun tosaigh i mbeartas na cuideachta. Is léir an tiomantas seo ní hamháin ón Marc KeepWell a baineadh amach ach freisin ónár bhfeabhsú leanúnach maidir leis na caighdeáin a leag IBEC síos a bhaint amach, as ar lean an teideal Cuideachta na Bliana (FBM) a bheith bainte amach in 2024. Aithnítear tríd an ngradam seo ár dtiomantas don fheabhsú leanúnach, agus ár n-uaillmhian a bheith mar fhostóir céadrogha.

### Leanúint le cur i bhfeidhm na pleanála comharbais, forbairt tallann, pleananna gníomhaíochta athléimneachta eagraíochtúla agus creat cumais

Tá an creat cumais curtha i bhfeidhm ag an QQI i bhfeachtais earcaíochta leis an aidhm fórsa saothair solúbtha agus freagrúil a fheabhsú chun freastal ar riachtanais na

heagraíochta amach anseo. Leanann an QQI de chultúr foghlama agus forbartha a neartú trí infheistíocht a dhéanamh i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil i gcás gach ball foirne agus í a spreagadh agus deiseanna a sholáthar don fhoireann chun rannchuidiú le coistí agus tionscadail inmheánacha agus seachtracha.


### Críoch a chur le cur i bhfeidhm na straitéise Acmhainní Daonna (AD) chun tacú le seachadadh an Ráitis Straitéise 2022-24 agus le pleanáil don Ráiteas Straitéise nua 2025-2027

Tá na cuspóirí a leagadh amach i Straitéis AD 2022-24 bainte amach ag AD. Críochnaíodh dréachtú na Straitéise AD 2025-2027 i gcomhar leis an bhFócasghrúpa um Rannpháirtíocht Foirne agus leis an Ardfhoireann Bainistíochta sular cuireadh faoi bhráid Bhord QQI í lena ceadú deiridh i mí na Nollag 2024.

## Déanfaimid ionad oibre QQI a athshamhlú trí úsáid a bhaint as TFC le haghaidh cianobair agus obair chumaiscthe agus inbhuanaitheacht a ionchorprú inár bpróisis oibre.

### Cur i bhfeidhm na straitéise TFC a chríochnú chun tacú le Straitéis 2022-2024 QQI agus Ráiteas Straitéise nua 2025-2027 a phleanáil.

Lean TFC de chuid QQI den obair ar a straitéis TFC do 2022-2024 a chur i bhfeidhm, ag díriú ar fhoghlaim foirne, rannpháirtíocht agus léargais sonraí. Críochnaíodh seacht as deich ní inseachadta, agus tá an obair ar siúl ar na trí cinn eile. Lean gníomhaíochtaí forbartha ar aghaidh don chlár reachtaíochta leasaithe, rud a cheadaigh oscailt fhuinneog iarratais TrustEd Ireland i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tacaíonn an spás oifige anois le timpeallacht oibre chumaiscthe, agus tá feabhas curtha ar chibearshlándáil le hathnuachan an Ionaid Oibríochtaí Slándála (SOC)/Bainistíocht Faisnéise agus Imeachtaí Slándála (SIEM),




**Fíor 3: TFC i bhfigiúirí 2024**





tástáil peann, agus uasghráduithe teicniúla. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hullmhú pleanála d'uasghrádú an chórais inlín foirne agus bainistíochta doiciméad, agus tá tionscadal iomlán beartaithe do 2025. Cuirfidh an córas nua ar chumas na foirne rochtain éasca a fháil ar fhaisnéis thábhachtach, comhoibriú ar thionscadail, agus acmhainní a roinnt go héifeachtúil agus slándáil agus comhlíonadh sonraí láidir á soláthar acu, ionas go laghdófar na rioscaí a bhaineann le sáruithe sonraí agus go gcinnteofar cosaint mhaith d'fhaisnéis íogair. Cuireadh tús le forbairt straitéise nua TFC do 2025-2027 in 2024.

### Cibearshlándáil a fheabhsú agus a neartú tuilleadh mar thoradh ar athbhreithniú seachtrach slándála agus painéal méadrachtaí slándála a fhorbairt chun rioscaí a aithint agus a leigheas.

Le linn 2024, leanamar orainn ag feabhsú ár mbearta slándála, agus léirigh measúnuithe slándála sceidealaithe laghdú suntasach ar leochaileachtaí. Rinneamar athnuachan ar ár seirbhís Ionad Oibríochtaí Slándála (SOC) seachtrach. Feidhmíonn ár SOC/SIEM mar mheicníocht chosanta láidir, atá in ann teagmhais slándála a bhrath, freagairt dóibh agus iad a mhaolú go héifeachtach.

Rinneadh leasuithe in 2024 chun dea-chleachtais a leanúint agus chun Comhéadan Cláir Iarratas (API) agus slándáil aitheantais a neartú i gcoinne bagairtí nua. Choinníomar feasacht slándála i measc fhoireann QQI trí oiliúint, cumarsáid rialta, agus insamhaltaí fioscaireachta i rith na bliana.

### Gnóthachtálacha TFC in 2024

In 2024, chuireamar 84 ghné agus 479 scéal úsáideora gnó i bhfeidhm ar fud 37 feidhmchlár, lena n-áirítear uasghráduithe teicniúla suntasacha cosúil le criptiú SQL Server. Thugamar 35 taispeántas chun aiseolas a bhailiú agus a chinntiú go raibh athruithe ag teacht leis na hionchais. Chríochnaigh ár bhfoireann 9,504 tasc agus 121 eisiúint, ionas gur forbraíodh 225,000 líne de chód nua agus go ndearnadh 1,097 tasc athbhreithnithe cóid. Aithníodh 251 fabht i dtáirgeadh, lena n-áirítear 10 dtástáil feidhmíochta, agus chuireamar 132 tástáil uathoibrithe i bhfeidhm trí iarrachtaí DC, rud a shábháil 287 uair an chloig d'iarrachtaí DC láimhe. Chuireamar 16,105 paiste slándála i bhfeidhm, rinneamar 2 thástáil treáite agus 2 thástáil leochaileachta, agus réitíomar 152 leochaileacht. I measc na n-oibríochtaí rathúla bhí laghdú ar líon na bhfoláireamh seiceála sláinte ó 344 go 120, bainistiú 17,000 glao bonneagair, agus réiteach 2,000 ticéad a ghin úsáideoirí. Rinneamar athbhrandáil ar 13 chóras, rud a d'éiligh breis is 1,500 uair an chloig oibre, agus chuireamar tús le tionscadail criptithe bunachar sonraí.

Leagann na héachtaí seo i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) béim ar ár dtiomantas d'fheabhas a chur ar ár mbonneagar, ár slándáil agus ár dtaithí úsáideora i rith 2024.

## Oibreoimid leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe ag QQI.

### Aisghabháil costas a thabhairt isteach agus monatóireacht a dhéanamh air i gcás feidhmeanna ALP (clár reachtaíochta leasaithe) agus leanúint den chaidreamh le DFHERIS ar shamhail mhaoinithe hibrideach (maoiniú faoi stiúir seirbhíse agus maoiniú ar chineál an chaidrimh).

I Ráithe 3, cheadaigh an tAire agus Bord QQI na táillí agus na muirir a bhain le ALP, de réir mar ba chuí, bunaithe ar an tsamhail aisghabhála costais. Nuashonraíodh sceideal na dtáillí agus na muirear dá réir sin ar shuíomh gréasáin QQI i Ráithe 4, 2024.

## Feabhsóimid ár seirbhísí do sholáthraithe trí theicneolaíocht féinseirbhíse níos fearr agus trédhearcacht fheabhsaithe ár dtáillí agus ár muirir.

### Teicneolaíochtaí TFC a mhionchoigeartú, a fheabhsú agus a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna reachtúla nua, forbairt ALP a chríochnú le haghaidh oscailt iarratais TrustEd Ireland (IEM roimhe seo) agus é sin a leanúint le ceanglais leanúnacha Dícheall Cuí.

Lig cur chuige forbartha lúfar TFC de chuid QQI roinnt eisiúintí céimnithe a dhéanamh in 2024, rud a chuir ar chumas oscailt iarratais TrustEd Ireland. Áiríodh leis seo comhlánú, rolladh amach agus tacaíocht na foirme iarratais deimhnithe i Ráithe 3. Lig forbairt leanúnach ar ár bpróiseas TrustEd Ireland, lena n-áirítear Dícheall Cuí, dúinn oscailt iomlán le haghaidh iarratas a chur i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair. Lean diantacaíocht ar aghaidh ar feadh an chuid eile de 2024. Lean forbairt chaighdeáin Dícheall Cuí ar aghaidh sa dara leath de 2024 freisin agus tugadh ar aghaidh go 2025 é.

### Leagan nua de QHub le héifeachtúlacht fheabhsaithe d'úsáideoirí a eisiúint

Leanadh den obair ar fhorbairt QHub ó thús deireadh 2024. Tá go leor de na feabhsuithe riachtanacha curtha i bhfeidhm anois, ach beidh obair fhorbartha bhreise ar siúl le linn 2025.

## Feabhsóimid ár seirbhís d'fhoghlaimeoirí trínár gcórais deimhniúcháin a chlaochlú go foirm dhigiteach

Ó thús deireadh 2024, lean QQI lena chuid oibre chun na roghanna is fearr atá ar fáil a thuiscint chun freastal ar ár riachtanais féin agus ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí a bhfreastalaímid orthu.

D'oibríomar i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) maidir lena sparán digiteach agus na deiseanna a thairgeann sé do QQI ár ndeimhniú a chlaochlú go foirm dhigiteach. Tá an tionscnamh digitithe seo comhtháite lenár gcéad straitéis eile agus leanann sé ar aghaidh isteach sa phlean corparáideach 2025.

## Léireoimid dea-chleachtas i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloífimid le hoibleagáidí reachtacha agus rialála ábhartha.

### Déanfaimid córas aicmithe faisnéise agus gnó QQI a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus feabhsú Chóras Bainistíochta Próiseas Gnó QQI a chríochnú

In 2024, tháinig clár tionscadal níos leithne um Rialachas Faisnéise agus Cáilíochta (IQG) chun cinn de réir mar a forbraíodh córas aicmithe faisnéise agus gnó QQI, agus de réir mar a chuaigh na gníomhaíochtaí feabhsúcháin próiseas gnó ar aghaidh. I rith na bliana, cuireadh tús le dearadh agus tástáil stór sócmhainní digiteach nua QQI do na beartais agus na próisis is tábhachtaí. Áirítear le forbairt an stóir seo dearadh an chórais aicmithe gnó eagraíochtúil nua.

I mí an Mheithimh 2024, reáchtáil QQI a chéad Mhí Glantacháin Dhigitigh inar iarradh ar bhaill foirne comhaid, ríomhphoist agus feidhmchláir a athbhreithniú leis na haidhmeanna seo a leanas:





- bainistíocht agus struchtúir faisnéise/sonraí eagraíochtúla a fheabhsú chun ró-ualach faisnéise a laghdú agus bainistíocht eolais a fheabhsú
- lorg carbóin QQI a mhaolú trí chomhaid atá as dáta agus taifid dhúblacha a aithint lena ndiúscairt
- comhlíonadh sonraí a fheabhsú.

Eagraíodh trí cinn de sheimineár gréasáin mol foghlama do gach ball foirne mar chuid den tionscnamh, agus tugadh cuireadh do shaineolaithe ar dhramhaíl dhigiteach agus ar chomhlíonadh sonraí labhairt:

1. Tús eolais ar an Mí Glantacháin Dhigitigh
2. Dramhaíl Dhigiteach, an Comhshaol agus Buntáistí Glantacháin (saineolaí idirnáisiúnta)
3. Oibleagáidí Reachtúla maidir le Bainistíocht Faisnéise.

Ghlac foireann QQI go fonnmhar leis an tionscnamh agus bhí tionchair dhearfacha inláimhsithe aige ar bhainistíocht faisnéise agus sonraí ar fud na heagraíochta.

### Beartas agus próiseas Sonraí Oscailte a dhearadh agus a chur i bhfeidhm

### Comhordú a dhéanamh ar ullmhú tuarascála féinmheasúnaithe agus doiciméadacht choimhdeach ghaolmhar chun tacú le hiarratas ar dheimhniú ISSCoP do shonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI

Mar ullmhúchán d'iarratas QQI ar dheimhniú Cód Cleachtais an Chórais Staidrimh Éireannaigh (ISSCoP), comhaontaíodh beartas Sonraí Oscailte a bhaineann le sonraí dámhachtainí QQI. Leagtar amach sa bheartas an mhodheolaíocht chun na sonraí a tháirgeadh, beartas scaipthe, ráiteas cáilíochta, agus ráiteas rúndachta.

Críochnaíodh forbairt 'Bunachar Sonraí de Ghnóthachtáil Foghlaimeoirí' (ALDa), ar bunachar sonraí MS SQL Server é a sholáthraíonn faisnéis faoi gach dámhachtain a bhronn QQI in 2024. Foinsítear na sonraí ó chórais QHub agus QBS QQI chun anailís agus cur i láthair (ina n-úsáidtear Tableau) sonraí clár agus dámhachtainí QQI a éascú.

### Creat Dearbhuithe Bainistíochta Saincheaptha a Chur i bhFeidhm

Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas Ráiteas Dearbhaithe Bainistíochta agus neartaíodh é trí sheicliostaí saincheaptha in aghaidh na feidhme gnó a thabhairt isteach trína gcuirtear taca faoin ráiteas dearbhaithe bainistíochta ardleibhéil i ngach Stiúrthóireacht. Threoraigh agus rialaigh an ardbhainistíocht an tionscnamh feabhsúcháin phróisis eagraíochtúil seo agus ceadaíodh é i mí na Samhna 2024 lena chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas dearbhaithe bainistíochta, atá le cur faoi bhráid Choiste Iniúchta agus Riosca QQI i Ráithe 1, 2025.

### Ráiteas Straitéise nua QQI 2025-2027 a fhorbairt agus a cheadú

Le linn 2024, d'fhorbair QQI a Ráiteas Straitéise do 2025–2027, a seoladh i mí na Samhna 2024. Agus a straitéis nua á nochtadh aige, luaigh QQI an méid seo a leanas:

"Leagtar amach sa straitéis plean cuimsitheach chun córas oideachais tríú leibhéal na hÉireann a fheabhsú. Leagtar béim ann ar chosaint an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), ar sholáthar faisnéise údarásaí ar cháilíochtaí, agus ar sheachadadh rialála agus treorach iontaofa.

Is tosaíocht lárnach é an CNC a ullmhú don todhchaí, trína gcinntiú go bhfanann sé ina fhoinse dhinimiciúil agus údarásach do cháilíochtaí tríú leibhéal atá dearbhaithe ó

thaobh cáilíochta de. Tá sé beartaithe ag QQI marc cáilíochta TrustEd Ireland a bhronnadh ar sholáthraithe ardoideachais agus mhúineadh an Bhéarla, rud a ráthaíonn taithí oideachais ardchaighdeáin d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta.

Dírítear sa straitéis freisin ar rialáil, treoir, comhairle agus seirbhísí iontaofa a sheachadadh atá oiriúnaithe do thimpeallacht éagsúil foghlaimeoirí agus soláthraithe na hÉireann. Geallann QQI léargais, taighde agus anailís a roinnt trí fhoilseacháin, a shuíomh Gréasáin, agus imeachtaí fíorúla agus pearsanta araon.

Aithnítear tábhacht an chomhoibrithe dhomhanda agus tá sé mar aidhm ag QQI caidreamh straitéiseach le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a neartú. Áirítear leis seo líonraí a threorú chun díriú ar bhagairtí ionracais acadúil agus tionchar a imirt ar dhea-chleachtais i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

Go hinmheánach, tá QQI tiomanta do bheith ina eagraíocht athléimneach, chuimsitheach agus solúbtha, a sheachadann seirbhísí freagrúla, trédhearcacha agus éifeachtacha do na geallsealbhóirí uile. Tá an straitéis seo ag teacht le sprioc na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun daoine aonair a chumasú chun a gcumas a bhaint amach agus sochaí rathúil, inbhuanaithe agus bhríomhar a thógáil."

Keith Moynes, Rúnaí Cúnta, Roinn an Bhreisoideachais agus an Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a sheol an straitéis ag comhdháil bhliantúil QQI, áit a ndúirt sé,

'Samhlaíonn QQI córas oideachais tríú leibhéal solúbtha, freagrúil agus ardchaighdeáin a bhfuil muinín ag foghlaimeoirí ann go mbeidh eispéireas foghlama ar ardchaighdeán acu agus go mbeidh luach ar a gcuid foghlama agus ar a gcáilíochtaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tagraíonn sé seo go díreach d'aidhmeanna an rialtais agus na roinne córas oideachais tríú leibhéal níos aontaithe a chruthú lena n-áirítear breisoideachas agus ardoideachas agus mhúineadh an Bhéarla. Is fís í fís QQI atá i bpáirt againn uile sa Roinn.... Tá an fhís seo bunaithe ar thosaíochtaí agus ar ghníomhartha a léiríonn dúshláin agus deiseanna na linne seo.'

### Athbhreithniú agus leasú de réir mar is cuí a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí chun tacú le seachadadh an timthrialla iniúchóireachta inmheánaí ceadaithe agus an phlean rollta iniúchóireachta inmheánaí

### Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí

### Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2025 - 2027

Tá plean rollta iniúchóireachta inmheánaí trí bliana ag QQI 2025 - 2027, a ndéantar athbhreithniú air go bliantúil. Déantar iniúchtaí inmheánacha ar gach príomhfheidhm corparáideach agus gnó de QQI ar bhonn timthriallach.

### Feidhm an Iniúchta Sheachtraigh

Molann an *Cód Cleachtais athbhreithnithe maidir le Conas Comhlachtaí Stáit a Rialú,* Meán Fómhair 2016, go mbeadh plé ag an Údarás (Bord an QQI) agus ag an gCoiste Iniúchóireachta leis na hiniúchóirí seachtracha uair sa bhliain ar a laghad, gan comhaltaí feidhmiúcháin an Údaráis ná fostaithe an chomhlachta Stáit a bheith i láthair, chun a chinntiú nach bhfuil aon saincheisteanna imní gan réiteach ann. Ós rud é gur síníodh agus gur ceadaíodh ráitis airgeadais bhliantúla QQI i mí na Nollag 2024, cuireadh cruinniú bliantúil





an Iniúchóra Sheachtraigh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca siar go dtí Ráithe 1, 2025.

### Tacú le hathnuachan agus nuashonrú an phróisis Achomhairc Reachtúla

D'oibrigh an QQI go dlúth le DFHERIS ar an bpróiseas achomhairc reachtúil, le fócas ar leith ar roghnú comhaltaí nua painéil. Táthar ag súil go gceapfar comhaltaí nua painéil in 2025.

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chríochnaigh QQI a thuairisceán comhlíontachta bliantúil a cuireadh faoi bhráid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i rith 2024.

Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí trí:

- beartas ceannaigh agus soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir na riachtanais agus na leibhéil údaráis atá ag ceannaitheoirí
- a chinntiú go dtacaíonn gach mír chaiteachais neamhghnách le seachadadh phlean straitéiseach agus QQI,
- luach ar airgead a chinntiú do gach caiteachas,
- iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthar agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear leis an gcleachtas is fearr,
- an fhoireann a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí ionas nach dtabhófar caiteachas neamhriachtanach.

### An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Tuairiscíonn QQI ar thorthaí chuig a rannóg líne, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA), ar ceanglas é faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an PDA, a cheaptar agus a chomhaontaítear go bliantúil, nasctha le cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI, a dhíorthaítear ó Ráiteas Straitéise QQI 2022-2024. Forbraíodh agus comhaontaíodh Comhaontú Maoirseachta trí bliana gaolmhar freisin leis an Roinn in 2024 (a chlúdaíonn an tréimhse 2024-2026). Buaileann QQI le hoifigigh na Roinne cúpla uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn faoi na comhaontuithe.

# Struchtúr Rialachais

## Bord QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an  Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla.

Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ullmhú agus glacadh an ráitis straitéise,
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na ráiteas airgeadais
- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a tharraingt siar
- Bailíochtú clár a tharraingt siar
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdhámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den bhord atá ar na coistí sin.

## Ballraíocht:

- An tOllamh Irene Sheridan (Cathaoirleach)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach)
- Ms Marianne Doyle
- An Dr Sean Duignan (Gnáthchomhalta le taithí idirnáisiúnta maidir le feidhmeanna  QQI)
- An Dr. Sharon Feeney
- Mr Blake Hodkinson
- Mr. Kevin McStravock
- Ms Anne Naughton
- Mr Bryan O'Mahony (ainmniúchán AMLÉ)
- Ms. Maria Ward (Gnáthchomhalta mar ionadaí na bhfoghlaimeoirí)





**Tábla 3: Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe de Bhord QQI in 2024**

| | 20 Feabhra 2024 | 22 Aibreán | 14 Meitheamh | 16 Lúnasa - Neamhchorpartha | 27 Meán Fómhair | 2 Nollaig | Uasleibhéal | i láthair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Irene Sheridan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Padraig Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Marianne Doyle | ✓ | ✓ | ✓ | - | ✓ | - | 6 | 4 |
| Sean Duignan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Sharon Feeney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Blake Hodkinson | ✓ | ✓ | - | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 5 |
| Kevin McStravock | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | - | - | 6 | 4 |
| Anne Naughton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓** | ✓ | ✓ | 6 | 6 |
| Bryan O'Mahony* | ✓ | ✓ | - | ✓** | ✓ | - | 6 | 4 |
| Maria Ward | ✓ | - | ✓ | - | ✓ | ✓ | 6 | 4 |

Le cois na sé chruinniú boird atá leagtha amach thuas, tionóladh ceardlann bhoird ar fhorbairt Ráiteas Straitéise QQI 2025-2027 ar an 16 Eanáir.

* Ionadaí USI, téarma a oifige a ritheann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh gach bliain.
** i láthair trí fhíschomhdháil

## Cothromaíocht Inscne i gcomhaltacht Bhord QQI

Amhail an 31 Nollaig, bhí cúigear (50%) ball baineann agus cúigear ball fireann (50%) ar an mbord. Mar sin comhlíonann QQI sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mbord Stáit. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfreastalaíonn ainmní Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ) de ghnáth ar feadh téarma ballraíochta idir bliain agus dhá bhliain agus mar sin athraíonn sé níos minice ná comhaltaí eile an Údaráis.

Chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar Bhord QQI agus í a fheabhsú, leanfar de bheith ag déanamh monatóireachta ar an gcothromaíocht inscne ar an mbord.

## Meastóireacht ar Fheidhmíocht

Ós rud é nár chuir an tríú Bord tús lena théarma go dtí mí Aibreáin 2023, déanfar an t-athreithniú seachtrach a bhí beartaithe ar éifeachtacht an bhoird agus a choistí in 2023 i Ráithe 4 chun am a thabhairt don bhord nua é féin a bhunú. Tá súil leis an tuarascáil a fháil in 2025.

## Rialachas fo-bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den bhord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mbord maidir lena bhfreagrachtaí as fadhbanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe ó thaobh riachtanais dearbhaithe an bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a iomláine atá na dearbhuithe sin. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2024.

### Ballraíocht agus Tinreamh

Mar gheall ar mhéid Bhord QQI, tá ballraíocht an Choiste comhdhéanta de bheirt chomhaltaí boird (duine acu ina Chathaoirleach ar an gCoiste) agus triúr comhaltaí seachtracha nach comhaltaí den bhord iad (seachas triúr comhaltaí boird de réir mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais).

| | |
|---|---|
| Blake Hodkinson (cathaoirleach) | 3/4 |
| Kate Cullen (neamhchomhalta den bhord) | 3/4 |
| Pearl Cunningham (neamhchomhalta den bhord) | 3/4 |
| Marianne Doyle (comhalta den bhord) | 4/4 |
| Walter Johnston (neamhchomhalta den bhord) | 3/4 |

Nuashonraíodh Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in Eanáir 2024 agus d'fhaomh an bord iad i mí Feabhra 2024. Is iad freagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Tuairisciú Airgeadais
- Rialú Inmheánach
- Bainistíocht Riosca
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Tuairisciú Eile.

### An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (PAEC)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Bunaítear cinntí agus moltaí an Choiste ar shaineolas agus ar mholtaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann QQI.

Bhí sé chruinniú ag an PAEC in 2024.

### Ballraíocht agus Tinreamh

| | |
|---|---|
| Padraig Walsh (cathaoirleach) | 6/6 |
| Órla Barry | 5/6 |
| Andrea Durnin | 6/6 |
| Mary Grennan | 4/6 |
| Barbara Kelly | 5/6 |
| Marie Mattimoe | 4/4 |
| Jim Murray | 6/6 |
| John O'Connor | 2/2 |

### An Coiste um Beartais agus Caighdeáin (PSC)

Breithníonn an CBC dréacht-bheartas QQI agus déanann sé moltaí don bhord maidir le ceadú na mbeartas seo ar aon dul le straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhormhuiniú, agus féadfaidh sé gníomhú orthu. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste PSC in 2024:

### Ballraíocht agus Tinreamh

| | |
|---|---|
| Kevin McStravock (cathaoirleach) | 2/2 |
| Caty Duykaerts | 1/1 |
| Eithne Guilfoyle | 1/1 |
| Achim Hopbach | 1/1 |
| Bryan Maguire | 2/2 |
| Hannah McGee | /1 |
| Jim Murray | 1/2 |
| Anne Naughton | 2/2 |
| Damien Owens | 2/2 |
| Cassy Taylor | 2/2 |

### An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíochtaí an PAEC (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an PAEC, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste PAOC in 2024:

### Ballraíocht agus Tinreamh

| | |
|---|---|
| Sharon Feeney (cathaoirleach) | 2/2 |
| Billy Bennett | 1/2 |
| Cróna Gallagher | 0/2 |
| Mark Kane | 1/2 |
| Paula Hodson | 2/2 |
| Karen Jones | 2/2 |
| Mary Kerr | 2/2 |
| Brendan O'Dea | 2/2 |
| Maria Ward | 0/2 |

### Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe (ARC)

Déanann an CCA cinntí agus moltaí maidir le ceadú nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta, Marc TrustEd Ireland (IEM roimhe seo); údarás tarmligthe agus ceadaíonn sé foilsiú torthaí ar athbhreithnithe cáilíochta a sheolann QQI. Bhí trí chruinniú ag an ARC in 2024.

### Ballraíocht agus Tinreamh

| | |
|---|---|
| Sean Duignan (cathaoirleach) | 3/3 |
| Fiona Farr | 1/3 |
| Laura Flynn | 3/3 |
| Carol Hanney | 3/3 |
| Anna Murphy | 3/3 |
| Ronan O'Loughlin | 3/3 |
| Bryan O'Mahony | 0/3 |
| Gerry O'Sullivan | 2/3 |
| Tony Pettit | 1/3 |

### An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí HR agus feidhmíocht an PF a athneartú. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair in 2024.

### Ballraíocht agus Tinreamh

| | |
|---|---|
| Irene Sheridan (cathaoirleach) | 1/1 |
| Sharon Feeney | 1/1 |
| Blake Hodkinson | 1/1 |





# Gnóthaí Corparáideacha

### Airgeadas

In 2024 fuair QQI €16.494* milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus foinsí eile. Ba é €15,310* mhilliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain caiteachas pá agus pinsin €8,445 milliún in 2024 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

### Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an bhoird in 2024. Íoctar costais chóiríochta, taistil, agus chothabhála de réir na rátaí atá socraithe ag an Roinn Airgeadais.

Ba é €15,923* costais iomlána an bhoird in 2024.

### Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €184,323* d'íocaíochtaí tuarastail in 2024. Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €8,450* de chostais dheimhnithe in 2024.

* Baineadh na figiúirí seo as dréacht-Ráitis Airgeadais QQI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024.

Foilsítear ráitis airgeadais iniúchta QQI ar láithreán gréasáin QQI.

# Bainistíocht Riosca

Lean QQI ag bainistiú riosca i gcomhréir le Beartas Bainistíochta Riosca Mheitheamh, a leasaíodh i Meitheamh 2022. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) leasú agus athbhreithniú ar an gclár riosca corparáideach ar bhonn ráithiúil. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca é a mheas agus a fhaomhadh ag gach ceann dá chruinnithe agus déanann Bord QQI amhlaidh uair sa bhliain ar a laghad. In 2024, tugadh aird ar leith ar rioscaí a bhain le hacmhainní airgeadais neamhleor, cailliúint cuimhne corparáidí, imní cibearshlándála, agus comhsheasmhacht sa chur chuige i leith bainistiú taifead.

## Na Príomhrioscaí

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, Meán Fómhair 2016, ceanglaítear ar QQI a dhearbhú '*sa tuarascáil bhliantúil go ndearna an tÚdarás measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo, i gcás inarb iomchuí, agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara*'. Rinne an tÚdarás measúnú ar na príomhrioscaí

**Tábla 4. Príomhrioscaí agus maoluithe QQI, 2024**

| Aicme | Cur síos ar an riosca agus maoluithe |
|---|---|
| 1 | **Riosca maidir le hacmhainní airgeadais neamhleora chun cuspóirí an Ráitis Straitéise a bhaint amach mar gheall ar leibhéil dothuartha ioncaim ó sheirbhísí agus laghdú féideartha ar an bpríomhdheontas.**<br>Maolaithe ag rialuithe buiséadacha, tuarascálacha míosúla agus athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta, samhail mhaoinithe athbhreithnithe atá beartaithe agus beartas coinneála cúlchistí lena mbreithniú ag DFHERIS agus caidreamh leanúnach le DFHERIS maidir le táillí do sheirbhísí QQI atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo a eascraíonn as feidhmeanna reachtúla nua a thosú in 2024. |
| 2 | **An riosca go gcaillfear cuimhne chorparáideach mar gheall ar leibhéil arda scoir foirne laistigh den dá bhliain atá romhainn (2023/24).**<br>Maolaithe ag struchtúr bainistíochta níos cothroime, tabhairt isteach de réir a chéile na gclár forbartha bainistíochta, úsáid creata cumais le haghaidh earcaíochta d'fhonn cothromaíocht grád agus tacair scileanna a bhaint amach, bunaithe ar riachtanais ghnó agus tosaíochtaí eagraíochtúla. |
| 3 | **An riosca go ndéanfar córais ghnó, próisis agus sonraí QQI a thruailliú de dheasca imeacht cibearshlándála nó sárú sonraí.**<br>Maolaithe ag rialuithe chun rochtain shlán ar acmhainní agus córais QQI a chinntiú, ionad slándála seachtrach neamhspleách, athbhreithniú rialta ar theagmhais agus scanadh leochaileachta, cúltacaí rialta láidre, cur i bhfeidhm plean gníomhaíochta maidir le hathléimneacht cibearshlándála, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar phlean téarnaimh ó thubaiste, agus obair ar théarnamh ó thubaiste, athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar bheartas an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) agus ar Thaifead na nGníomhaíochtaí Próiseála (RoPA). |
| 4 | **An riosca go gcuirfear córas éifeachtach bainistíochta taifead i bhfeidhm go neamh-chomhsheasmhach ar fud na heagraíochta mar gheall ar easpa tacaíochta foirne agus bainistíochta cuí.**<br>Maolaithe trí chur i bhfeidhm cláir oibre faoi mhaoirseacht na hOifige Bainistíochta Clár ina bhfuil polasaí bainistíochta taifead, tionscadal ailtireachta comhad TFC, tionscadal feabhsúcháin próiseas gnó, forbairt córais aicmithe nua, uasghrádú ar inlíon QQI, ailtireacht comhad TFC agus SharePoint agus fócas ar bheartas agus ar phróiseas Sonraí Oscailte. |





do QQI in 2024, agus a maoluithe, ag a chruinniú an 10 Feabhra 2025. Tá siad seo leagtha amach i dTábla 4.

## Cosaint Sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Foráiltear san Acht do bhailiú agus d'úsáid sonraí ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann QQI maoirsiú ar leibhéal comhlíonta na heagraíochta le cinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha agus bonneagar i bhfeidhm againn chun riachtanais Acht um Chosaint Sonraí 2018 a chomhlíonadh.

## Nochtaí Cosanta

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád le gur féidir le hoibrithe, atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí, nochtuithe faoi chosaint a dhéanamh agus chun déileáil leis na nochtuithe sin.

## Ráiteas ar chomhlíonadh an Achta

Deimhníonn QQI:

- Go bhfuil bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha bunaithe aige de réir an Achta.
- Mar Dhuine Forordaithe, tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe seachtracha bunaithe aige de réir an Achta.
- go bhfuil faisnéis a cheanglaítear faoin Acht de réir Alt 22(1) do 2024 curtha ar fáil aige don Aire.

Tuarascálacha ar Nochtadh Cosanta 2024:

1. Níor thuairiscigh fostaithe QQI aon Nochtadh Cosanta do QQI.
2. Tuairiscíodh trí nochtadh cosanta do Phríomhfheidhmeannach QQI mar dhuine forordaithe. Dúnadh an chéad cheann díobh seo mar nach raibh dóthain faisnéise ann chun na critéir chun caitheamh leis mar nochtadh cosanta a chomhlíonadh. Tá an dara ceann faoi mheasúnú. Fuarthas an tríú tuarascáil i mí Iúil, rinneadh measúnú uirthi agus tá sí faoi imscrúdú. Tugtar faoi deara freisin gur measadh gur nochtadh cosanta a bhí i dtuarascáil a fuarthas i mí na Nollag 2023 agus imscrúdaíodh í in 2024. Tháinig deireadh leis an imscrúdú sin i mí na Nollag 2024.

## Gearáin faoin tSeirbhís in 2024

Ní bhfuair QQI aon ghearáin faoi sheirbhís in 2024.

## Rialuithe inmheánacha

Feidhmíonn an QQI córas rialaithe inmheánaigh ar próiseas é a chuireann Bord QQI, an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, agus pearsanra eile i bhfeidhm, atá deartha chun dearbhú réasúnach a sholáthar maidir le baint amach cuspóirí sna catagóirí seo a leanas:

- Rioscaí maidir le dualgais reachtúla QQI a chomhlíonadh agus cuspóirí a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.
- Iontaofacht an tuairiscithe airgeadais.
- Comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.
- Comhlíonann gach idirbheart airgeadais caighdeáin rialtachta agus cuibhis mar atá sainmhínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.





## An Timpeallacht Rialála

Ionchorpraítear sa timpeallacht rialaithe arna oibriú ag QQI:

- beartais, próisis agus gnásanna um rialuithe inmheánacha airgeadais
- bainistíocht acmhainní daonna
- an creat um bainistiú rioscaí
- próiseas an chlárleabhair rioscaí
- próisis slándála agus rialaithe TFC
- próisis agus gnásanna chun dámhachtainí a dhéanamh agus a dheimhniú
- bainistíocht agus stiúradh foriomlán na heagraíochta ag an PF agus na stiúrthóirí.

Lean an Coiste Iniúchta agus Riosca dá ról maoirseachta a oibriú laistigh de QQI de réir théarmaí tagartha an choiste.

## Rialuithe Inmheánacha

Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2024.

## Calaois

Níor nochtadh ná níor thángthas ar aon chás calaoise ná calaoise amhrasta le linn 2024. Níor tuairiscíodh aon chás calaoise ach an oiread do HR, don Phríomhfheidhmeannach, don iniúchóir Inmheánach ná don Choiste Iniúchta agus Riosca le linn na bliana.

## Conclúid

Tá an córas rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh in QQI deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur le gach riosca teipe ó thaobh aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Tá an bhainistíocht shinsearach laistigh de QQI freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha. D'fhostaigh an coiste Mazars chun athbhreithniú bliantúil seachtrach neamhspleách a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha do 2024 mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais. Tá sé sceidealaithe an tuarascáil a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca lena breithniú agus lena ceadú ag a gcruinniú i mí Eanáir 2025 le moladh do Bhord QQI lena breithniú ag a chruinniú i mí Feabhra 2025.

## Ráitis bheartais um éifeachtúlacht fuinnimh agus comhshaoil

Cuireann an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bonn dlíthiúil faoi ghníomhaíocht aeráide san earnáil phoiblí. Ceanglaíonn sé ar gach comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhianta náisiúnta aeráide. Ghlac QQI le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí 2021 agus tá Treochlár Gníomhaíochta Aeráide curtha i bhfeidhm ina leagtar amach spriocanna QQI chun:

- Astuithe gás ceaptha teasa a laghdú de 51% faoi 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go 50% faoi 2030.

An dul chun cinn go dtí seo:

1. Is oifig gan pháipéar é.
2. Laghdaíodh an spás oifige trí léasanna a scor.
3. Rinneadh an úsáid fuinnimh a íoslaghdú trí úsáid ár spásanna oifige a bhainistiú (sa timpeallacht oibre chumaisc) ionas nach ndéanfar spásanna neamháitithe a shoilsiú ná a théamh.

4. Cuireadh córais LED atá tíosach arfhuinneamh in ionad gach soilsithe, as ar lean 66% de choigilt chumhachtameasta in aghaidh an aonaid.

5. Tacaíonn QQI leis an scéim rothaíocht chun na hoibre agus cuireann sé áiseanna ar fáil do rothaithe lena n-áirítear áiseanna cithfholctha agus limistéir shlána chun rothair a ghlasáil.
6. Bhain QQI Gradam Cré-umha Taistil Níos Cliste amach in 2024 ón Údarás Náisiúnta Iompair mar aitheantas ar ár dtiomantas don taisteal inbhuanaithe.
7. Tacaíonn QQI leis an scéim TaxSaver chun dreasacht a thabhairt dár bhfoireann iompar poiblí a úsáid.

Mar chuid de phleananna chun a spleáchas ar théamh breosla iontaise a laghdú, shínigh QQI Ceannlínte Téarmaí i ndáil le síneadh léasa trína ngeallann ár dtiarna talún infheistíocht shuntasach chaipitil a dhéanamh atá dírithe ar ár n-oifigí ar léas a athchóiriú go caighdeán fuinnimh an-ard. Tosaíodh ar an obair ar an tionscadal seo in 2024, agus meastar go dtógfaidh na hoibreacha (lena n-áirítear iarratais ar dheontais) 18 go 24 mí le cur i gcrích.

### Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ní mór do chomhlachtaí poiblí seasamh leis an gcomhionannas agus le cearta an duine ina gcuid oibre. Mar ghníomhaireacht stáit atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí san oideachas agus san oiliúint, aithníonn QQI a dhualgas deiseanna comhionanna a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint i ngach gné dá oibríochtaí.

Tá measúnú déanta ag an QQI ar na saincheisteanna cearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir. Chuidigh torthaí an mheasúnaithe seo leis an QQI gníomhartha tosaíochta a aithint le cur san áireamh inár bplean comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe 2025-27. Tá ár mbeartas comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe agus ár bplean gníomhaíochta le fáil ar shuíomh Gréasáin QQI agus is féidir iad a chur ar fáil freisin d'aon duine nach féidir leo rochtain a fháil orthu ar líne.

Ghnóthaigh QQI creidiúnú Infheisteoirí Cré-umha san Éagsúlacht ó Ionad Éagsúlachta na hÉireann. Aithnítear leis seo na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag QQI leis an éagsúlacht agus an cuimsiú a leabú ar fud na heagraíochta againn.





# Appendices

## AGUISÍN 1

| Próiseas DC | Líon na n-iarratas le cinntí PAEC in 2024 |
|---|---|
| **Rochtain tosaigh ar bhailíochtú** | 5 |
| **Iomlán** | **5** |
| | |
| **Leathnú raon feidhme** | 3 |
| **Iomlán** | **3** |
| | |
| Cinntí bailíochtaithe FET/BOO | |
| Bailíochtaithe nua (difreáil san áireamh) | 357 |
| Athbhailíochtú | 20 |
| Leathnuithe ar bhailíochtú | 13 |
| Diúltuithe | 15 |
| **Iomlán** | **405** |
| | |
| Cinntí bailíochtaithe AO | |
| Bailíochtaithe nua (difreáil san áireamh) | 47 |
| Athbhailíochtú | 76 |
| Leathnuithe ar bhailíochtú | 72 |
| Diúltuithe | 4 |
| **Iomlán** | **199** |
| | |
| **Móriomlán** | **604** |

## AGUISÍN 2

### Printíseachtaí

| | |
|---|---|
| Bailíochtú nua | 2 |
| Síneadh ama | 3 |
| Athbhailíochtú | 21 (arbh é SOLAS a chuir 16 díobh isteach) |

# Gluais Acrainmneacha a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil

| | |
|---|---|
| AI | Intleacht Shaorga |
| AIC | Ionad Faisnéise Acadúla |
| ALDa | Bunachar Sonraí Gnóthachtálacha Mac Léinn |
| ALP | Clár Reachtaíochta Leasúithe |
| AO | Ardoideachais |
| API | Comhéadan Chlárú Feidhmchlár |
| AQR | Tuairisciú Bliantúil ar Cháilíocht |
| ARC/CCA | Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe |
| ATU | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| ATP | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú |
| CAO | An Lár-Oifig Iontrála |
| CAS | An Comhchóras Dámhachtainí |
| CCT | Coláiste na Teicneolaíochta Ríomhaireachta |
| CDETB | Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath |
| CEO | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| CHE | An Chomhairle um Ard-Oideachas |
| CIMEA | Ionad Faisnéise um Shoghluaisteacht Acadúil agus Coibhéisí |
| CONOCER | Chaighdeánú agus Deimhniú Scileanna Saothair |
| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CRADLE | An tIonad um Thaighde i Measúnú agus Foghlaim Dhigiteach |
| CRM | Ardán um Bainistiú Caidreamh Custaiméara |
| CS | Ráiteas Inchomparáideachta |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| CVS | Eagraíochtaí Pobail / Deonacha |
| DAB | Forais Cháiliúcháin Ainmnithe |





| | |
|---|---|
| LED/DAS | Dé-óid astaithe solais |
| DAWN | Líonra Oibre na gComhairleoirí Míchumais |
| DBS | Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath |
| DCU | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DBS | Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath |
| DC | Dearbhú Cáilochta |
| EAR | Limistéar Eorpach an Aitheantais |
| EEA | Limistéar Eorpach an Oideachais |
| EHEA | Limistéar Eorpach an Ardoideachais |
| EIS | Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair |
| ELE | Oideachas Mhúineadh an Bhéarla |
| EMT | Foireann Ardbhainistíochta |
| ENAI | An Líonra Eorpach um Ionracas Acadúil |
| ENIC | Líonra Eorpach na nIonad Faisnéise |
| ENQA | An Cumann Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas et al |
| EQAR | Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas |
| EQAF | An Fóram Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta |
| EQF | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| EQF-AG | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí – Grúpa Comhairleach |
| EQF NCP | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí – Pointe Náisiunta Comhordaithe |
| EQPR | Pas Cáiliochtaí Eorpach do Dhídeanaithe |
| ERF | Cónaidhm Fostaíochta agus Earcaíochta |
| ESG | Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha |
| ESU | Aontas Eorpach na Mac Léinn |
| ETBI/Boo | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| ETINED | Eitic, Trédhearcacht agus Ionracas san Oideachas |
| FBM | Cuideachta na Bliana |
| FCL | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |
| FE/BO | Breisoideachas |
| DBS | Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath |
| DC | Dearbhú Cáilochta |
| EAR | Limistéar Eorpach an Aitheantais |
| EEA | Limistéar Eorpach an Oideachais |

| | |
|---|---|
| FET/BOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| FSS | Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| GAIN | An Líonra Domhanda um Ionraiceas Acadúil |
| GAMAI | Dearbhaithe Rialachais le haghaidh Ionracas Acadúil |
| GCD | Coláiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath |
| GDPR | An Rialchán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| GenAI | Intleacht Shaorga Ghiniúnach |
| GTEC | Ghana Tertiary Education Commission |
| HCI | Tionscnamh um Chaipiteal Daonna |
| HET/AO | Ardoideachas agus Oiliúint |
| HIQA | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| HR/AD | Human Resources/Acmhainní Daonna |
| IAO | Institiúid Ardoideachais |
| ICAI | An tIonad Idirnáisiúnta um Ionracas Acadúil |
| ICT/TEC | Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide |
| IEM | An Marc Idirnáisiúnta Oideachais |
| IGC | Institiúid na nGairmchomhairleoirí |
| ImpEA | An Cur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach a chur chun feidhme |
| IQG | Rialachas Faisnéise agus Cáilíochta |
| IQQF | Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann |
| IRQ | Clár Cáilíochtaí na hÉireann |
| IS | Intleacht Shaorga |
| ISSCoP | Cód Cleachtais Chóras Staitistiúil na hÉireann |
| IUA | Cumann Ollscoileanna na hÉireann |
| LABs | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |
| LCETB | Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir |
| LEE | Limistéar Eorpach Oideachais |
| MoU/MT | Meabhráin Tuisceana |
| MQA | Malaysian Qualifications Agency |
| MT/SA | Comhaontú reachtúil |
| MTU | Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan |
| NAIN | An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil |
| NARIC | An tIonad Náisiúnta um Faisnéis ar Aithint Acadúil |
| NAO | Oifig Náisiúnta na bPrintíseachtaí |





| | |
|---|---|
| NCI | Coláiste Náisiúnta na hÉireann |
| NEC | An tIonad Náisiúnta Europass |
| NFDE | An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta |
| NFQ/CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NQAI | Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann |
| NUFFIC | Netherlands Universities Foundation for International Cooperation |
| NStEP | An Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn |
| NTO | An Oifig Náisiúnta Treasach |
| OECD | Eagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OGCIO | Oifig Príomhoifigeach Eolais an Rialtais |
| PAEC | Coiste Feidhmiucháin na gClár agus na nDámhachtainí |
| PAOC | Coiste Maorseachta na gClár agus na nDámhachtainí |
| PDA | Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta |
| PEL | Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe |
| PI | Próifíl Institiúideach |
| PSC/CBC | An Coiste um Beartais agus Chaighdeáin |
| PSRB | Forais Ghairmiúla, Reachtúla & Rialálas |
| QA/DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QAA | Quality Assurance Agency |
| QDM | Cruinniú Idirphlé Cáilíochta |
| QDR | Clár na dTacar Sonraí Cáilíochta |
| QILO | Faisnéis Cháilíochtaí agus Deiseanna Foghlama |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| REAL | Fíor-Scrúdú ar an Measúnú agus ar an bhFoghlaim |
| RoPA | Taifid de Ghníomhaíochtaí Próiseála |
| RPL | Aithint d'Fhoghlaim Roimh Ré |
| SAR | Tuarascáil Féinmheasúnaithe |
| SATLE | Comhaontú Straitéiseach um Breisiú an Teagaisc agus na Foghlama |
| SER | Tuarascáil Féinmheastóireachta |
| SETU | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| SOC | An tIonad Oibríochtaí Slándála |
| SIEM | Faisnéis Slándála agus Bainistíocht Imeachtaí |
| SQAR | Athbhreithnithe Dearbhaithe Cáilíochta Mac Léinn |
| TAICEP | Association for International Credential Evaluation Professionals |

Dearbhú Cáilíochta
agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and
Qualifications Ireland

+353 (0) 1 905 8100
http://qhelp.qqi.ie
www.QQI.ie
@QQI_connect